TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA ROINNE OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA 2015

Comhlíon, leis an bhfoghlaim, gach gealladh atá fút

Arna foilsiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1
© An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016

Clár

Réamhrá an Aire i

Ráiteas ón Ard-Rúnaí ..... Error! Bookmark not defined.

1 Athbhreithniú ar an mBliain 1
1.1 Oideachas Luathbhlianta 1
1.2 Athchóiriú sna Scoileanna 1
1.2.1 An Curaclam ar Leibhéal na Bunscoile 1
1.2.2 An Curaclam ar Leibhéal na hIar-Bhunscoile 1
1.2.3 Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí 1
1.2.4 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) sna Scoileanna 1
1.3 Cuimsitheacht agus Folláine na Scoláirí a chur chun cinn sna Scoileanna 1
1.4 Cigireacht agus Dearbhú Cáilíochta sna Scoileanna 2
1.5 An Clár Tógála 2
1.6 Pátrúnacht Scoile 2
1.7 Iompar Scoile 2
1.8 An Lár-Oifig Iontrála (CAO) 2
1.9 Plean Náisiúnta nua um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas 2
1.10 Uathrialachas na Scoileanna 3
1.11 Párollaí – Foireann scoile ar seirbhís agus foireann scoile ar scor 3
1.12 Pinsin Múinteoirí 3
1.13 Líon an gCúntóirí Riachtanas Speisialta a Mhéadú 3
1.14 Oideachas Múinteoirí 4
1.15 An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú) 2015 – Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do Mhúinteoirí agus Oiriúnacht don Mhúinteoireacht 4
1.16 An Bille Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 4
1.17 4
1.18 Acht na nOllscoileanna (Leasú) 4
1.19 Leathnú an Chórais Phrintíseachtaí 4
1.20 Springboard 4
1.21 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 4

2 Faisnéis agus Sonraí Ginearálta Corparáideacha 5
2.1 Ár Misean 5
2.2 Ár bhFís 5
2.3 Ár Luachanna 5
2.4 Ár gCur Chuige 6

3 Ár Spriocanna 6
3.1 Ag tacú leis an bPróiseas Parlaiminte i 2015 7
3.2 Seirbhísí Faisnéise 7
3.3 An Clár Cigireachta Bliantúil i Scoileanna agus Ionaid Oideachais 7
3.4 Tábla na bPrasíocaíochtaí i 2015 8

Foinse: Achoimre ar thuarascálacha Ráithe in 2015 don Roinn de bhun Cinneadh Rialtais 9

Uimh.S29296 den 19 Bealtaine 2009 9

Dul chun cinn ar ár Spriocanna Ardleibhéil i 2015 9

4 Sprioc 1 – An Fhoghlaim ar feadh an tSaoil 9
4.1 Tacú le Córas Oideachais Luathbhlianta Ardcháilíochta 9
4.2 Curaclam agus Measúnú sna Scoileanna 9
4.3 Athchóiriú Curaclaim ar Leibhéal na Bunscoile 9
4.3.1 Curaclam comhtháite teagna (Gaeilge agus Béarla) do chéad cheithre bliana na bunscoile 9
4.3.2 Curaclam nua mata bunscoile do chéad cheithre bliana na bunscoile 9
4.4 Ár gcuid Scileanna Litearthachta agus Uimhearthachta a fheabhsú 9
4.5 Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge 10
4.6 Measúnachtaí Náisiúnta 11
4.6.1 Treochtaí 11
4.7 Sonraí ó thrialacha caighdeánaithe ó na bunscoileanna 11

4.8 Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta 11
4.9 An tAistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil 12
4.10 Forbairt Curaclaim ag Leibhéal na hIar-bhunscoile 12
4.10.1 Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach 12
4.10.2 An Mhatamaitic 12
4.10.3 An Straitéis um Theangacha Iasachta Nua san Oideachas 12
4.10.4 Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí 12
4.10.5 Tionscadal Fhóilió AE 13
4.11 An Foras Taighde ar Oideachas 13
4.12 An Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) 13
4.13 Staidéar ar Threochtaí Idirnáisiúnta sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht (TIMSS) 13
4.14 Ag tacú le Próiseas na Scrúduithe 14
4.15 Oideachas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe 14
4.16 Suirbhé ar Scileanna Saoil 14
4.17 An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (An NCGE) 14
4.18 Giniúint an Cheoil 14
4.19 Fiontraíocht san Oideachas 15
4.20 Deich mBliana na gCothrom Céad Bliain 1916/2016 15
4.21 Cairt na nEalaíon san Oideachasr 15
4.22 An Scéim Iompair Scoile 15
4.23 Dul chun cinn ar Athchóiriú na hEarnála Breisoideachais agus Oiliúna i 2015 16
4.24 An Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna 2014-2019 16
4.25 Athchóiriú ar an gCóras Printíseachta 16
4.26 Caidreamh le Fostóirí agus geallsealbhóirí ábhartha eile 17
4.27 An Straitéis Náisiúnta Scileanna 17
4.28 Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF) 17
4.29 An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF) 18
4.30 An Córas Ardoideachais 18
4.30.1 Nuáil 2020 18
4.30.2 Fóram Teagaisc agus Foghlama 19
4.30.3 Braislí Réigiúnacha 19
4.30.4 Ollscoileanna Teicneolaíochta 20
4.30.5 Bille na nOllscoileanna Teicneolaíochta 20
4.30.6 Trasdulta 20
4.30.7 HEInnovate 20
4.31 Springboard+ 20
4.31.1 Plean Gníomhaíochta Scileanna TFC 21

5 Sprioc 2 – Feabhas a chur ar an gCaighdeán agus ar an gCuntasacht 21
5.1 Creat Cáilíochta Síolta 21
5.2 Cigireacht agus Dearbhú Cáilíochta sna Scoileanna 22
5.3 Féinmheastóireacht Scoile 22
5.4 Forbairt Múnlaí Cigireachta Nua Feabhsaithe 22
5.5 Beartas agus Athchóiriú Curaclaim 23
5.6 Oideachas Gaeltachta 23
5.7 Athbhreithniú ar Dhíolúintí ón nGaeilge 23
5.8 Uathrialachas Scoileanna 23
5.9 Cinnireacht 23
5.10 Oideachas Múinteoirí 24
5.11 Cláir Oiliúna Tosaigh Múinteoirí - Lárionaid Feabhais d'Oideachas Múinteoirí 24
5.12 Soláthar Múinteoirí 24
5.13 Leithdháiltí Múinteoirí i 2015 24
5.14 An Bille um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú) 25
5.15 Déileáil le Drochúsáid Roimhe Seo 25
5.16 Comhar Thuaidh-Theas 26
5.17 An Cód Cleachtais maidir leis an Marc Idirnáisiúnta Oideachais 27
5.17.1 Liosta Eatramhach na Soláthraithe Incháilithe 27
5.18 Straitéis chun Idirnáisiúnú Sheirbhísí Oideachais na hÉireann a Bhreisiú 27
5.19 Erasmus+ 28
5.20 Grúpa Saineolaithe Cistiúcháin 28

5.21 Suirbhé Náisiúnta ar Fhostóirí agus Suirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht Mac Léinn 29
5.22 An Creat Feidhmíochta Ardoideachais 29
5.23 Ceapacháin ar Bhoird na nInstitiúidí Ardoideachais 29

6 Sprioc 3 – Tacú leis an gCuimsiú agus an Éagsúlacht 29
6.1 Cuimsiú i Suíomhanna Luathbhlianta 30
6.2 Grúpa Stiúrtha ar Athchóiriú an Athraithe 30
6.3 Cothromas Rochtana ar an Ardoideachas 30
6.4 Plean Náisiúnta nua um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas 31
6.5 Deontais do Mhic Léinn 31
6.6 Bord Achomharc Dheontais do Mhic Léinn 31
6.7 Scoláireachtaí 31
6.8 Scéim Phíolótach Tacaíochta 31
6.9 Cuimsitheacht sna Scoileanna a Chur chun cinn 32
6.9.1 Plean Gníomhaíochta um Fhrithbhulaíocht agus Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta a Fhorbairt 32
6.9.2 Féinmharú a Chosc 32
6.9.3 Saincheisteanna Tras-inscne sna Scoileanna 32
6.9.4 Seachtain na Scoileanna Gníomhacha 32
6.10 Próisis Iontrála Scoile 32
6.10.1 An Bille Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 32
6.10.2 Cairt do Thuismitheoirí agus Mic Léinn 32
6.10.3 Achomhairc faoi Alt 29 33
6.11 Fócas ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas in Earnáil na mBunscoileanna 33
6.11.1 Próiseas Pátrúnachta do Scoileanna Nua 33
6.12 Ceisteanna Tras-Rannacha 33
6.13 Clár DEIS (Cothromaíocht Deiseanna sna Scoileanna a Sholáthar) 33
6.13.1 Idirchaidreamh idir an Baile, an Scoil agus an Pobal agus an Clár Críochnaithe Scoile 34
6.13.2 Meastóireacht ar DEIS 34
6.13.3 Meastóireacht na Cigireachta ar DEIS 34
6.13.4 Tuarascáil Chomhdhlúite ESRI - Foghlaim ó DEIS 34
6.14 Freastal ar Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 35
6.15 Samhail Nua Chigireachta 35
6.16 Tacaíochtaí Spriocdhírithe do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu. 35
6.17 An Scéim Teagasc Baile 35
6.18 Clár Teagaisc Mhí Iúil 36
6.19 Leithdháiltí Teagaisc Acmhainne 36
6.20 Líon an gCúntóirí Riachtanas Speisialta a Mhéadú 36
6.21 Oiliúint Múinteoirí 36
6.22 Múinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta 36
6.23 Tionscadal Middletown don Uathachas 36
6.24 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) 37
6.24.1 Táscairí 2015 37

7 Sprioc 4 – Na Córais agus an Bonneagar Ceart a Thógáil 38
7.1 An Clár Tógála agus Cóiríochta i 2015 38
7.2 Modheolaíochtaí Difriúla a úsáid chun Mórthionscadail a Thógáil 38
7.3 Tionscadail Ardoideachais a Thabhairt chun críche 39
7.4 Córais um Bhainistiú Airgeadais, Iniúchadh, Breithmheas agus Bainistiú Sócmhainní a fheabhsú 39
7.5 Meabhrán Tuisceana le hÚdaráis Áitiúla 39
7.6 Faisnéis Tionscadail a Fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na Roinne 39
7.7 Córas Iarratais Ar Líne do Scéim na nOibreacha Samhraidh 39
7.8 Bainistíocht Fuinnimh sna Scoileanna 39
7.9 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) sna Scoileanna 40
7.9.1 Nascacht TFC i mBoird Oideachais agus Oiliúna feabhsaithe trí nascadh le Líonraí Rialtais 40
7.9.2 Straitéis Dhigiteach do na Scoileanna 40
7.9.3 Leathanbhanda sna Scoileanna 41
7.10 Taighde agus Airgeadas Ardoideachais 41
7.11 Ceannteidil Bille an Bhille um Rialachas Ardoideachais 41
7.12 Acht na nOllscoileanna (Leasú) 41

7.13 Ár dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a Fheabhsú 41
7.13.1 Straitéis TFC 2015-2019 41
7.13.2 Bunachar Sonraí Bunscoile ar Líne a Fhorbairt (POD) 42
7.13.3 Tuilleadh Forbartha ar Bhunachar Sonraí Iar-bhunscoile ar Líne (PPOD) 42
7.13.4 Uasghrásuithe TFC Inmheánacha na Roinne 42
7.13.5 Párollaí Fostaithe Scoile 42
7.13.6 Achomhairc maidir le Deontais do Mhic Léinn 42
7.13.7 An Córas Faisnéise um Bainistíocht Cigireachtaí 42
7.14 Bainistíochta Sonraí agus Eolais 42
7.15 Caiteachas na Roinne i 2015 43
7.16 Monatóireacht ar ár gCórais agus ár bPróisis 43
7.17 Acmhainní Daonna 43
7.17.1 Earcú 44
7.17.2 Oiliúint agus Forbairt Foirne 44
7.18 Comhaontú Bhóthar Haddington 44
7.19 Pleanáil Ghnó 44
7.20 Feabhsú an Phróisis Ghnó 44
7.21 Foramharc ar Úsáid Fuinnimh na Roinne i 2016 agus na Gníomhartha atá Beartaithe do 2016 44
Aguisín A – Cairt na hEagraíochta – Nollaig 2015 46
Aguisín B – Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne 48
Aguisín C – Naisc Dhíreacha chuig ár Suíomh Gréasáin 49

Réamhrá an Aire

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú Tuarascáil Bhliantúil na Roinne don bhliain 2015 ina dtugtar cuntas ar an obair shuntasach a rinne an Roinn i gcaitheamh na bliana chun a spriocanna agus a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Ba onóir dom a bheith ceaptha mar Aire Oideachais agus Scileanna i mBealtaine 2016 agus táim ag tnúth leis an dúshlán atá romhainn.

Léirítear sa Tuarascáil seo a leithne atá sainordú na Roinne agus an méid a rinne an Roinn i 2015 chun na hathruithe atá leagtha amach sa chlár oibre athchóirithe uaillmhianach don earnáil oideachais a bhaint amach.

Rinneadh dul chun cinn suntasach chun athchóiriú a dhéanamh ar shuíomhanna oideachais luathbhlianta agus ar na Sraitheanna Sóisearacha agus Sinsearacha, lena n-áirítear trí mheascán d'fhorbairt churaclaim, tús na gcigireachtaí luathbhlianta, agus seoladh Straitéis Dhigiteach sna Scoileanna mar aon le straitéisí chun éagsúlacht agus folláine i measc daltaí a chur chun cinn.

Rinneadh dul chun cinn, leis, ó thaobh socruithe pátrúnachta a dhídhílsiú agus foirgnimh agus cóiríocht scoile a sholáthar i 2015 agus leanfar de thús áite a thabhairt dó sin agus de dhlús a chur leis i Ráiteas Straitéis na Roinne 2016-2018.

Éireoidh linn níos mó a bhaint amach le chéile i 2016. Dírítear, sa Chlár le haghaidh Rialtas Comhpháirtíochta, ar an gcóras oideachais a athrú ó bhonn chun tacú le prionsabail an Chláir ó thaobh geilleagar láidir a fhorbairt mar thaca le sochaí chothrom agus chomhbhách. Díreoimid uair amháin eile ar thús áite ar oideachais luathbhlianta, dul i ngleic le míbhuntáiste, éagsúlacht agus rogha níos mó a thabhairt do thuismitheoirí, feabhas agus nuálaíocht a chur chun cinn sna scoileanna, an chruthaitheacht agus cumas fiontraíochta a chur chun cinn i measc mac léinn, úsáid níos fearr a bhaint as sócmhainní oideachais i bpobail, cur leis an soláthar do riachtanais speisialta oideachais agus riachtanais scile na todhchaí a chomhlíonadh.

Gabhaim buíochas as foireann uile na Roinne agus dóibh siúd ar fad a oibríonn san earnáil oideachais agus oiliúna as an méid a rinne siad i 2015 chun ár gcuspóirí a bhaint amach agus táim ag tnúth le dul i mbun oibre libh sa todhchaí. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Jan O'Sullivan, T.D., an tAire a ghabh romham, as an méid a d'éirigh léi a dhéanamh fad a bhí sí ina hAire Oideachais agus Scileanna.

Richard Bruton, T.D.
An tAire Oideachais agus Scileanna

Ráiteas ón Ard-Rúnaí

Tá áthas orm tuarascáil bhliantúil na Roinne don bhliain 2015 a chur i láthair. Tugann sí deis dúinn go léir ár machnamh a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach againn le bliain anuas.

Aibhsítear sa tuarascáil an dul chun cinn suntasach a rinne an Roinn i 2015 chun clár athraithe agus athchóirithe a chur ar aghaidh chuig gach leibhéal den chóras oideachais i réimsí na Foghlama ar feadh an tSaoil, Cur le Cáilíocht agus Cuntasaíocht, Tacú le Cuimsiú agus Éagsúlacht, agus Na Córais agus an Bonneagar Ceart a Thógáil agus chun tacú le misean an Roinne chun daoine aonair a éascú chun an gealladh ar fad atá fúthu a chomhlíonadh tríd an bhfoghlaim chun gur féidir leo cur le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch na hÉireann.

D'oibrigh an Roinn go crua chun ár gcuid spriocanna a chur chun cinn in 2015 agus clár cuimsitheach athchóirithe á chur chun feidhme againn i gcónaí. Agus sin á dhéanamh againn ghlacamar le cur chuige "córas uile" i leith na pleanála agus na feidhmithe straitéisí ar fud na hearnála oideachais mar is dóigh linn gurb é seo an tslí is éifeachtaí chun athrú a bhfuil brí leis agus na torthaí is fearr do gach duine a bhaint amach.

Tá ról tábhachtach ag an Roinn ó thaobh cinntiú go dtacaíonn oideachas luathbhlianta, a chuirtear ar fáil i réamhscoileanna a mhaoinítear tríd an scéim Chúram agus Oideachais Luath-Óige, agus i réamhscoileanna Tús Luath, le páistí agus iad ag foghlaim trí chreat curaclaim Aistear. Rinneadh forbairtí suntasachta substaintiúla in oideachas luathbhlianta i 2015 a thacóidh le cáilíocht san earnáil.

I gcaitheamh 2015, rinneadh dul chun cinn suntasach ar fhorbairt chreat nua na Sraithe Sóisearaí, agus ar chlár athchóirithe na hArdteistiméireachta a chur ar fáil. Tairgfidh an dá chlár deiseanna saibhre chun eispéireas teagaisc agus foghlama a fheabhsú agus tógáil ar cháilíocht agus ar ghairmiúlacht na múinteoirí.

Trí Straitéis Dhigiteach na Scoileanna a sheoladh i 2015 tógfar ar obair a rinneadh níos luaithe agus cruthófar nasc le straitéisí eile, idir straitéisí curaclaim agus straitéisí eile, lena n-áirítear an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta, an Straitéis Náisiúnta Scileanna agus Creat na Sraithe Sóisearaí. Nascann sé, chomh maith, leis an Straitéis Náisiúnta Digiteach a bhfuil sé de phríomhaidhm aici an nascacht leathanbhanda a fheabhsú.

I 2015 leanadh den tacaíocht d'athchóiriú mór ar an earnáil bhreisoideachais agus oiliúna. San áireamh anseo bhí cur chun feidhme leanúnach na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019 le cinntiú go gcuirtear cláir ardcháilíochta a fáil atá comhtháite, solúbtha, ina luach ar airgead agus freagrúil do riachtanais foghlaimeoirí agus an mhargaidh shaothair.

I 2015, foilsíodh Plean Feidhmiúcháin chun an idirlinn idir an dara leibhéal agus an t-ardoideachas a athchóiriú agus dul chun cinn a dhéanamh i dtaca le roinnt beart athchóirithe ar chóras inimirce na mac léinn. Chuir Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn Éireann (SUSI) tús lena cheathrú bliain oibríochtaí i 2015. Díríodh ar an obair gach bliain chun feabhsú leanúnach a dhéanamh ar an gcóras, go háirithe i dtaca leis na próisis agus na córais atá i bhfeidhm.

I 2015, lean an Roinn de neartú a struchtúr rialachais agus cuntasachta laistigh den Roinn agus san earnáil agus cuireadh tús le staidéar scóipe ar na socruithe rialachais i gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne de réir Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ar deireadh, ba maith liom aitheantas a thabhairt d'obair na foirne san earnáil oideachais le bliain

anuas chun córas cáilíochta oideachais a chur ar fáil dár bhfoghlaimeoirí uile. Is eol dom go maith go bhfuil an fhoireann uile faoi bhrú oibre chun seirbhísí na Roinne a chur ar fáil agus mar sin is údar sásaimh é a nótáil go bhfuil cónaitheoirí Éireannach an-sásta i gcónaí leis an gcóras oideachais, le 83% de scór, arb é an dara scór is airde i measc thíortha uile na hEorpa (Treochtaí na hEarnála Poiblí [Public Sector Trends 2015, IPA]). Is féidir le gach duine díobh a bheith mórtasach as an méid a dhéanann sibh i bhfianaise na difríochta a dhéanann sé dár saoránaigh uile.

Seán Ó Foghlú,
An tArd-Rúnaí

1 Athbhreithniú ar an mBliain

Rinne an Roinn dul chun cinn suntasach leanúnach i mórán dá cuid réimsí tosaíochta in 2015.

1.1 Oideachas Luathbhlianta

I 2015, bhí idirchaidreamh ag an Roinn leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar raon beart, lena n-áirítear samhail chigireachta a fhorbairt don oideachas sna luathbhlianta chun cigireacht a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i suíomhanna luathbhlianta atá rannpháirteach sa Chlár Cúraim agus Oideachais Luath-Óige. I Samhain 2015, ceapadh naonúr cigirí luathbhlianta a bhfuil cáilíochtaí acu in oideachas luath-óige agus rinneadh 22 cheann de chigireachtaí píolótacha idir sin agus deireadh mhí na Nollag 2015. Gheofar tuilleadh faisnéise ar thionscnaimh luathoideachais i bparagraif 4.1, 5.1 agus 6.1.

1.2 Athchóiriú sna Scoileanna

1.2.1 An Curaclam ar Leibhéal na Bunscoile

Ar an leibhéal bunscoile d'oibrigh an Roinn as láimh a chéile leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) i ndáil le hathchóiriú suntasach a chur i ngníomh. Áiríodh air sin curaclam nua teanga (Gaeilge/Béarla) a fhorbairt, a chuirfear chun feidhme ó Mheán Fómhair 2016 ar aghaidh. Ina theannta sin, cuireadh tús leis an obair ar struchtúr iomlán churaclam na bunscoile féin agus ar mhatamaitic bunscoile. Gheofar tuilleadh faisnéise ar fhorbairt curaclaim sa bhunscoil in alt 4.3.

1.2.2 An Curaclam ar Leibhéal na hIar-Bhunscoile

Ar leibhéal na hiar-bhunscoile, leanadh den obair chun sonraíochtaí nua a fhorbairt d'ábhair éagsúla mar chuid d'athchóiriú na Sraithe Sinsearaí. Áiríodh air sin ábhar nua Polaitíochta agus Sochaí do dhaltaí sraithe sinsearaí. Tabharfar an t-ábhar nua isteach faoi Chéim 1, i 41 scoil i Meán Fómhair 2016 agus cuirfear é ar fáil do na scoileanna uile faoi Mheán Fómhair 2018. Sa mheasúnú a dhéanfar an ábhar nua, bronnfar 80% de na marcanna ar an scrúdú deiridh scríofa agus 20% ar thuarascáil ar thionscadal saoránachta. Gheofar tuilleadh faisnéise ar fhorbairt curaclaim san iar-bhunscoil in alt 4.10.

1.2.3 Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí

I gceist sa tSraith Shóisearach tá cur chuige déach i leith an mheasúnaithe, cur chuige a thacaíonn le foghlaim daltaí trí mheasúnú rialta a dhéanamh sa seomra ranga ar thaobh an mhúinteora agus trí scrúdú Stáit ag deireadh na sraithe trí bliana. Foilsíodh Creat na Sraithe Sóisearaí 2015 i mí Dheireadh Fómhair 2015. Ba é an Béarla an chéad ábhar a cuireadh ar fáil. Cuirfear tús i 2016 le measúnachtaí sa seomra ranga. Beidh scrúdú deiridh sa Bhéarla, a eagróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit, ar fáil i Meitheamh 2017.

Leanfar de chlár cuimsitheach gairmiúil forbartha chun tacú leis an tSraith Shóisearach a chur ar fáil i 2015. Áiríodh anseo seimineáir do cheannairí scoile, forbairt leanúnach ghairmiúil do scoil uile, seimineáir ar ábhair ar leith, forbairt leanúnach ghairmiúil faoi cheannas múinteoirí agus cuairteanna scoile. Tá ábhair acmhainní ar fáil, leis.

1.2.4 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) sna Scoileanna

Sheol an Roinn Straitéis Dhigiteach na Scoileanna 2015-2020, An Teagasc, an Fhoghlaim agus an Mheasúnú a Bhreisiú, i mí Dheireadh Fómhair 2015. Gheofar tuilleadh faisnéise ar fhorbairtí i réimse an TFC sna scoileanna i roinn 7.9.

1.3 Cuimsitheacht agus Folláine na Scoláirí a chur chun cinn sna Scoileanna

Thug an Roinn tacaíocht leanúnach chun dul i ngleic le bulaíocht i scoileanna tríd an bPlean Gníomhaíochta um Bhulaíocht a chur i ngníomh go leanúnach. Áiríodh air sin suíomh gréasáin nua frithbhulaíochta náisiúnta www.tacklebullying.ie a chuireann faisnéis, tacaíocht agus comhairle ar

fáil do dhaltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí maidir leis an tslí le hiompar bulaíochta a shainaithint agus díriú air, agus a ligeann do dhéagóirí a gcuid taithí a chomhroinnt ar líne lena gcuid piaraí.

Seoladh na Treoirlínte d'Fholláine sna Bunscoileanna chun Meabhairshláinte a Chur Chun Cinn (**Well-Being in Primary Schools Guidelines for Mental Health Promotion**) i 2015 tar éis próiseas comhairliúcháin idir an Roinn Oideachais agus Scileanna, Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tugann na Treoirlínte treoir phraiticiúil ar an tslí ar féidir le bunscoileanna an mheabhairshláinte agus an fholláine a chur chun cinn ar shlí scoile uile agus tógáil ar an dea-chleachtas atá ann cheana.

I nDeireadh Fómhair 2015, d'óstáil an Roinn plé comhstádais idir na comhpháirtithe oideachais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a oibríonn le daoine óga tras-inscne i gcomhar leis an Aire Stáit Fostaíochta, Pobail agus Tacaíochta Sóisialta.

Ina theannta sin, sheol an Roinn, i gcomhar leis an Roinn Sláinte Leanaí, roinnt tionscnamh chun folláine a chur chun cinn i measc daoine óga, lena n-áirítear an tríú suirbhé scoile ar *Scileanna Saoil* agus *Seachtain na Scoileanna Gníomhacha* 2015 a bhí le heagrú i ngach scoil, idir bhunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus ionaid Ógtheagmhála.

1.4 Cigireacht agus Dearbhú Cáilíochta sna Scoileanna

Rinneadh 4,550 cigireacht nó cuairt chomhairleach ar scoileanna i 2015. Forbraíodh i 2015 raon uirlisí chun tacú le dearbhú cáilíocht a cuid cigireachtaí agus chun an tseirbhís do chustaiméirí a fheabhsú.

1.5 An Clár Tógála

Caitheadh €506.5m i 2015 ar bhonneagar scoile. Ar thorthaí na hinfheistíochta seo bhí 50 tionscadal ar an mórchóir a tugadh chun críche, 33 díobh in earnáil na bunscoile agus 17 in earnáil na hiar-bhunscoile. Cuireadh 7,672 áit bhuan scoile ar fáil, arbh áiteanna breise iad 6,048, in 20 bunscoil nua agus 2,100 áit bhuan bhreise i 13 bhunscoil a bhí ann cheana.

1.6 Pátrúnacht Scoile

Osclaíodh seacht gcinn de scoileanna nua i 2015 chun áiteanna breise scoile a sholáthar chun freastal a dhéanamh ar an méadú leanúnach i rollacháin bhunscoile agus iar-bhunscoile. Bhí an próiseas chun socruithe pátrúnachta a dhídhílsiú á chur ar aghaidh i gcónaí ag an Roinn i 2015; osclaíodh trí cinn de bhunscoileanna nua faoin bpróiseas seo i Meán Fómhair 2015.

1.7 Iompar Scoile

Iompraíodh 113,000 páiste, agus 10,000 páiste a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ina measc, ar scoil go slán sábháilte i scoilbhliain 2014/15. Rinneadh 42 mhilliún turas, ar 82 km de bhóithre, ar 6,546 de bhealaí i 2015. Fuair breis is 2,000 teaghlach €21 mhilliún in íocaíochtaí deontais i 2015. Ba é €173 mhilliún costas na seirbhíse.

1.8 An Lár-Oifig Iontrála (CAO)

I 2015, sheol an Roinn athchóiriú ar ghráid na hArdteistiméireachta agus ar phointí na Lár-Oifige Iontrála, agus úsáidfear an córas nua le haghaidh iontráil san ardoideachas ó 2017 ar aghaidh. Is iad na príomhathruithe: laghdú i líon na ngrád ó 14 go 8; tograí maidir le comhscála pointí chun dul isteach san ardoideachas, agus anailís ar a intuartha atá ceisteanna scrúdaithe san Ardteistiméireacht.

1.9 Plean Náisiúnta nua um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas

Seoladh an tríú Plean Náisiúnta nua um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas (2015–2019) i mí na Nollag 2015. Is é an tÚdarás um Ardoideachas a d'fhorbairt an plean seo i gcomhpháirtíocht

leis an Roinn. Ba é an cur chuige sa phlean sonraí maidir le rochtain agus rannpháirtíocht a bhailiú agus a anailísiú, agus dul i gcomhairle go forleathan le geallsealbhóirí san ardoideachas agus sa phobal i gcoitinne.

Tá os cionn 30 gníomh sa phlean, lena n-áirítear meastóireacht ar na bearta rochtana atá ann cheana, ar nós Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn agus an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas. grúpa a bhunú chun moltaí a dhéanamh a dhíreodh ar an bhfadhb maidir le mic léinn tríú leibhéal a choimeád, teagmháil dhíreach le pobail, tuismitheoirí agus mic léinn i gceantair faoi mhíbhuntáiste chun buntáistí an ardoideachais a chur chun cinn agus bearta a cheapadh chun gur féidir le tuilleadh mac léinn ó ghrúpaí faoi ghann-ionadaíocht dul faoi oiliúint mar mhúinteoirí.

Tá roinnt príomhspriocanna sa phlean nua, leis, chun rannpháirtíocht san ardoideachas a mhéadú i measc grúpaí atá faoi ghann-íonadaíocht faoi láthair, lena n-áirítear mic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, Taistealaithe, mic léinn faoi mhíchumas agus mic léinn lánaibí.

1.10 Uathrialachas na Scoileanna

I mí na Nollag 2015 foilsíodh páipéar taighde ar an tslí le huathrialacha scoile a chur chun cinn in Éirinn. Ag gabháil leis bhí páipéar comhairliúcháin, ina raibh sraith príomhcheisteanna ag éirí as an bpáipéar taighde agus ina iarradh aighneachtaí ar na saincheisteanna seo ó chomhpháirtithe oideachais, d'fhonn díospóireacht bheartais ar an tsaincheist seo a chur chun cinn.

1.11 Párollaí – Foireann scoile ar seirbhís agus foireann scoile ar scor

Bainistíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna na párollaí aonair is mó sa Stát.
Tá na párollaí eisceachtúil sa mhéid is go ndéantar suas le 11,000 íocaíocht le foireann ionadach, a fhágann go mbíonn suas le 11,000 duine ag teacht isteach sa phárolla agus á fhágáil i ngach ciogal párolla. Lena chois sin, ní mór ceann a thógáil de chineál an chonartha (ócáideach, neamhócáideach, téarma seasta, conradh d'fhad éiginnte, buan) chun na rátaí cearta íocaíocht a chur i bhfeidhm agus ní mór sonraí na fostaíochta a choimeád chun creidiúint bhreisíoch a ríomh nuair is gá. Iontrálann na scoileanna neamhláithreachtaí agus maímh ó ionadaithe trí chórais ar líne na Roinne agus aistrítear an fhaisnéis chuig na párollaí lena próiseáil. Gach coicís a íoctar an fhoireann teagaisc, neamhtheagaisc, teagaisc ar scor agus neamhtheagaisc ar scor.

Rinne an roinn párolla tuairim is 2.4 milliún íocaíocht i 2015 le bunmhúinteoirí agus iar-bhunmhúinteoirí, foireann neamhtheagaisc lena n-áirítear cúntóir riachtanas speisialta, foireann teagaisc agus neamhtheagaisc ar scor agus foireann ócáideach agus neamhócáideach. Ba é €4.4 billiún an caiteachas bliantúil.

1.12 Pinsin Múinteoirí

I 2015, phróiseáil an Roinn breis is 1,300 iarratas ar scor do mhúinteoirí agus do bhaill foirne neamhtheagaisc san earnáil oideachais. B'fhiú timpeall €106 mhilliún na cnapshuimeanna aice a próiseáladh don fhoireann ar scor seo agus íoctar a n-íocaíochtaí leanúnacha pinsin trí phárolla múinteoirí ar scor na Roinne. Lena chois sin, chuir an Roinn ráiteas ar shochair ar fáil do 2,000 bhall scéime nó mar sin mar aon le déileáil le cásanna dlí teaghlaigh. Rinneadh Samhaltóir Pinsin beo de Shamhaltóir Pinsin na Roinne i 2015.

1.13 Líon an gCúntóirí Riachtanas Speisialta a Mhéadú

In Iúil 2015 cuireadh 610 post breise mar Chúntóirí Riachtanas Speisialta ar fáil don Chomhairle d'Oideachas Speisialta le leithdháileadh ar na scoileanna i scoilbhliain 2015/16, rud a thug líon na bpost sin atá ar fáil le leithdháileadh go 11,940 post. Mar chuid de Bhuiséad 2016, fógraíodh méadú de 100 post eile chun freastal ar an éileamh breise a tháinig chun cinn idir Eanáir agus Meitheamh 2016, rud a thug líon iomlán na bpost do chúntóirí riachtanas speisialta le leithdháileadh i scoilbhliain 2015/16 go 12.040. Is ionann sin agus méadú de 14% nach mór ar líon

na bpost (10,575) a bhí ar fáil i 2011.5.

1.14 Oideachas Múinteoirí

I 2015, chuir an tSeirbhís Tacaíachta d'Oideachas Speisialta 19,084 áit ar fáil d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do mhúinteoirí páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cuireadh 338 áit ar fáil ar chláir Tacaíochta Foghlama agus Oideachais Speisialta i gcoláistí.

1.15 An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú) 2015 – Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do Mhúinteoirí agus Oiriúnacht don Mhúinteoireacht

In Eanáir 2015 cheadaigh an Rialtas fhoilsiú an Bhille um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú). Achtaíodh an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú) 2015 i mí Iúil 2015. Is é cuspóir an Achta tacaíocht a thabhairt do ról lárnach na Comhairle Múinteoireachta sna socruithe grinnfhiosrúcháin do mhúinteoirí agus a cheadú don Chomhairle Múinteoireachta forálacha i dtaobh oiriúnachta don mhúinteoireacht a chur i bhfeidhm, ar bhonn reachtúil.

1.16 An Bille Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna)

Foilsíodh an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) an 8 Aibreán 2015.

1.17 Acht na nOllscoileanna (Leasú)

Leanadh i 2015 den obair ar fhoilsiú Acht na nOllscoileanna (Leasú), le cinntiú go gcomhlíonfar treoirlínte an rialtais maidir le luach saothair, liúntais, pinsin agus líon foirne san earnáil ollscoile, le cúnamh ó oifig an Ard-Aighne.

1.18 Leathnú an Chórais Phrintíseachtaí

Tar éis gairm ar phrintíseachtaí nua ón gComhairle Phrintíseachta, fuarthas os cionn 80 togra, agus sannadh stádas Chatagóir 1 do 25 díobh, a chiallaigh go bhfuil siad inbhuanaithe agus ag ardchéim dearaidh agus aontaíodh iad a fhorbairt ina gcláir nua phrintíseachta. Baineann na cláir nua seo leis an obair leanúnach atá ar bun le cinntiú go mbíonn an córas in ann freastal ar riachtanais eacnamaíocha agus fostaíochta.

Dírítear sna cláir nua ar raon leathan scileanna agus earnálacha, lena n-áirítear Déantúsaíocht agus Innealtóireacht, Turasóireacht agus Spóirt, Seirbhísí Airgeadais, Teicneolaíocht Faisnéise, Dáileadh agus Lóistíocht Iompair, agus Riarachán agus Bainistíocht Gnó. Maireann siad ó dhá bhliain go ceithre bliana, agus cuirfear ar fáil iad ar Leibhéil 5 go 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Meastar go mbeidh roinnt clár ar fáil le clárú iontu i 2016.

Gheofar tuilleadh faisnéise ar fhorbairtí i réimse an TFC sna scoileanna i ranna 4.23-4.29.

1.19 Springboard

I 2015, rinneadh an clár Springboard, a bhí á chómhaoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa, a athbhrandáil mar Springboard+ chun Cúrsaí Tiontaithe TFC a chorprú ann faoin bPlean Gníomhaíochta Scileanna TFC. Seoladh Springboard+ i mBealtaine agus rinneadh soláthar ann le haghaidh 9.000 áit ar 285 chúrsa i 42 cinn de choláistí ar fud na hÉireann i mbliain acadúil 2015/16, an soláthar ba mhó riamh faoin gclár. Sna cláir a ceadaíodh lena maoiniú, díríodh ar réimsí ar nós TFC, déantúsaíocht ardleibhéil, seirbhísí idirnáisiúnta airgeadais, scileanna chun dul i mbun trádála go hidirnáisiúnta agus scileanna fiontraíochta/tosaithe gnó.

Gheofar tuilleadh faisnéise ar fhorbairtí i réimse an TFC sna scoileanna i ranna 4.30-4.31.

1.20 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

In 2015 ba tríd an bPlean um Sheachadadh Athchóirithe Chomhtháite (IRDP) 2014 de chuid na Roinne, an Plean um Sheirbhís Chomhroinnte agus an Plean um Sheachadadh Seirbhíse Seachtraí

(ESD) 2014 - 2016 a rinne an Roinn an clár oibre um athchóiriú ar fud na hearnála oideachais agus oiliúna a bhainistiú agus a chur i ngníomh. Go déanach i 2015, athbhreithníodh an IRDP agus forbraíodh dréacht den IRDP 2016.

Chuir an Roinn forbairt struchtúir láidre rialachais chun cinn mar aon le húsáid struchtúir bainistithe chláir agus tionscadail agus modheolaíochtaí ar fud na Roinne agus na hearnála.

Leabaíodh na socruithe rialachais le haghaidh tionscnamh athchóirithe tuilleadh i gcaitheamh 2015 trí iarrachtaí gníomhacha an Bhoird Athchóirithe Oideachais agus Oiliúna, an Bord Cláir Ardoideachais agus Bord Cláir ETB/SOLAS.

Is i 2015 rinne an Roinn dul chun cinn ó thaobh an Plean um Sheirbhís Chomhroinnte 2014-2016 a chur i ngníomh, le ceadú an Cás Gnó um Airgeadas agus tá an tionscadal seo mar aon leis an tionscadail um sheirbhísí párolla comhroinnte le haghaidh na hearnála ETB/SOLAS imithe ar aghaidh go dtí céim an dearaidh agus céim an fheidhmithe. Tugadh an Cás Gnó le haghaidh Seirbhís Párolla Chomhroinnte Ardoideachais chun críche i 2015 agus tá sé á thabhairt ar aghaidh trí na cainéil chuí rialachais.

Forbairt shuntasach eile i Seirbhísí Comhroinnte i 2015 ab ea aistriú Párolla Foirne na Roinne agus a fheidhmeanna T&S chuig Ionad Seirbhísí Párolla Comhroinnte Státseirbhíse faoi bhainistíocht na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. Ina theannta sin, bhí an Roinn páirteach go gníomhach i 2015 i dtionscadal an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais D/PER trína n-aistreofar gach Roinn agus comhlacht earnála poiblí chuig ionad seirbhísí comhroinnte airgeadais i dtréimhse trí bliana ó 2017.

Bhunaigh an Roinn an Líonra Soláthair Oideachais i 2015 chun comhordú a dhéanamh ar sholáthar ar fud na hearnála, agus tacú le ról na Seirbhíse Soláthair Oideachais, seirbhís atá ag fás, mol ainmnithe na hearnála, agus Aonad Soláthair na Scoileanna.

2 Faisnéis agus Sonraí Ginearálta Corparáideacha

Sa chuid seo den Tuarascáil tugtar sonraí corparáide ginearálta. Tá sonraí maidir le tionscnaimh ar leith ar fáil ó mhíreanna 4.1 go 7.21 den Tuarascáil. Tá staitisticí tábhachtacha oideachais ar fáil ar leathanach na staitisticí de shuíomh gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas: www.education.ie/en/Publications/Statistics/

2.1 Ár Misean

A chur ar chumas daoine tríd an bhfoghlaim a lánacmhainneacht a chomhlíonadh le gur féidir leo cur le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch na hÉireann.

2.2 Ár bhFís

Córas oideachais agus oiliúna a aithnítear go hidirnáisiúnta, bunaithe ar bheartais a bhfuil bonn fianaise leo agus a cheaptar le riachtanais foghlaimeoirí, na sochaí agus an gheilleagair, a bhíonn ag athrú, a thuar gus freagairt dá réir.

2.3 Ár Luachanna

- Cuirimid luach ar an bh**foghlaim** mar leas pobail agus aithnímid a ról i bhforbairt, comhtháthú agus folláine

sochaí

- Cuirimid luach ar ár bh**foghlaimeoirí** uile agus ar a n-ionad i gceartlár na forbartha beartas
- Cuirimid luach ar an g**caidreamh** agus ar obair i gcomhpháirt laistigh d'earnáil an oideachais agus leis an bpobal i gcoitinne
- Cuirimid luach ar **cháilíocht** agus táimid tiomanta do phrionsabal an fheabhsúcháin leanúnaigh agus a bheith oscailte do smaointe, dúshláin agus díospóireacht sheachtrach
- Táimid tiomanta d'fheidhmiú phlean **athnuachana** na státseirbhíse agus phlean **athchóirithe** na hearnála poiblí

2.4 Ár gCur Chuige

Glacaimid cur chuige "córais uile" i leith pleanála straitéisí agus cur i ngníomh ar fud na hearnála oideachais agus oiliúna. Cuireann an cur chuige "i gcomhar" ar ár gcumas clár fairsing athchóirithe a phleanáil agus a chur i ngníomh agus tacú le hoibriú ár gcóras oideachais agus oiliúna agus é a chothú ag an am céanna.

3 Ár Spriocanna

Sprioc 1 – An Fhoghlaim don Saol

Teastaíonn córas oideachais agus oiliúna uainn a thugann an t-eolas agus scileanna do gach foghlaimeoir is gá le bheith iomlán rannpháirteach sa tsochaí agus sa gheilleagar

Sprioc 2 – Feabhas a chur ar an gCaighdeán agus ar an bhFreagracht

Is mian linn riar ar sheachadadh eispéiris oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán do chách agus freagracht as torthaí oideachais a fheabhsú ar fud an chórais

Ár Spriocanna

Sprioc 3 – Ag tacú leis an gCuimsiú

Teastaíonn córas oideachais agus oiliúna uainn a fháiltíonn roimh agus a chuimsíonn ar bhonn bríoch foghlaimeoirí a bhfuil míchumas acu, foghlaimeoirí as pobail/cúlraí atá faoi míbhuntáiste agus iad siúd a bhfuil difríochtaí teanga, cultúrtha agus sóisialta acu

Sprioc 4 – Na córais chearta agus an bonneagar ceart a chur le

Teastaíonn córas nua-aoiseach, solúbtha oideachais agus oiliúna uainn a bhaineann an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil

3.1 Tacú leis an bPróiseas Parlaiminte i 2015

Ag tacú leis an bPróiseas Parlaiminte i 2015
➢ Tugadh freagra ar **3,657** Ceist Parlaiminte
➢ Fuarthas tuairim is **7,330** uiríoll aire nua mar aon le comhfhreagras leanúnach a bhain le comhaid cháis reatha agus gnóthaí dáilcheantair.
➢ Tugadh freagra sa Dáil ar **36** Díospóireacht Saincheiste Tráthúla agus freagraíodh **41** rún Díospóireachta Atráthaithe sa Seanad.

3.2 Seirbhísí Faisnéise

Seirbhísí Faisnéise i 2015
➢ Fuarthas **6168** ríomhphost chuig info@education.gov.ie
➢ D'fhéach **2.18 milliún** cuairteoir ar bhreis is **6.8 milliún** leathanach ar ár suíomh gréasáin www.education.ie.
➢ Bhí an Roinn ag baint úsáide as na meáin shóisialta i gcónaí mar ardán chun cumarsáid a ➢ dhéanamh le luchtanna leasa seachtracha agus tháinig méadú ar líon leantóirí na Roinne ar ➢ Twitter ó bhreis is **14,000** i mí Eanáir 2015 go breis is **20,000** ag deireadh 2015.
➢ Fuarthas **420** iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2015 agus rinneadh **400+** cinneadh faoi ➢ iarratais ar Shaoráil Faisnéise**.**
➢ D'fhoilsigh an Phreasoifig **126** preaseisiúint agus **33** óráid.

3.3

3.4 An Clár Cigireachta Bliantúil i Scoileanna agus Ionaid Oideachais

Rinne an Chigireacht 4,550 cigireacht nó cuairt chomhairleach san iomlán ar scoileanna in 2015 mar a mínítear i dTáblaí 1 go 5 thíos.

Tábla 1: Achoimre ar chigireachtaí agus meastóireachtaí, 2015

Achoimre ar chigireachtaí	2015
Cigireachtaí ar shuíomhanna Luathbhlianta atá rannpháirteach i gclár ECCE (píolótach)	22
Cigireachtaí i mbunscoileanna (cigireachtaí ar obair mhúinteoirí ar promhadh san áireamh)	2751
Cigireachtaí in iarbhunscoileanna agus ionaid oideachais	589
Gníomhaíochtaí eile cigireachta agus meastóireachta	401
Iomlán na gcigireachtaí i scoileanna agus in ionaid oideachais	**3763**
Iomlán na gcuairteanna comhairleacha féinmheastóireachta	787

Tábla 2: Cigireachtaí ar shuíomhanna Luathbhlianta atá rannpháirteach i gclár ECCE 2015

Cigireachtaí dírithe ar Oideachas Luathbhlianta (EYEInna)	2015
EYEInna píolótacha	22
Iomlán na gcuairteanna cigireachta ar shuíomhanna	**22**

Tábla 3: Cigireachtaí agus meatóireachta ar bhunscoileanna, 2015

Gníomhaíocht chigireachta/meastóireachta bunscoile	2015
WSE: Bunscolaíocht	220
Cigireachtaí teagmhasacha	345
Cigireachtaí leantacha	85
Meastóireachtaí DEIS	10
Iomlán na gcuairteanna cigireachta ar scoileanna	**660**
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireachta ar scoileanna	653
Cigireachtaí ar bhunmhúinteoirí nuacháilithe: promhadh múinteoirí (bunscoile) don scoilbhliain 2014/15	**2091**

Tábla 4: Cigireachtaí agus meastóireachta ar iar-bhunscoileanna, 2015

Gníomhaíocht chigireachta/meastóireachta iar-bhunscoile	2015
WSE-MLL (Iar-bhunscoile))	65
Cigireacht ar ábhair	231
Cigireacht ar chláir	31
Meastóireacht ar Ionaid Oideachais (Ógtheagmháil, Ionaid Oideachais do Thaistealaithe Fásta	5
Cigireachtaí teagmhasacha	184
Cigireachtaí leantacha	65
Meastóireacht DEIS	8
Iomlán na gcuairteanna cigireachta ar scoileanna	**589**
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireachta ar scoileanna	134

Tábla 5: Gníomhaíochtaí cigireachta eile, 2015

Cigireachtaí/meastóireacht eile ar sholáthar do scoláirí agus daoine óga	2015
Tuarascálacha measúnachta ar choláistí Gaeilge Gaeltachta (Samhradh/Cáisc) (Coláistí Gaeilge)	32
Meastóireacht ar scoileanna speisialta atá ceangailte le hAonaid Ardtacaíochta, Aonaid Sainchúraim agus Scoileanna Coinneála Leanaí	7
Cigireachtaí a rinneadh maidir le haitheantas scoile	6
Cigireachtaí ar champaí samhraidh litearthachta do leanaí	5
Cigireachtaí ar champaí samhraidh do leanaí	5
Cigireacht ar chúrsaí samhraidh FGL (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) do mhúinteoirí bunscoile	40
Meastóireacht phíolótach curaclaim i mbunscoileanna	24
Meastóireacht phíolótach ar sholathar SEN i mbunscoileanna príomhshrutha	28
Cuairteanna taighde chun soláthar scoileanna d'fholláine scoláirí a thaiscéaladh	27
Meastóireacht ar choláistí Teagaisc	2
Cigireachtaí ar scoileanna Eorpacha	25
Dearbhú cháilíocht an riaracháin in PISA agus TIMMS	200
Iomlán na gníomhaíochta meastóireachta eile	**401**

3.5 Tábla na bPrasíocaíochtaí i 2015

Achoimre ar Phrasíocaíochtaí[1] Eanáir go Nollaig 201015			
Sonraí	**Líon**	**Luach €**	**Céatadán (%) d'iomlán na n-íocaíochtaí (Líon)**
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	11,391	376,243,253.34	89%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh idir 16 lá agus 30 lá	1,158	4,086,588.99	9.05%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh tar éis 30 lá	250	819,580.94	1.95%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh i 2015	**12,799**	**381,249,423.27**	
Iomlán na Sonrasc faoi Dhíospóid i 2015	28	148,554.36	

[1] Íocaíochtaí a dhéantar ar nó roimh dháta dlite na híocaíochta faoi théarmaí conartha scríofa, nó in éagmais conartha scríofa, nó mura sonraítear dáta íocaíochta sa chonradh, laistigh de 45 lá den sonrasc a fháil nó de sheachadadh na n-earraí nó na seirbhísí, cibé acu is déanaí.

Foinse: Achoimre ar thuarascálacha Ráithe in 2015 don Roinn de bhun Cinneadh Rialtais
Uimh. S29296 den 19 Bealtaine 2009

Dul chun cinn ar ár Spriocanna Ardleibhéil i 2015

4 Sprioc 1 – An Fhoghlaim ar feadh an tSaoil

4.1 Tacú le Córas Oideachais Luathbhlianta Ardcháilíochta

Tá ról tábhachtach ag an Roinn ó thaobh cinntiú go dtacaíonn oideachas luathbhlianta, a chuirtear ar fáil i réamhscoileanna a mhaoinítear tríd an scéim Chúram agus Oideachais Luath-Óige, agus i réamhscoileanna Tús Luath, le páistí agus iad ag foghlaim trí chreat curaclaim Aistear. I 2015, d'fhorbair agus sheol an CNCM Treoir Cleachtaidh Aistear/Síolta, uirlis ar líne do chleachtóirí luathbhlianta.

4.2 Curaclam agus Measúnú sna Scoileanna

Le linn 2015 ar fad lean an Roinn dá cuid oibre leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus leis an gCoimisiún Scrúduithe Stáit maidir le forbairt curaclaim agus measúnaithe, agus thug tús áite do chur i ngníomh leanúnach na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, Mata agus Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí.

4.3 Athchóiriú Curaclaim ar Leibhéal na Bunscoile

D'oibrigh an Roinn leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta d'fhonn tús a chur le clár tábhachtach um athchóiriú curaclaim ar leibhéal na bunscoile. Áiríodh air seo tús a chur le curaclam teanga comhtháite do na ranganna idir naíonáin shóisearacha agus rang a dó. Cuireadh tús leis an obair ar an gcuraclam teanga do ranganna 3 go 6. Ina theannta sin, cuireadh tús leis an obair ar struchtúr iomlán churaclam na bunscoile féin agus ar mhatamaitic bunscoile, do ranganna na naíonán sóisearach go rang a dó, i dtús báire.

4.3.1 Curaclam comhtháite teagna (Gaeilge agus Béarla) do chéad cheithre bliana na bunscoile

Luaitear sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta an riachtanas do churaclam nua teanga do na bunscoileanna. Díreofar ann ar fhorbairt na teanga ó bhéal, agus na scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta. Dearadh é go sonrach do leanaí óga sna naíonáin shóisearacha ar aghaidh go dtí rang a dó. Tá tús curtha le clár cuimsitheach forbartha gairmiúla chun tacú le múinteoirí agus iad ag cur an churaclaim nua seo i ngníomh ag súil le hé a chur ar fáil sna scoileanna i Meán Fómhair 2016.

4.3.2 Curaclam nua mata bunscoile do chéad cheithre bliana na bunscoile

Luaitear sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta an riachtanas do churaclam nua teanga do na bunscoileanna. Mar chuid d'fhorbairt an churaclaim nua mata ar leibhéal na bunscoile, bhí sraith cruinnithe fócasghrúpa ag an CNCM. Tá na cruinnithe tugtha chun deiridh anois agus meastar go gcuirfear páipéar cúlra a chuirfidh bonn le hobair an ghrúpa forbartha ar fáil i 2016.

4.4 Ár gcuid Scileanna Litearthachta agus Uimhearthachta a fheabhsú

Is é an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta atá laistiar de chur i ngníomh athchóiriú curaclaim, measúnachta agus cleachtas teagaisc le bheith mar bhonn le heispéireas ardcháilíochta ábhartha don fhoghlaimeoir agus chun breisiú a dhéanamh ar thorthaí foghlama i suíomhanna luathbhlianta, sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna. Baineadh amach

roinnt spriocanna roimh am agus cinneadh athbhreithniú eatramhach ar an straitéis a thabhairt ar aghaidh, athbhreithniú a bhí sceidealta do 2016 i dtús báire.

Aithneofar san athbhreithniú eatramhach treo na straitéise feasta. Áireofar san athbhreithniú comhairliúchán fadréimseach le raon leathan geallsealbhóirí trí cheistneoirí agus cruinnithe. Tá ócáid chruinnithe do gheallsealbhóirí beartaithe d'Eanáir 2016 agus meastar go bhfoilseofar an t-athbhreithniú le linn 2016.

4.5 Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge agus trí mheán na Gaeilge sna scoileanna

Tugtar tús áite, in obair na Roinne do theagasc na Gaeilge, agus don teagasc trí Ghaeilge, in earnálacha na bunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna, go háirithe i gcás na Cigireachta agus an Aonaid um Beartas Curaclaim agus Measúnachta.

Tabharfar an curaclam nua teanga bunscoile isteach ó Mheán Fómhair 2016 i ranganna na naíonán amach go dtí Rang a Dó. Dírítear ann ar theagasc agus ar fhoghlaim an Bhéarla agus na Gaeilge i dteannta a chéile. Déantar foráil ann, leis, do thréimhse thumoideachais sa Ghaeilge sna chéad dá bhliain i nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta. Tá Forbairt Ghairmiúil Leanúnach Spriocdhírithe á cur ar fáil faoi láthair do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí le hiad a réiteach don churaclam nua. Tá an CNCM ag obair faoi láthair ar churaclam teanga bunscoile do na hardranganna. Tá sé le cur i ngníomh ó Mheán Fómhair 2018. Dhá leagan den churaclam teanga bunscoile seo atá ann, ceann do scoileanna Gaeilge agus ceann do scoileanna Béarla.

Ag an tSraith Shóisearach, tá dhá shonraíocht ar leith á n-ullmhú don Ghaeilge. Tar éis dianchomhairliúcháin, cinneadh cloí leis an tsamhail bhunscoile agus dhá shonraíocht ar leith a ullmhú, ceann do scoileanna Gaeilge agus ceann do scoileanna Béarla. Meastar go mbeidh na sonraíochtaí nua á gcur i ngníomh ó Mheán Fómhair 2017.

Ag an tSraith Shinsearach, ó 2012 bhí 40% de na marcanna á mbronnadh san Ardteistiméireacht ar an scrúdú béil. Is méadú é sin ar 25%. Tá an CNCM ag féachaint ar an tionchar a bhí ag an méadú seo.

Lena chois sin, agus mar fhreagra ar Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge 2010-2030, tá Beartas ar Oideachas Gaeltachta á ullmhú ag an Roinn. Déanfaidh an tAire an beartas a chur faoi bhráid an Rialtais agus foilseofar é roimh dheireadh 2016. Teastóidh acmhainní nach beag chun an Beartas Gaeltachta a chur i ngníomh agus tá sé sin á bhreithniú faoi láthair.

Tá críoch á cur le hathbhreithniú ar na 'díolúintí' ón nGaeilge is féidir le scoileanna a thabhairt. Táthar ag súil le tuarascáil go luath.

Cuireadh síneadh bliana le fad an Oideachais Tosaigh do Mhúinteoirí i gcás bunmhúinteoirí agus iar-bhunmhúinteoirí araon. Sa bhunscoil go háirithe, tabharfaidh sé sin am breise do chomhpháirt Ghaeilge an chláir, agus chun am breise a chaitheamh sa Ghaeltacht ag cur lena gcuid líofachta, ní amháin i labhairt na Gaeilge ach i dteagasc na Gaeilge, leis.

Tacaíonn an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí le múinteoirí i gcónaí chun curaclaim Ghaeilge a chur ar fáil ar leibhéil na bunscoile agus na hiar-bhunscoile araon. Dírítear go háirithe ar thacaíocht inscoile agus ar ábhair thacaíochta a sholáthar ar líne. Tá raon imeachtaí forbairt gairmiúla leanúnaí á soláthar, bunaithe ar thosaíochtaí náisiúnta oideachais.

Taighde foilsithe:

Ó Duibhir et al

Review of Education Provision through Minority Languages

Ó Grádaigh, Seán
Soláthar Múinteoirí Ábhar do na hIar-bhunscoileanna LánGhaeilge & Gaeltachta

4.6 Measúnachtaí Náisiúnta

Tá measúnuithe náisiúnta sa léitheoireacht agus sa mhata á ndéanamh ó thús na seachtóidí agus na n-ochtóidí faoi seach. D'fhoilsigh an Roinn tuarascáil feidhmíochta na measúnaithe náisiúnta 2014 i 2015.

4.6.1 Treochtaí

Bhí an fheidhmíocht fhoriomlán sa léitheoireacht agus sa mhata i Ranganna a Dó agus a Sé sna Measúnaithe Náisiúnta 2014 píosa maith níos airde ná sna Measúnaithe Náisiúnta 2009. Cuireadh na Measúnaithe Náisiúnta 2014 i bhfeidhm trí bliana tar éis an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta a thabhairt isteach (2011). Tugadh feabhsúcháin faoi deara san fheidhmíocht:

- sa léitheoireacht i Ranganna a Dó agus Sé, a bhí níos airde de 14 agus 13 pointe scóir, faoi seach.
- sa mhatamaitic i Ranganna a Dó agus Sé, a bhí níos airde de 14 agus 12 pointe scóir, faoi seach.

I measc na bhfeabhsúchán eile bhí laghdú ar líon na ndaltaí tearcfheidhmíochta agus méadú ar chion na ndaltaí a bhain gráid arda amach i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic araon. Is iad na feabhsúcháin seo a tugadh faoi deara idir 2009 agus 2014 na chéad fheabhsúcháin shuntasacha sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic a taifeadadh i measúnuithe náisiúnta i mbreis is tríocha bliain.

4.7 Sonraí ó thrialacha caighdeánaithe ó na bunscoileanna

Trí shonraí ó thrialacha caighdeánaithe a bhailiú agus a anailísiú cuirtear deis mhórluachmhar ar fáil lena éifeachtaí atá trialacha caighdeánaithe a athbhreithniú. Mar aon le sonraí ó mheasúnaithe náisiúnta (timthriall cúig bliana) agus measúnaithe idirnáisiúnta ar nós PIRLanna (timthriall cúig bliana) agus TIMSS (timthriall ceithre bliana), cabhróidh sonraí ó thrialacha caighdeánaithe le scoileanna aonair agus leis an Roinn monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin ghnóthachtála sa litearthacht agus san uimhearthacht. I gcomórtas leis na measúnaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhunaítear ar shampla de scoileanna, cuireann gach bunscoile sonraí ar thrialacha caighdeánaithe ar ais chuig an Roinn.

Tugadh dréacht-thuarascáil ar ardleibhéal ar anailís ar shonraí ó thrialacha caighdeánaithe maidir leis na scoilbhlianta 2011/12 agus 2012/13 chun críche i 2015 agus cuireadh é chuig an Roinn lena bhreithniú agus lena fhoilsiú i 2016. Cuireadh sonraí ó thrialacha caighdeánaithe 2014/2015 ar ais maidir le 3,000 bunscoil. Leis an bhfaisnéis seo, beifear in ann pictiúr náisiúnta na feidhmíochta litearthachta agus uimhearthachta a scrúdú go 2015 agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí ar na huirlisí measúnaithe atá ar fáil.

4.8 Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta

Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011 go 2020 i mí Iúil 2011. Tar éis na Measúnuithe Náisiúnta ar Léamh an Bhéarla agus ar Mhatamaitic a fhoilsiú, cinneadh an tAthbhreithniú Eatramhach ar Litearthacht agus Uimhearthacht a thabhairt ar aghaidh ó 2016 go 2015. Lean an obair ar an athbhreithniú eatramhach seo i 2015.

Rinneadh trialacha caighdeánaithe i Ranganna a Dó, a Ceathair agus Sé don cheathrú bliain as a

cheile i mBealtaine agus i Meitheamh 2016. Cuireadh torthaí comhbhailithe na dtrialacha seo maidir le gach bunscoil ar ais chuig an Roinn lena n-anailísiú.

4.9 An tAistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil

D'fhorbair an CNCM sraith ábhar chun tacú le tuairisciú agus aistriú faisnéise faoi scoláirí ó bhunscoileanna go hiar-bhunscoileanna. Cuireadh na hábhair i láthair faoin mbrat-theideal Education Passport (Pas Oideachais) agus tá siad ar fáil ag www.ncca.ie/transfer.

Ó 2014/2015 ar aghaidh is é an Pas Oideachais an teimpléad a iarrtar ar bhunscoileanna a úsáid agus iad ag tuairisciú do thuismitheoirí agus ag aistriú faisnéis faoi scoláirí go dtí na hiar-bhunscoileanna tar éis a gclárú a bheith deimhnithe.

4.10 Forbairt Curaclaim ag Leibhéal na hIar-bhunscoile

4.10.1 Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach

Leanamar orainn ag gabháil d'fhorbairt na sonraíochtaí d'ábhair Ardteistiméireachta a bhí cheana ann: sna heolaíochtaí, Eacnamaíocht, Ealaín, Corpoideachas, Matamaitic Fheidhmeach agus Eolaíocht Thalmhaíochta. Forbraíodh ábhar nua Ardteistiméireachta dar teideal An Pholaitíocht agus an tSochaí agus beidh sé ar fáil ar bhonn trialach i 40 scoil. Cuireadh tús le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach i 2015 sna scoileanna sin agus iad ag ullmhú chun an t-ábhar nua a chur ar fáil i Meán Fómhair 2016.

4.10.2 An Mhatamaitic

Cuireadh gach ceann de chúig shnáithe Mhata Tionscadail ar fáil sna scoileanna príomhshrutha i Meán Fómhair 2012. I Meitheamh 2015, rinne scoláirí Ardteistiméireachta agus Sraithe Sóisearaí scrúduithe a chlúdaigh an curaclam nua (snáitheanna 1-5). De bhrí gur tugadh isteach siollabas nua Matamaitice Ardteistiméireachta, agus gur chuir an CAO pointí bónais ar fáil, chonacthas méadú suntasach i líon na scoláirí a roghnaigh an páipéar ardleibhéil Matamaitice sna cúig bliana deireanacha. Rinne 27% de chohórt na Matamaitice an páipéar ardleibhéil i 2015, ar aon dul le 2014. Mhéadaigh an rannpháirtíocht sin ó 16% nó mar sin i 2011.

Tugadh feabhsúcháin faoi deara sa Teastas Sóisearach, leis, mar ar roghnaigh 55.3% de scoláirí matamaitice an páipéar ardleibhéil i 2015, i gcomparáid le 45.6% i 2011.

Is iad na spriocrátaí rannpháirtíochta, mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, 30% de rannpháirtíocht san Ardteistiméireacht agus 60% de rannpháirtíocht sa Teastas Sóisearach faoi 2020.

4.10.3 An Straitéis um Theangacha Iasachta Nua san Oideachas

Is é cuspóir na Roinne straitéis teangacha iasachta a fhoilsiú, ina gclúdófar an t-iar-bhunoideachas, an breisoideachas agus oiliúint agus an t-ardoideachas. Tar éis céim chomhairliúcháin, eagraíodh fóram i 2015 mar ar tugadh deis dóibh siúd a raibh aighneachtaí déanta acu a dtuairimí a phlé. Eagraíodh fóram geallsealbhóirí i 2015, leis, chun torthaí na n-aighneachtaí a phlé. Tá an Straitéis um Theangacha Iasachta Nua san Oideachas go maith chun tosaigh agus é le foilsiú i 2016.

4.10.4 Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí

Tugadh sonraíochtaí nua san Eolaíocht agus i Staidéar Gnó chun críche i 2015 agus tá Forbairt Ghairmiúil Leanúnach á cur ar fáil do mhúinteoirí chun taithí a thabhairt dóibh ar na sonraíochtaí nua a thiocfaidh i bhfeidhm i Meán Fómhair 2016. Tá an obair ar shonraíocht na Gaeilge ar siúl i gcónaí.

Lean an idirbheartaíocht maidir le cur i ngníomh na Sraithe Sóisearaí leis na geallsealbhóirí uile, go háirithe ceardchumainn múinteoirí a bhí in éadan gnéithe den athchóiriú, go háirithe na gnéithe a

bhaineann le measúnú sa scoil. I mBealtaine, thángthas ar chomhaontú idir an tAire agus dhá cheann de cheardchumainn na múinteoirí i dtaobh na Sraithe Sóisearaí. Cuireadh soiléiriú breise ar fáil i mí Iúil agus foilsíodh "Creat na Sraithe Sóisearaí" ag deireadh mhí Lúnasa.

Gheofar an fhaisnéis uile ag www.juniorcycle.ie agus ag www.education.ie

4.10.5 Tionscadal Fhóilió an AE

Príomh-chomhpháirtí ab ea an Roinn faoi ghairm ar thograí Choimisiún an AE dar teideal Seomraí Ranga Cruthaitheacha i gcuibhreannas idirnáisiúnta chun togra tionscadail a fhorbairt a bheith dírithe ar ríomhphunainn a úsáid i seomraí ranga na hÉireann ar bhonn píolótach. Bhí an CNCM, PDST (An Teicneolaíocht san Oideachas) Foireann Sraithe Sóisearaí na Múinteoirí rannpháirteach sa tionscadal seo, mar aon le comhpháirtithe tionscail, agus roghnaíodh 26 scoil le bheith páirteach i gcéim phíolótach an tionscadail.

Cuireadh tús leis an tionscadal i mBealtaine 2013 agus tugadh chun críche é in Aibreán 2014. Beidh an méid a fhoghlaimeofar sa tionscadal mar bhunús le beartas na Roinne ar úsáid na ríomhphunann le haghaidh measúnú agus foghlaim sna scoileanna, go háirithe ó thaobh Athchóiriú an Teastais Shóisearaigh. Tá foráil sa Straitéis Dhigiteach nua chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ríomhphunainn do scoláirí agus do mhúinteoirí.

4.11 An Foras Taighde ar Oideachas

Bhunaigh an Roinn an Foras Taighde ar Oideachas mar ghníomhaireacht dá cuid i Meán Fómhair 2015 chun:

- Tacú le soláthar cláir náisiúnta monatóireachta sna bunscoileanna i léamh an Bhéarla, i léamh na Gaeilge agus a Mhatamaitic
- Tacú le rannpháirtíocht an Fhorais i dtrialacha idirnáisiúnta, lena n-áirítear PISA (An Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí), PIRLS (Staidéar ar Dhul chun cinn i Litearthacht Léitheoireachta) agus TIMSS (Staidéar Idirnáisiúnta ar Threochtaí sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht.

I 2014 rinne an Foras Taighde ar Oideachas na Measúnaithe Náisiúnta i Léamh an Bhéarla agus sa Mhatamaitic ar shampla ionadaíoch de os cionn 8,000 dalta in 150 bunscoil, le trialacha slána. Rinneadh na trialacha bonnlíne deireanach i 2009. Foilsíodh an chéad tuarascáil ar staidéar 2014 go luath i 2015.

Bhíothas ag obair i 2015 ar thuarascáil 'comhthéacs' eile ar mheasúnú 2014 agus beidh sé ar fáil i 2016. Tá na tuarascálacha, staidéir agus measúnachtaí a rinne an Foras Taighde ar Oideachas ar fáil ar www.erc.ie

4.12 An Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA)

Eagraíodh séú thimthriall PISA in Éirinn i 2015. Ba é an Eolaíocht príomhfhócas 2015 PISA ach rinneadh trialacha sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic, leis. Is iarobair é seo ar PISA 2009 agus 2012. Tugadh obair allamuigh sna hiar-bhunscoileanna le haghaidh PISA 2015 chun críche i 2015. Cigirí na Roinne a bhí i gceannas ar riar na dtrialacha i 164 iar-bhunscoil. I measúnú PISA 2015, rinneadh tástáil ar scoláirí cúig bliana déag d'aois san eolaíocht, sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus i bhfadhbréiteach comhoibritheach. Meastar go bhfoilseofar an tuarascáil i mí na Nollag 2016.

4.13 Staidéar ar Threochtaí Idirnáisiúnta sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht (TIMSS)

Is é spriocghrúpa TIMSS 2015 (Staidéar ar Threochtaí Idirnáisiúnta sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht) daltaí Rang a Ceathair bunscoile agus daltaí dara bliana iar-bhunscoile le fócas ar an matamaitic agus ar an eolaíocht. Measfar go bhfoilseofar an príomhthuarascáil idirnáisiúnta agus na tuarascálacha achoimre náisiúnta i Samhain 2016. Measfar go bhfoilseofar an tuarascáil

náisiúnta i bhfómhar 2017.

4.14 Tacú le Próiseas na Scrúduithe

Lean an Roinn i 2015 de mhaoirseacht a dhéanamh ar shocruithe chistiúcháin agus rialachais i dtaca le Coimisiún na Scrúduithe Stáit:

- Trína gcuirtear scrúduithe ar fail d'iarrthóirí i ngach ceann de na cláir scrúdaithe;
- Trína ndéantar socruithe in ábhair scrúdaithe curaclaim agus neamhchuraclaim (teanga).
- Trína gcuirtear raon beart ar fáil chun iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a éascú chun a bheith rannpháirteach sna scrúduithe stáit.
- Trínar scrúdaíodh míreanna aonair scrúdaithe lena n-áirítear scripteanna scrúdaithe, míreanna ealaíne agus ceardaíochta, míreanna tionscadail agus míreanna praiticiúla, trialacha beil, obair chúrsa, irisleabhair, taighde, tuarascálacha agus punainn.
- Trína bronnadh torthaí scrúdaithe agus trínar próiseáladh achomhairc
- Aontaíodh Tuarascáil Intuarthachta ar scrúduithe na hArdteistimeireachta, le haghaidh clár oibre "Idirlinnte".

4.15 Oideachas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe

D'fhoilsigh an Roinn an Straitéis Náisiúnta um Oideachas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe i mí Iúil 2014. Eagraíodh fóram ar Oideachas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe i Samhain 2015 agus bhí breis is 60 duine i láthair ó raon leathan geallsealbhóirí. Ba í an tOllamh Daniella Tilbury, a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi as a cuid taighde i réimsí na cinnireachta inbhuanaithe agus an athraithe eagraíochtúil san ardoideachas agus san oideachas agus san fhoghlaim ar mhaithe le hinbhuanaitheacht, a thug an phríomhóráid. Comhlánóidh an Straitéis ar mhaithe le hinbhuanaitheacht Spriocanna na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe, spriocanna a aontaíodh i Meán Fómhair 2015.

4.16 Suirbhé ar Scileanna Saoil

Rinne an Roinn an tríú suirbhé ar scileanna saoil i ngach bunscoil agus iar-bhunscoil. Tríd an suirbhé seo, cuirtear sonraí ar fáil maidir le roinnt ceisteanna tábhachtacha a bhaineann le scileanna saoil, lena n-áirítear gníomhaíocht fhisiciúil agus bia sláintiúil, gnéithe d'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte agus Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta, chomh maith le frithbhulaíocht, úsáid substaintí agus sábháilteacht ar bhóithre. Áiríodh i suirbhé 2015 den chéad uair ceisteanna ar na naisc idir bunscoileanna agus suíomhanna luathbhlianta, rannpháirtíocht scoileanna in Oideachas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe, agus a gcuid naisc le fiontair áitiúla.
Ar leibhéal na hiar-bhunscoile, d'úsáid am Clár Toirchis Géarchéime/FSS an tuarascáil i 2015 chun tacú le meastóireacht ar Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta. Bhí Ógtheagmháil agus Ionaid Oiliúna Pobail rannpháirteach sa suirbhé den chéad uair.

4.17 An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (An NCGE)

Síníodh Comhaontú Leibhéal Seirbhíse idir an Roinn agus an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas. Thacaigh an Roinn le forbairt Phlean Straitéiseach an Lárionaid Náisiúnta um Threoir san Oideachas 2015-2017.

4.18 Giniúint an Cheoil

Tionscnamh oideachais cheoil neamh-phríomhshrutha is ea Giniúint an Cheoil, a tionscnaíodh i 2010. Tá sé bunaithe faoi láthair in 11 cinn de Chomhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil faoi stiúir na mBord Oideachais agus Oiliúna agus na nÚdarás Áitiúil i 12 chontae. Maoiníodh na chéad chúig bliana den tionscnamh (Céim 1) le $7 milliún de bhronntanais daonchairdiúla ó U2 agus ón gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn mar aon le cistiú a bailíodh go háitiúil. Ó 2014 i leith, ghabh an Roinn Oideachais agus Scileanna áit an chistithe daonchairdiúil, de réir a chéile. Faoi Eanáir 2016, beidh deireadh leis an gcistiú daonchairdiúil maidir le Céim 1 agus cuirfidh an Roinn cistiú de suas le €200,000 ar fáil gach bliain do gach ceann den 11 Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil i gCéim 1.

I 2015, chuir €3 mhilliún de bhronntanais daonchairdiúla eile ó U2 agus ón gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn ar chumas Giniúint an Cheoil dul i mbun pleanála don dara céim, a leathnóidh an tionscnamh go háiteanna eile sa tír sa tréimhse 2016 go 2020. I 2015, gheall an Roinn, faoi réir chistiú ón státchiste, áit na mbronntanas daonchairdiúil a ghabháil don dara chéime seo agus tosófar de Chéim 2 de Chomhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil a mhaoiniú ó 2020 faoi mar a rinneadh le grúpa Chéim 1.

4.19 Fiontraíocht san Oideachas

Luadh gealltanas na Roinne i leith na Fiontraíochta san Oideachas arís le déanaí i gCreat na Sraithe Sóisearaí. Tugtar tús áite don nuáil agus don chruthaitheacht mar cheann dá ocht bprionsabal. Sonraítear an fhiontraíocht mar cheann de na Ráitis Foghlama, trína gceanglófar ar gach scoláire Sraithe Sóisearaí "a bheith tionscantach, nuálach agus scileanna fiontraíochta a fhorbairt". Lena chois sin, cuid lárnach den cháilíocht foghlama a chuirtear ar fáil do scoláirí Sraithe Sóisearaí is ea forbairt príomhscileanna, ar nós dul i mbun cumarsáide, a bheith cruthaitheach, agus dul i mbun oibre le daoine eile. Faoi láthair, tá an fhiontraíocht leabaithe sa tsraith shinsearach go háirithe san Idirbhliain agus trí Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agus san Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

Eagraíodh fóraim chomhairleacha ar an téama 'Oideachas Fiontraíoch sna Scoileanna' i Meán Fómhair 2014 agus 2015. Ag éirí astu sin, tá páipéar á ullmhú chun fís na Roinne don oideachas fiontraíochta a chur i bhfocail.

4.20 Deich mBliana na gCothrom Céad Bliain 1916/2016

Mar chuid dá ghealltanas do Dheich mBlianta na gCothrom Céad Bliain, sheol an Roinn a chlár cuimhneacháin 2016 i Meán Fómhair 2015. Cé gur chuir sé seo formhór na ngníomhaíochtaí ábhartha a tharlódh i 2016 san áireamh, chonacthas gníomhaíocht shubstaintiúil sa dara cuid de 2015, lena n-áirítear an Bratach Náisiúnta a thabhairt do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna ar fud na tíre, tús a chur le raon tionscadal agus comórtas, banc suntasacht acmhainní a ghiniúint ar Scoilnet agus deiseanna oiliúna do mhúinteoirí trí líonra an Lárionaid Oideachais.

4.21 Cairt na nEalaíon san Oideachas

Tionscnamh de chuid na Roinne seo agus na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta is ea an Chairt Ealaíon san Oideachais ag obair i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon.
I 2015, rinneadh dul chun cinn ar chur i ngníomh chuspóirí na Cairte go háirithe tairseach na nEalaíon san Oideachas a sheoladh ar líne (www.artsineducation.ie) i mBealtaine. Rinneadh dul chun cinn, leis, sa tsamhail 'Comhpháirtíocht idir an Múinteoir agus an Ealaíontóir' le haghaidh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, tionscnamh 'Ealaíontóirí Cónaithe' in institiúidí ardoideachais, athbhreithniú ar na Treoirlínte d'Ealaíontóirí agus do Scoileanna, Mapáil Náisiúnta an tSoláthair Ealaíon san Oideachas, 'ARIS – Scoileanna atá Saibhir ó thaobh na nEalaíon' agus Taighde sna hEalaíona san Oideachas.

Grúpa Feidhmithe, faoi cheannas an Ollaimh John Coolahan, a mhaoirsíonn cur i ngníomh Chairt na nEalaíon san Oideachas. Chuir an grúpa a cheathrú tuarascáil débhliantúil i láthair in Aibreán 2015.

4.22 An Scéim Iompair Scoile

Féachann an Roinn le seirbhís iompair scoile sábháilte, éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de a chur ar fáil do pháistí incháilithe chuig an scoil agus abhaile. Féachann sé, leis, le cinntiú go n-íoctar deontais go tráthúil chun cabhrú le teaghlaigh incháilithe maidir le costas iompar scoile i gcúinsí nach féidir seirbhísí iompar scoile a chur ar fáil nó má tá sé róchostasach seirbhísí iompar

scoile a sholáthar.

Soláthraíodh cóir iompar do 113,000 páiste, 10,000 páiste ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta ina measc, go slán sábháilte chun na scoile sa scoilbhliain 2014/15. Taistealaíodh fad 82 milliún ciliméadar ar 42 mhilliún turas ar 6,546 bealach. Fuair breis is 2,000 teaghlach íocaíochtaí deontais dar luach €21 milliún le linn 2015. Ba é €173 milliún costas na seirbhíse i 2015n.

4.23 Dul chun cinn ar Athchóiriú na hEarnála Breisoideachais agus Oiliúna i 2015

I 2015 leanadh den tacaíocht d'athchóiriú mór ar an earnáil bhreisoideachais agus oiliúna.

Bhí cur i ngníomh an chláir athchóirithe foriomlán á thacú agus á chumasú i gcónaí ag Bord Cláir na mBord Oideachais agus Oiliúna/SOLAS ar son earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna. Is é Ard-Rúnaí na Roinne cathaoirleach an Bhoird Cláir agus ar na baill tá foireann ardbhainistíochta na Roinne mar aon le hArd-Rúnaí Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann, Ard-Stiúrthóir SOLAS agus Príomhfheidhmeannaigh an dá Bhord Oideachais agus Oiliúna.

Faigheann an Bord Cláir cúnamh ó Oifig Bainistíochta Tionscadail a thacaíonn le cur i ngníomh na gcuspóirí straitéiseacha fadtéarmacha agus nithe oibríochtúla práinneacha ag éirí as clár oibre um athrú na mBord Oideachais agus Oiliúna agus SOLAS. I gcaitheamh 2015, mhaoirsigh an Bord Cláir forbairt agus cur i ngníomh 23 cinn de thionscnaimh ar fud na hearnála.

I gcaitheamh 2015, aontaíodh struchtúr eagraíochtúil nua d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna agus fuarthas ceadú ón DPER don struchtúr molta ardbhainistíochta ar bhonn trí cinn de shnáitheanna feidhme san earnáil – scoileanna, breisoideachas agus oiliúint agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil.

Chomh maith le sin, i 2015, cuireadh tús le hathbhreithniú ar na beartais reatha um dhearbhú cáilíochta ar fud earnáil na mbord oideachais agus oiliúna, leanfar den obair seo i 2016 ar mhaithe le plean a chur i dtoll a chéile chun fís agus straitéis nuashonraithe um dhearbhú cáilíochta a sholáthar d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna.

4.24 An Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna 2014-2019

Leanadh den obair i 2015 ar chur i ngníomh na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019. Tacaíonn SOLAS le cur i ngníomh na Straitéise agus is Coiste Comhairleach faoi cheannas na Roinne a mhaoirsíonn é. Sa straitéis seo leagtar amach cúig sprioc ardleibhéil, trína bhféachtar le sclieanna a sheachadadh don gheilleagar, tacú le cuimsiú gníomhach raon leathan foghlaimeoirí, cur le caighdeán an tsoláthair, samhail níb fhearr pleanála agus cistiúcháin a fhorbairt agus cur le seasamh foriomlán an Bhreisoideachais agus na hOiliúna.

Clochmhilte mhóra i 2015 ab ea foilsiú chéad Phlean Seirbhísí comhtháite Breisoideachais agus Oiliúna agus tús a chur le habhreithniú mór ar an tsoláthar Iar-Ardteistiméireachta.

4.25 Athchóiriú ar an gCóras Printíseachta

Leanadh den chóras oiliúna printíseachta a athchóiriú tríd an bPlean Feidhmithe Printíseachta a chur i ngníomh, ag díriú ar na printíseachtaí reatha a athnuachan agus printíseachtaí a leathnú isteach in earnálacha nua den gheilleagar. Bhí treocht aníos ann i 2015 i líon na ndaoine a bhí rannpháirteach sna 27 cinn de phrintísigh cheardaíochta atá ann cheana, agus meastar go bhfásfaidh sé seo tuilleadh sna blianta amach romhainn.

Rinneadh mór-athbhreithniú ar na printíseachtaí a bhí ann cheana agus cuireadh curaclaim maidir le cúig cinn de cheirdeanna ardtoirte ar aghaidh chuig an QQI dá mbailíochtú. Aontaíodh socruithe luasghéaraithe idir an QQI agus SOLAS chun na ceirdeanna eile a athbhreithniú

Lena chois sin, d'eisigh an Chomhairle Phrintíseachta gairm ar thograí do phrintíseachtaí nua ó chuibhreannais tionscadail agus soláthraithe oideachais agus oiliúna. Fuarthas breis is 80 togra ó raon leathan earnálacha, ar sannadh stádas Chatagóir 1 do 25 díobh, a chiallaigh go raibh siad inbhuanaithe agus ar ardchéim dearaidh agus pleanála agus comhoibrithe le lucht tionscail/oideachais. Tá an Chomhairle ag obair go dlúth le cuibhreannais sa ghrúpa seo chun a gcuid tograí a fhorbairt ina bprintíseachtaí náisiúnta. Meastar go mbeidh roinnt de na tograí seo réidh le daoine a chlárú orthu i 2016.

Trí na tograí seo leathnófar raon na gclár atá ar fáil faoin gcóras printíseachta agus beidh siad mar chuid den obair leanúnach lena chinntiú go mbíonn an córas freagrúil i gcónaí do riachtanais eacnamaíocha agus fostaíochta.

4.26 Caidreamh le Fostóirí agus geallsealbhóirí ábhartha eile

Thionscain an Roinn próiseas chun líonra nua struchtúr réigiúnach scile a chruthú mar mheicníocht d'fhostóirí agus do na hearnálacha breisoideachais agus ardoideachais chun gur féidir leo dul i gcomhar le chéile chun riachtanais scile a gcuid réigiún a chomhlíonadh.

D'fhoilsigh an tÚdarás um Ardoideachas "Collaborating for talent and growth: Strategy for Higher Education – Enterprise Engagement" i Meitheamh 2015. Tá an straitéis sin á cur i ngníomh anois ag an Údarás. Tríd an straitéis seo, cuirfear tacú agus luasghéarú ar fáil don athchóiriú oideachais agus oiliúna atá ar bun cheana féin, tógfar ar chomhpháirtíochtaí nuálacha atá ann cheana agus cinn atá leagtha amach sa chéad tuarascáil ar fheidhmíocht an chórais ardoideachais i 2014.

Tugadh chun críche i 2015 athbhreithniú ar na meicníochtaí comhordúcháin na soláthraithe breisoideachas agus oiliúna agus ardoideachais chun dul i gcomhar le lucht tionscail ar leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla le cinntiú go ndéantar an soláthar a ailíniú le riachtanais scile.
Cinneadh struchtúr réigiúnach scileanna a bhunú agus tá an comhairliúchán ar bun le geallsealbhóirí réigiúnacha le hais Plean Gníomhaíochta do Phoist réigiúnach a fhorbairt. Gné nua a bheidh sna struchtúir réigiúnacha seo a bheidh mar chuid den bhonneagar náisiúnta scileanna sa straitéis náisiúnta scileanna nua.

4.27 An Straitéis Náisiúnta Scileanna

Cuireadh tús i 2015 ar Straitéis Náisiúnta Scileanna nua a fhorbairt. Seoladh comhairliúchán poiblí i Samhain 2015 chun tuairimí geallsealbhóirí ar fhorbairt na straitéise a bhailiú. Eisíodh gairm ar thograí agus socraíodh cruinnithe le raon geallsealbhóirí ábhartha.

4.28 Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF)

I gClár Oibriúcháin um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020 an ESF leagtar amach creat chun €1.153 billiún a leithdháileadh sa tréimhse 2014-2020, a bheidh comhdhéanta de €542.4 milliún ó Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) agus méid is comhionann leis ón Státchiste agus díreach os cionn €68 milliún ó Thionscnamh Fostaíochta Óige an AE.

Ag tógáil ar an dea-obair a rinneadh leis an gClár Oibríochtúil um Infheistíocht i gCaipiteal Daonna níos luaithe, díríonn PEIL ar infheistíocht a dhéanamh i roinnt réimsí tábhachtacha. I measc na réimsí seo tá laghdú a dhéanamh ar leibhéil dífhostaíochta, cuimsiú sóisialta agus sa mhargadh saothair a fheabhsú, gnóthachtáil oideachais agus bhreisiú agus dul i ngleic le dífhostaíocht óige. Meastar go gcabhróidh an cistiú leithdháilte chun na scileanna, an taithí agus na cáilíochtaí is gá chun leas a bhaint as deiseanna fostaíocht agus muid ag teacht amach as an ngéarchéim airgeadais a sholáthar dár lucht saothair, agus do dhaoine dífhostaithe go háirithe.

Tacaíonn an Clár le raon leathan gníomhaíochtaí ar fud Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais

éagsúil. Go sonrach, i réimse an oideachais, cómhaoiníonn an ESF oiliúint na mBord Oideachais agus Oiliúna do dhaoine dífhostaithe; Springboard+ (lena n-áirítear cúrsaí tiontaithe TFC); Momentum; Ógtheagmháil; Rochtain Tríú Leibhéal; an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas agus Litearthacht do Dhaoine Fásta.

4.29 An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF)

Ceadaíodh an deichiú clár tacaíochta faoin gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú maidir le 108 oibrí cothabhála aerárthach a chaill a gcuid post ag PWA International, Ráth Cúil, Co. Bhaile Átha Cliath agus maidir le líon coibhéiseach duine óg faoi 25 bliain d'aois nach bhfuil fostaithe, sa chóras oideachais ná sa chóras oiliúna. Tacóidh cómhaoiniú 60% an AE de €442,294 le seirbhísí dóibh siúd in imeacht thréimhse dhá bhliain. Tacaíonn an EGF le hoibrithe a chailleann a gcuid post de bharr drochéifeachtaí an domhandaithe nó na ngéarchéimeanna domhanda eacnamaíoch nó airgeadais. Ba iad na cláir EGF eile a bhí i bhfeidhm le linn 2015 clár a bhí ag déileáil le dúnadh monarcha déanta seodra Andersen Ireland i Rath Caola, Co. Luimnigh agus áis cothabhála aerárthach Lufthansa Technik Airmotive Ireland (LTAI), áis eile a bhí suite i Ráth Cúil, Co. Bhaile Átha Cliath.

4.30 An Córas Ardoideachais

Tá nuachóiriú agus athchóiriú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo á dhéanamh ar chóras ardoideachais na hÉireann. Tríd an Straitéis Náisiúnta um Ardoideachas go 2030 a chur i ngníomh, féachfar le córas ardoideachais a fhorbairt a chuirfidh ar fáil do dhaoine an t-eolas agus na scileanna is gá chun saol sásúil a bheith acu, agus a dhéanfaidh dúshláin sóisialta agus eacnamaíocha na hÉireann a chomhlíonadh.

I measc phríomheilimintí an chláir athchóirithe oideachais tá Creat Feidhmíochta Córais a thabhairt isteach, a bheidh ailínithe le cistiú feidhmíochta, ina leagfar amach na tosaíochtaí náisiúnta agus seacht gcinn de phríomhchuspóirí córais don chóras ardoideachais a ndéanfar monatóireacht ar institiúidí ardoideachais i gcomparáid leo, agus a bheidh mar bhonn le comhaontú comhshocruithe idir an Údarás um Ardoideachas agus na hinstitiúidí ar oideachais trína ndéanfar soláthar do spriocanna agus gníomhartha maidir le teagasc, foghlaim agus rannpháirtíocht bhreisithe, forbairt agus athstruchtúrú córais lena n-áirítear cumais, braislí réigiúnacha agus athchóiriú an chórais oiliúna tosaigh do mhúinteoirí.

Tá dul chun cinn déanta, leis, ó thaobh athruithe a dhéanamh ar an mbonneagar córais chun athruithe ar fud an chórais a thacú agus a thiomáint. Is iad na príomhfhorbairtí córais bunú an Fhóraim Náisiúnta um Breisiú an Teagaisc agus na Foghlama agus Braislí Réigiúnacha d'Institiúidí Ardoideachais.

4.30.1 Nuáil 2020

I mí na Nollag 2015, d'fhoilsigh an Rialtas Nuálaíocht 2020, arb é straitéis cúig bliana na hÉireann é maidir le taighde agus forbairt, an eolaíocht agus an teicneolaíocht. Príomhaidhm de chuid na Straitéise is ea an infheistíocht iomlán i dtaighde agus forbairt in Éirinn a mhéadú, faoi cheann na hearnála príobháidí, go 2.5% den Olltáirgeacht Náisiúnta. Chiallódh sin go ndéanfadh na hearnálacha príobháideacha agus poiblí os cionn €5 bhilliún sa bhliain a infheistiú i dtaighde agus forbairt faoi 2020, a bheadh ionann agus dúbailt, nach mór, ar na leibhéil reatha infheistíochta.
I measc spriocanna taighde na Roinne a chomhlíonfaí faoin straitéis tá:

- méadú 30% a dhéanamh ar chlárú ar mháistreachtaí agus dochtúireachtaí taighde go 2,250
- clár nua cistiúcháin do thaighde beag beann ar theorainneacha a thabharfaidh an IRC isteach,

Beidh Grúpa Feidhmithe, a mbeidh ballraíocht ag an Roinn seo air, freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh na ngníomhartha éagsúla faoin Straitéis.

4.30.2 Fóram Teagaisc agus Foghlama

Príomh-bhonneagar ar leibhéal an chórais is ea an Fóram Náisiúnta um Breisiú an Teagaisc agus na Foghlama ar mhaithe le breisiú an teagaisc agus na foghlama in ardoideachas na hÉireann. Tá an Fóram Náisiúnta ag gabháil do raon gníomhaíochtaí dírithe ar an eispéireas teagaisc agus foghlama is airde is féidir a sholáthar do mhic léinn. Dírítear ann ar 'breisluach' a sholáthar trí struchtúr trínar féidir sineirgíocht a chothú idir tionscnaimh institiúideacha agus líonra agus leas a bhaint astu chun tacú le pobal beoga i mbun bunghníomhaíochtaí. D'fhorbair an Fóram treochlár tosaigh chun an fhoghlaim dhigiteach san earnáil a bhreisiú. Foilsíodh an treochlár i mBealtaine 2014 agus bunaíodh ciste de €2 mhilliún chun tacú le hinstitiúidí chun cumas digiteach a fhorbairt.

I 2015 d'fhoilsigh an Fóram 'Treochlár le haghaidh Breisiú i nDomhan Digiteach 2015-2017" (Roadmap for Enhancement in A Digital World 2015–2017) chun an bonn scileanna a bhreisiú do theicneolaíochtaí agus do mhodheolaíochtaí digiteacha. Cuireadh tús leis an obair ar chreat gairmiúil forbartha a fhorbairt dó mhúinteoirí ardoideachais, creat a fhoilseofar i 2016.

4.30.3 Braislí Réigiúnacha

Tá braislí réigiúnacha institiúidí bunaithe i réigiúin áirithe agus iarradh ar na braislí díriú ar phleanáil agus ar rochtain, ar fhorchéimniú agus ar chosáin aistrithe i bpáirt i mBaile Átha Cliath/Laighin, sa Deisceart/Oirdheisceart agus san Iarthar/Lár Iarthair. Déantar na seacht gcinn d'ollscoileanna, coláistí oiliúna agus na 14 cinn d'institiúidí teicneolaíochta a ghrúpáil mar seo a leanas:

- Baile Átha Cliath I (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath (TCD), Ann Institiúid Ealaíne, Dearaidh & Teicneolaíochta (IADT), An Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh (NCAD), Institiúid Oideachais Marino (MIE));
- Baile Átha Cliath II (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), Institiúid Oideachais Mater Dei (MDI), Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath (SPD), Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Má Nuad (NUIM), Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain (AIT), Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath(DIT), Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir (ITB));
- Lár an Iarthair (Ollscoil Luimnigh (UL), Institiúid Teicneolaíochta Luimní (LIT), Coláiste Mhuire gan Smál (MIC));
- An Iarthar/Iarthuaisceart (Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Gaillimh (NUIG), Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo (GMIT), Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LKIT), Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, Coláiste Naomh Aingeal);
- An Deisceart (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC), Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT), Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (WIT), Institiúid Teicneolaíochta, Ceatharlach.

Le deireanas, threoraigh an tÚdarás um Ardoideachas próiseas comhairliúcháin maidir le dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh braislí réigiúnacha agus tosaíochtaí todhchaí a fhorbairt, go háirithe i gcomhthéacs Fóraim Réigiúnacha Scileanna a fhorbairt faoi cheannas na Roinn Oideachais agus Scileanna agus i gcomhthéacs ginearálta an bheartais eacnamaíoch agus fiontraíochta a bhfuil fócas láidir réigiúnach aige (m.sh. Pleananna Réigiúnacha Gníomhaíochta um Poist agus Nuáil 2020). Déanfar tuilleadh oibre i 2016 ar an mbeartas sa réimse seo a athbhreithniú agus a fhorbairt.

Foráiltear sa Straitéis, leis, le haghaidh athchumrú an chórais ardoideachais agus áirítear ar seo ollscoileanna teicneolaíochta a bhunú, lárionaid feabhais a bhunú d'oiliúint múinteoirí agus roinnt institiúid beaga a chomhdhlúthú (m.sh. corpraíodh Coláiste na Sionainne isteach sa Choláiste na hOllscoile, Gaillimh i 2015).

4.30.4 Ollscoileanna Teicneolaíochta

Maidir le hearnáil na n-institiúidí teicneolaíochta, moladh sa Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go 2030 athchóiriú suntasach chun an earnáil a ullmhú chun cuspóirí náisiúnta straitéiseacha a chomhlíonadh. Go háirithe, moladh comhdhlúthú a dhéanamh laistigh dean earnáil agus cosáin éabhlóide a fhorbairt do na hinstitiúidí comhdhlúite teicneolaíochta sin, le gur féidir leo dul chun cinn suntasach a léiriú i gcomparáid le critéir urrúnta feidhmíochta agus iarratas a dhéanamh chun teacht chun bheith ina n-ollscoileanna teicneolaíochta.

4.30.5 Bille na nOllscoileanna Teicneolaíochta

Foilsíodh Bille na nOllscoileanna Teicneolaíochta i mi na Nollag 2014 agus bhí an Bille ag Céim an Tuairiscithe nuair a scoireadh an Dáil roimhe seo i bhFeabhra 2016. Foilsíodh chéad Chlár Reachtach Rialtais an Rialtais Chomhpháirtíochta nua an 8 Meitheamh 2016 agus cuireadh Bille na nOllscoileanna Teicneolaíochta ar ais ar Páipéar Ordaithe an Dála ag Céim an Choiste.

4.30.6 Trasdulta

Tá an Roinn ag obair go dlúth leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear an tÚdarás um Ardoideachais, an CNCM, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus na hinstitiúidí ardoideachais chun raon beart a dhearadh chun tacú leis daltaí dara leibhéil agus iad ag dul isteach san ardoideachas mar chuid den Ghrúpa Stiúrtha um Athchóiriú Trasdulta. Ina theannta sin, tá na hollscoileanna agus na hinstitiúidí ag obair chun slite isteach san ardoideachas a leathnú, agus meastar go gcabhróidh sin le laghdú a dhéanamh ar an mbrú ar mhic léinn chun pointí an-arda a ghnóthú, agus tuilleadh ama a thabhairt dóibh chun rogha eolach a dhéanamh faoin gcúrsa staidéir. Táthar ag súil go gcabhróidh an t-athchóiriú seo, anuas ar obair bhreise ar idirlinnte agus athchóiriú gaolmhar ar churaclam agus measúnú ar leibhéal na hiar-bhunscoile, chun an tóir agus an inniúlacht in ábhair STEM -— an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht agus an mhatamaitic – a mhéadú.

In Aibreán 2015, foilsíodh tuarascáil dar teideal “Tacú le Trasdul Níos Fearr idir an Dara Leibhéal agus an tArdoideachas – Cur chun feidhme agus na Chéad Chéimeanna Eile” (Supporting a Better Transition from Second Level to Higher Education – Implementation and Next Steps) inar leagadh amach pacáiste de bhearta um athchóiriú a bhí forbartha ag na geallsealbhóirí a bhí bainteach leis agus a dearadh chun cur le heispéireas scoláirí agus iad ag athrú ón dara leibhéal go dtí an t-ardoideachas.

4.30.7 HEInnovate

Go déanach i 2014, d’fhéach an Roinn le bheith rannpháirteach in athbhreithniú ar fud na tíre ar fhiontraíocht san ardoideachas, faoi cheannas an OECD, agus Choimisiún an AE mar chuid de thionscnamh HEInnovate. Ba é cuspóir an athbhreithnithe measúnú neamhspleách a dhéanamh ar réimsí le haghaidh feabhais sa chreat náisiúnta agus ar leibhéal na n-institiúidí aonair ardoideachais, mar aon le sraith moltaí le haghaidh gníomhaíocht bheartais ó institiúidí ardoideachais agus ó gheallsealbhóirí ardoideachais. Cuireadh tús leis an bpróiseas athbhreithnithe tíre i 2015 nuair a roghnaíodh iad le bheith rannpháirteach i gcuairt mhionsonraithe staidéir. Ina dhiaidh sin cuireadh ceardlann ar fáil in Aibreán 2015 agus rinneadh cuairt mhionsonraithe staidéir idir 12 agus 21 Deireadh Fómhair 2015. Foilseofar an tuarascáil dheiridh ón athbhreithniú tíre i 2016.

4.31 Springboard+

Tionscnamh ar leith is ea Springboard, a fhaigheann cistiú ó Chiste Sóisialta na hEorpa, trína ndírítear go straitéiseach ar dheiseanna athoiliúna solúbtha saor in aisce a mhaoiniú ag an leibhéal ardoideachais do dhaoine dífhostaithe agus daoine a bhí féinfhostaithe roimhe seo, i réimsí ina bhfuil riachtanais scileanna ag teacht chun cinn. Is painéal neamhspleách de shaineolaithe tionscail agus oideachais a roghnaíonn gach cúrsa a mhaoinítear faoi Springboard, tar éis próiseas iomaíoch tairiscintí.

Le linn 2015 tacaíodh le 5,600 rannpháirtí ar chúrsaí de chuid Springboard 2014 agus Springboard+ 2015. Caitheadh €22.3m san iomlán maidir le Springboard i 2015.

In anailís ar threochtaí Springboard a foilsíodh i 2015 taispeánadh:

- Laistigh de dhá bhliain ó chúrsa Springboard a chríochnú bhí 60% de na rannpháirtithe fostaithe nó féinfhostaithe agus mhéadaigh an forchéimniú go fostaíocht go seasta thar am.
- Díobh siúd a d'fhág an cúrsa (24%), ba le post a ghlacadh a d'fhág breis is leath díobh sin.
- Gné shuntasach de Springboard is ea féinfhostaíocht.
- Thuairiscigh 740 rannpháirtí (15%) 2011-2014 go raibh siad féinfhostaithe.
- Léiríonn dearcadh na rannpháirtithe i leith a n-ionchas gairme feabhsú leanúnach.
- I suirbhé a rinneadh ar rannpháirtithe sé seachtaine tar éis a gcúrsa a chríochnú, dúirt 68% de chéimithe 2012 gur bhraith siad go raibh feabhas tagtha ar a n-ionchais ghairme.
- Mhéadaigh sin go 71% i measc céimithe 2013, agus go 73% i measc céimithe 2014.
- Mhol 98% de chéimithe Springboard an clár do dhaoine eile atá ag iarraidh a scileanna fostaíochta a athrú.

Anuas air sin, léirigh anailís a rinneadh an Roinn Coimirce Sóisialaí i 2015 nach bhfuil 74% de dhaoine a bhí ar chúrsaí Springboard agus ar Chúrsaí Tiontaithe TFC 2011-2014 ar an mbeochlár níos mó.

Rinneadh athbhrandáil ar Springboardi 2015, go Springboard+ chun Cúrsaí Tiontaithe TFC a chuimsiú iontu faoin bPlean Gníomhaíochta Scileanna TFC. Seoladh Springboard+ i mBealtaine agus rinneadh soláthar ann le haghaidh 9.000 áit ar 285 chúrsa i 42 cinn de choláistí ar fud na hÉireann i mbliain acadúil 2015/16, an soláthar ba mhó riamh faoin gclár.

4.31.1 Plean Gníomhaíochta Scileanna TFC

I gcaitheamh 2015, leanadh den Phlean Gníomhaíochta Scileanna TFC 2014-2018 a chur i ngníomh. Leagtar amach sa phlean freagra comhoibritheach ar fud an chórais, ar fud Ranna, gníomhaireachtaí agus na hearnálacha oideachais agus fiontraíochta. Is é a aidhm soláthar intíre na gcéimithe ón earnáil oideachais a mhéadú agus a chinntiú go gcoimeádann Éire linn talainne láidir TFC chun Éire a chur chun cinn go hidirnáisiúnta mar ionad do scileanna ardleibhéal TFC.

Fógraíodh babhta eile den chlár tiontaithe scileanna TFC faoi athbhrandáil Springboard+ mar chuid den phlean. I 2015, tacaíodh le 1,102 rannpháirtí ar chúrsaí tiontaithe scileanna TFC. Caitheadh €4.8m san iomlán ar na cláir sin i 2015.

5 Sprioc 2 – Feabhas a chur ar an gCaighdeán agus ar an gCuntasacht

5.1 Creat Cáilíochta Síolta

Bhí Síolta, an creat cáilíocht le haghaidh an oideachais luathbhlianta, á cur i ngníomh i gcónaí ar fud na hearnála i 2015. Oibríonn an Roinn go dlúth leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus leis an tSeirbhís Tacaíocht Luathbhlianta, Tús Níos Fearr agus eagraíochtaí eile chun na prionsabail cháilíochta a scaipeadh níos forleithne trí na suíomhanna luathbhlianta.

Cuid ríthábhachtach d'fheabhsú na cáilíochta sa soláthar luathbhlianta is ea an lucht saothair a fhorbairt. Mar chuid den chuspóir ginearálta sin, cuireann an Roinn comhairle ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, mar chuid de bhord comhairleach cáilíochtaí, ar cháilíochtaí atá le cur san

áireamh ar bhunachar sonraí cáilíochtaí a úsáideann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun critéir rialála conarthach agus todhchaí a mheasúnú.

I 2015, tugadh suirbhéanna ar fhostóirí agus cleachtóirí san earnáil luathbhlianta chun críche maidir le cáilíochta na gclár oiliúna breisoideachais agus ardoideachais in oideachas luath-óige. Bhreithnigh Grúpa Comhairle Luathbhlianta torthaí na suirbhéanna sin agus beidh sé mar chuid den dara céim den Athbhreithniú ar chláir oideachais agus oiliúna ECCE i 2016.

5.2 Cigireacht agus Dearbhú Cáilíochta sna Scoileanna

Rinneadh 4,550 cigireacht nó cuairt chomhairleach ar scoileanna i 2015. Forbraíodh i 2015 raon uirlisí chun tacú le dearbhú cáilíocht a cuid cigireachtaí agus chun an tseirbhís do chustaiméirí a fheabhsú. Áirítear ar na huirlisí seo: suirbhéanna píolótacha leanúnach um dhearbhú cáilíocht ar phríomhoidí agus múinteoirí i sampla scoileanna ar leibhéil bunscoile agus iar-bhunscoile; leathanach machnaimh phearsanta a úsáideann cigirí tar éis gníomhaíochtaí meastóireachta nó comhairleacha agus rannpháirtíocht leanúnach lucht bainistíochta na Cigireachta in obair chigireachta agus chomhairleach.

5.3 Féinmheastóireacht Scoile

Tugadh féinmheastóireacht scoile isteach go foirmiúil sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna i 2012. Foilsíodh Treoirlínte um Fhéinmheastóireacht Scoile an bhliain sin, chun tacú le scoileanna tabhairt faoi Féinmheastóireacht, ag díriú ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim.

Tacaíonn an Roinn i gcónaí le próiseas féinmheastóireachta na scoileanna ar shlite éagsúla. Eagraíodh ceithre cinn de sheimineáir réigiúnacha do phríomhoidí scoile, tugadh cuairteanna comhairleacha, agus foilsíodh dhá cheann de nuachtlitreacha bunscoile agus dhá cheann de nuachtlitreacha iar-bhunscoile. Tugadh an suíomh gréasáin tiomnaithe chun dáta le samplaí breise de thuarascálacha agus de phleananna feabhsaithe scoile, mar aon le físeáin chun cleachtas éifeachtach féinmheastóireachta a léiriú.

Tá tús curtha leis an obair ar shraith nua treoirlínte féinmheastóireachta scoile, ina leagtar amach dréacht-chreat cáilíocht don chinnireacht agus don bhainistíocht. Tá comhairliúchán tugtha chun críche ag an gCigireacht le comhpháirtithe oideachais ar dhréacht-fhearainn agus ar dhréacht-chaighdeáin le aghaidh féinmheastóireacht scoile ar chinnireacht agus ar bhainistíocht. Leanfar den obair ar an dréacht seo i 2016.

Rinneadh anailís ar na torthaí ó shuirbhé ar na scoileanna uile mar gheall ar rannpháirtíocht sa phróiseas féinmheastóireachta agus chuathas i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais maidir le treo an chéad chéim eile d'fhéinmheastóireacht scoile.

5.4 Forbairt Múnlaí Cigireachta Nua Feabhsaithe

Tá de chuspóir ag an gCigireacht líon na scoileanna agus na n-ionad oideachais a bhfuil sí ag freastal orthu agus cáilíocht a cuid oibre a fheabhsú riamh is choíche. In 2014 tugadh iarracht phíolótach de shamhail spriocdhírithe cigireachta ar sholáthar maidir le riachtanais oideachais speisialta i mbunscoileanna agus cuireadh tús le samhail chun gnéithe ar leith den gcuraclam bunscoile a mheas. Leanfar den iarracht phíolótach go dtí tús 2016. Rachfar i gcomhairle le comhpháirtithe oideachais i 2016 ar mhaithe leis an dá samhail nua a chur i ngníomh.

Rinneadh athbhreithniú suntasach i 2015 ar raon doiciméad atá mar bhunús le hobair na Cigireachta sna scoileanna agus foilsíodh tuairiscí cigireachta a d'eascair as na cigireachtaí sin.
Tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais, cuireadh leaganacha athcheartaithe de na trí dhoiciméad seo a leanas i ngníomh ó Mheán Fómhair 2015:

- Cód Cleachtais don Chigireacht (Athcheartaithe Feabhra 2015)

- Treoirlínte d'Fhoilsiú na dTuairiscí Cigireachta Scoile (Athcheartaithe Feabhra 2015)
- Nós imeachta maidir le hAthbhreithniú ar Chigireachtaí (Athcheartaithe Feabhra 2015)

na ndiaidh sin, rinneadh athcheartú ar sraith iomlán na dtreoracha do shamhlacha cigireachta a úsáidtear sna scoileanna agus in ionaid oideachais agus táthar ag dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais ar mhaith leis na treoracha athcheartaithe a chur i ngníomh i 2016.

5.5 Beartas agus Athchóiriú Curaclaim

Lean Cigireacht na Roinne dá chion a dhéanamh ar mhaithe le hathchóiriú an churaclaim i 2015, lena n-áirítear curaclam nua teangacha bunscoile a fhorbairt, Creat athcheartaithe don tSraith Shóisearach 2015 a fhorbairt, agus roinnt sonraíochtaí nua a fhorbairt d'ábhair éagsúla, lena n-áirítear an Eolaíocht, an Gnó, an Ghaeilge, Ealaín Ceardaíocht Dearadh, agus na Nuatheangacha.
I 2015, leanadh de chláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a fhorbairt chun tacú le tabhairt isteach an churaclaim nua teangacha ar leibhéal na bunscoile agus le cur i ngníomh na sraithe sóisearaí nua i 2015.

Rinne an Roinn athbhreithniú eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta i 2015 agus leanadh de bheartas Teangacha Iasachta san Oideachas a ullmhú. Lena chois sin, thacaigh an Roinn le comhlíonadh a chuspóirí maidir le hoideachas múinteoirí agus forbairt ghairmiúil.

Chuidigh cigireacht na Roinne le roinnt réimsí beartais eile lena n-áirítear obair ar shaincheisteanna a bhaineann le hoideachas múinteoirí, soláthar speisialta oideachais, uathrialachas scoile agus cuimsiú sóisialta.

5.6 Oideachas Gaeltachta

Thug an Roinn athbhreithniú ar oideachas Gaeltachta chun críche i 2015 agus ullmhaíodh roinnt tuarascálacha taighde. Ullmhaíodh Tograí Beartais ar Oideachas Gaeltachta a bhí mar bhonn le comhairliúchán leis an comhpháirtithe oideachais.

5.7 Athbhreithniú ar Dhíolúintí ón nGaeilge

Thug an Roinn a hathbhreithniú ar dhíolúintí ón nGaeilge chun críche i 2015. Áiríodh san athbhreithniú anailís ar shonraí i seilbh na Roinne agus cás-staidéir ar an gcleachtas i roinnt scoileanna. Ullmhaíodh dréacht-thuarascáil.

5.8 Uathrialachas Scoileanna

I mí na Nollag 2015 foilsíodh páipéar taighde ar an tslí le huathrialacha scoile a chur chun cinn in Éirinn. Ag gabháil leis bhí páipéar comhairliúcháin, ina raibh sraith príomhcheisteanna ag éirí as an bpáipéar taighde agus ina iarradh aighneachtaí ar na saincheisteanna seo ó chomhpháirtithe oideachais, d'fhonn díospóireacht bheartais ar an tsaincheist seo a chur chun cinn.

Foilseachán: Páipéar Comhairliúcháin agus Páipéar Taighde ar Uathrialachas Scoile a Chur Chun Cinn in Éirinn

5.9 Ceannaireacht

Mar chuid de chur chuige straitéiseach na Roinne i leith scileanna ceannaireachta a fhorbairt, forbraíodh sraith caighdeán do cheannaireacht agus do bhainistíocht scoile. Ceapadh na caighdeáin chun bheith mar bhonn le hobair an Ionaid um Cheannaireacht Scoile agus beidh siad mar bhonn le roinn ceannaireachta an chreat athcheartaithe cáilíochta do na scoileanna. Tar éis comhairliúcháin, déanfar na caighdeáin a athcheartú agus a fhoilsiú i 2016, mar chuid de chreat nua cáilíochta le húsáid i bhféinmheastóireacht scoile agus i gcigireachtaí seachtracha.

Bunaíodh an Lárionad um Cheannaireacht Scoile in Ionad Oideachais an Chláir, leis an Roinn an IPPN agus an NAPD, ar bhonn comhpháirtíochta ar feadh tréimhse thosaigh 3 bliana. Gheall an Roinn €3m d'infheistíocht sa scéim phíolótach seo.

Beidh an Lárionad um Cheannaireacht Scoile ina lárionad feabhais do cheannairí scoile, agus beidh buntáistí ag gabháil leis an gcomhpháirtíocht ó thaobh chaighdeán na gclár oiliúna, comhordú an tsoláthair, agus méadú ar inrochtaineacht.

Clúdóidh freagrachtaí an Ionaid raon iomlán na forbartha ceannaireachta do cheannairí scoile, m.sh. oiliúint réamhcheapacháin, ionduchtú Príomhoidí nuacheaptha agus forbairt ghairmiúil leanúnach ar feadh a ngairmréanna.

Ar thosaíochtaí an Ionaid tá:-

- cáilíocht nua iarchéime do mhúinteoirí ar mhaith leo a bheith ina gceannairí scoile, ag tarraingt ar an gcleachtas agus taighde idirnáisiúnta is fearr ó thaobh forbairt ghairmiúil ceannairí scoile.
- clár meantóireachta do phríomhoidí scoile nuacheaptha
- tacaíocht chóitseála do phríomhoidí scoile a bhfuil deacrachtaí gairmiúla acu
- athbhreithniú agus ailíniú na gclár ceannaireachta le caighdeáin na Roinne agus leis an gcontanam agus
- creat um dhearbhú cáilíochta a fhorbairt do sholáthar na ceannaireachta.

5.10 Oideachas Múinteoirí

Lean an Roinn dá tacaíocht do phróiseas ionduchtúcháin agus promhaidh na Comhairle Múinteoireachta i 2015. D'fhreastail Cigirí na Roinne ar chruinnithe de ghrúpaí braisle agus ar laethanta foghlama comhroinnte, agus thacaigh leis an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí.

Tá Droichead á thriail i scoileanna éagsúla in imeacht trí bliana (2013/14, 2014/15 agus 2015/16). Meastar go bhfoilseofar foilseachán de chuid an ESRI "Athbhreithniú ar Chlár Droichead' (Review of Droichead Programme) i 2016. I mí na Nollag 2015 bhí 320 scoil (178 bhunscoile agus 142 iar-bhunscoil) rannpháirteach sa tionscadal.

5.11 Cláir Oiliúna Tosaigh Múinteoirí – Lárionaid Feabhais d'Oideachas Múinteoirí

Tá struchtúir oiliúna tosaigh múinteoirí á gcomhdhúthú ar aon dul le Tuarascáil an Phainéil Idirnáisiúnta Athbhreithnithe ar Struchtúr an tSoláthair Oiliúna Tosaigh Múinteoirí in Éirinn. Tá Céim 1 de thionscadal Corpraithe DCU tugtha chun críche agus cláraíodh na chéad fhochéimithe i gColáiste Phádraig, Droim Conrach agus in Institiúid Mater Dei mar mhic léinn de chuid DCU.

5.12 Soláthar Múinteoirí

Bunaíodh Grúpa Oibre Teicniúil tar éis comhaontú idir an Roinn agus an Chomhairle Mhúinteoireachta go ndéanfaí anailís ar an soláthar múinteoirí. Cuireadh Tuarascáil Eatramhach an ghrúpa oibre teicniúil ar an soláthar múinteoirí faoi bhráid an Aire in Eanáir 2015. Cuireadh Tuarascáil Deireadh an ghrúpa oibre teicniúil ar an soláthar múinteoirí faoi bhráid an Aire ó shin agus breithneofar é i 2016.

5.13 Leithdháileadh Múinteoirí i 2015

Leithdháiltear poist múinteoirí ar scoileanna de réir critéir fhoilsithe. Mionsonraítear sa tábla thíos leithdháileadh na bpost teagaisc le linn 2015.

Tábla 3. Líon na Foirne Lánaimseartha (Poist Lánaimseartha Coibhéiseacha Leithdháilte)

	2014/2015	2015/2016
An Chéad Leibhéal	33,613	34,576
Gach Dara Leibhéal	26,174	26,804
An Dara Leibhéal seachas Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta	24,455	25,123
Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta	1,719	1,681

San áireamh sa phróiseas ath-imlonnaithe i 2015 bhí ath-imlonnú 282 buanmhúinteoir bunscoile agus 82 buanmhúinteoirí iar-bhunscoile.

Tar éis na buanmhúinteoirí a ath-imlonnú, is é an nós imeachta, faoin bpróiseas ath-imlonnaithe bunscoile, dul i muinín an phainéil fhorlíontaigh ath-imlonnaithe chun aon phoist bhuana neamhlíonta a líonadh. I 2015 bhí os cionn 2,040 múinteoir ar an bpainéal forlíontach ath-imlonnaithe.

5.14 An Bille um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú)

n Eanáir 2015 cheadaigh an Rialtas fhoilsiú an Bhille um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú). Achtaíodh an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú) 2015 i mí Iúil 2015. Is é cuspóir an Achta tacaíocht a thabhairt do ról lárnach na Comhairle Múinteoireachta sna socruithe grinnfhiosrúcháin do mhúinteoirí agus a cheadú don Chomhairle Múinteoireachta forálacha i dtaobh oiriúnacht don mhúinteoireacht a chur i bhfeidhm, ar bhonn reachtúil.

5.15 Déileáil le Drochúsáid Roimhe Seo

Cuireann Éire pleananna gníomhaíochta débhliantúla ar aghaidh chuig Comhairle na hEorpa ina mionsonraítear bearta aonair agus bearta ginearálta atá á ndéanamh chun Breithiúnas na Cúirt Eorpaí um Chearta an Duine i gcás Louise O'Keeffe a chur i ngníomh.

Thionscain Ms O'Keeffe imeachtaí in aghaidh na hÉireann sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine ag maíomh gur sáraíodh Airteagail 3, 8, 13, 14 agus Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 1. Ina bhreithiúnas, a tugadh an 2 Eanáir 2014, chinn an Seomra Mór gur sáraíodh Airteagail 3 (toirmeasc ar íde neamhdhaonna agus táireach) agus Airteagal 13 (an ceart ar leigheas éifeachtach) agus bhronn €30,000 ar an iarratasóir i dtaca le damáiste airgid agus neamhairgid agus €85,000 i gcostais.

Sna pleananna gníomhaíochta a cuireadh ar aghaidh chuig Comhairle na hEorpa i 2015 nótáladh na forbairtí reachtacha i dtaca le reachtaíocht náisiúnta grinnfhiosrúcháin, an Bille um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú) 2015 agus an Bille um Thús Áite do Leanaí, 2014.

Ina theannta sin, cheadaigh an Rialtais tograí chun íocaíochtaí ex-gratia a thairiscint dóibh siúd a thionscnaimh imeachtaí dlí i gcás mí-úsáid gnéasach ar leanaí scoile in aghaidh an Stáit ach a tharraing siar a gcuid maíomh dá éis i gcás ina dtagann cúinsí an mhaímh faoi théarmaí chinneadh na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine i gcás Louise O'Keeffe agus i gcás nach raibh urchosc reachta ar na maímh sular tarraingíodh siar na himeachtaí.

D'aontaigh an Rialtas go gcoimeádfaí taifid an Bhoird Sásaimh d'Institiúidí Cónaithe, Coiste Athbhreithnithe Shásamh na nInstitiúidí Cónaithe agus an Choimisiún chun Mí-úsáid Leanaí a fhiosrú tar éis scor na bhforas sin. I Márta 2015, d'fhoilsigh an Rialtas dréachtscéim ghinearálta le haghaidh Bille um Choimeád Taifead ina bhforáiltear go gcuirfear taifid na bhforas seo, ar scor dóibh, i dtaisce sa Chartlann Náisiúnta mar a gcaomhnófar iad go ceann 75 bliain. Cuireadh an bille faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais ar an Oideachas in Aibreán 2015 le scrúdú iar-reachtach a dhéanamh air.

5.16 Comhar Thuaidh-Theas

Bhí an Roinn rannpháirteach i gcónaí i gcruinnithe den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas i 2015 i bhformáidí Iomlánacha agus déthaobhacha. I gcruinnithe idir na hAirí Oideachais díríodh ar chomhar trasteorann sna réimsí seo a leanas: dul i ngleic le tearcghnóthachtáil agus gnóthachtáil oideachasúil a fheabhsú; comhthionscnaimh i riachtanais speisialta oideachais; oideachas múinteoirí; agus malartuithe scoileanna, daoine óga agus múinteoirí.

Áiríodh ar an gcomhar idir an Roinn agus an Roinn Oideachais, Tuaisceart Éireann, comhthionscnaimh trasteorann chun litearthacht agus uimhearthacht a chur chun cinn, lena n-áirítear:

- treoracha dea-chleachtais maidir le teagasc na huimhearthachta agus na litearthachta i scoileanna dara leibhéal a chomhfhoilsiú i 2015; agus

- Seachtain na Mata 2015 a sheoladh; i nDeireadh Fómhair a bhí sé agus ghlac 270,000 duine nó sin páirt ann.

Chun freagairt a thabhairt ar na dúshláin a ghabhann le tearcfheidhmíocht/míbhuntáiste oideachasúil, d'aontaigh an dá Roinn gur chóir an fhoghlaim ina dtaobh go dtí seo a scaipeadh ar shlí níos forleithne.

Leanadh den teagmháil ghníomhach leis an Roinn Fostaíochta agus Foghlama i dTuaisceart Éireann i 2015 chun léargas a chomhroinnte agus féidearthachtaí a scrúdú do chomhar breise ar raon leathan réimsí lena n-áirítear: athchóiriú reachtach agus institiúideach; cistiú an ardoideachais agus an bhreisoideachais; ceisteanna a bhaineann le rochtain/soghluaisteacht mac léinn; sreafaí mac léinn trasteorann; taighde; agus comhar chláir chistiúcháin Eorpacha. I 2015, foilsíodh comhpháipéar ar shreafaí fochéimithe agus iarchéimithe ardoideachais agus breisoideachais trasna na teorann i 2013/14.

Ghlac an Coimisiún Eorpach clár SÍOCHÁIN iv go déanach i 2015. Féachtar, trí SÍOCHÁIN IV leis an athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i réigiún teorann na hÉireann a dhoimhniú agus dul i ngleic leis na dúshláin atá fanta trí infheistíocht a dhéanamh in oideachas comhroinnte, i spásanna agus seirbhísí comhroinnte agus i dtionscadail a thugann daoine le chéile. Tá Cuspóir 1 de SÍOCHÁIN IV ceaptha le cur le sochaí níos comhtháite tríd an leibhéal comhoibrithe idir scoileanna in earnálacha éagsúla, agus teagmháil dhíreach, leanúnach agus curaclam-bhunaithe idir daltaí agus múinteoirí ó gach cúlra ar fud réimse an Chláir (sé chontae TÉ móide na sé chontae teorann).

Sannadh leithdháileadh breise de €30 milliún do chuspóir oideachais an chláir nua. Cuirfidh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann cistiú comhionann ar fáil.

Chaith an Roinn €624,024 i 2015 ar thacaíocht do ghníomhaíochtaí Thuaidh/Theas.

Rannpháirtithe	2015
Líon iomlán na scoileanna	1895
Líon iomlán na ngrúpaí óige	31
Líon iomlán na múinteoirí/oiliúnóirí	2339
Líon iomlán na mac léinn	245,022
Líon iomlán na ndaoine óga	4,230
Líon n-institiúidí tríú leibhéal	58

5.17 An Cód Cleachtais maidir leis an Marc Idirnáisiúnta Oideachais

In Iúil 2015 d'fhoilsigh an QQI Cód Cleachtais um Sholáthar Oideachais agus Oiliúna d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta. Aibhsítear sa Chód na príomhréimsí gníomhaíochta do sholáthraithe oideachais agus oiliúna is suntasaí ina gcuid oibre le foghlaimeoirí idirnáisiúnta agus áirítear air roinnt riachtanas ar nós cosaint d'fhoghlaimeoirí cláraithe, trédhearcacht na bpróiseas táillí agus aisíocaíochta agus soláthar seirbhísí cúram tréadach d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta. Spreagtar soláthraithe oideachais agus oiliúna chun aird chuí a thabhairt ar an gCód Cleachtais agus a nósanna imeachta agus próisis um dhearbhú cáilíochta á bhforbairt acu chun oideachas idirnáisiúnta a sholáthar.

Tá deacrachtaí reachtacha ag gabháil le cur i ngníomh an bheartais ghaolmhar maidir leis an Marc Idirnáisiúnta Oideachais. Tá gá le leasuithe reachtacha a dhéanamh ar an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 sular féidir an Marc a thabhairt isteach. Lorgófar ceadú an Rialtais chun Bille Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú) a thabhairt isteach.

Tar éis an Marc a thabhairt isteach, beidh an Cód Cleachtais ina riachtanas reachtach do gach soláthraí a fhéachfaidh leis an Marc a fháil.

5.17.1 Liosta Eatramhach na Soláthraithe Incháilithe

I mBealtaine 2015, cheadaigh an Rialtas roinnt athchóirithe ar an gcóras inimirce mac léinn don oideachas idirnáisiúnta. Áirítear ar an athchóiriú seo, atá á chur i ngníomh ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, srian a chur le liosta na gclár oideachais a mheastar a chosnaíonn deonú an cheada do mhic léinn dul i mbun oibre agus cónaithe in Éirinn (liosta ar a dtugtar Liosta Eatramhach na gClár Incháilithe -– an ILEP.

Mar chuid den phróiseas nua seo ceanglaítear ar gach soláthraí mhúineadh an Bhéarla ar mian leo mic léinn nach mic léinn LEE iad a earcú, iarratas a dhéanamh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar chuimsiú ar an ILEP. Ceanglaítear ar sholáthraithe mhúineadh an Bhéarla a lorgaíonn cuimsiú ar an ILEP géilleadh do riachtanais áirithe nua lena n-áirítear dearbhú úinéireachta, scáthstiúrthóirí, bonneagar fisiciúil agus cumas teagaisc. Ceanglaítear orthu, leis, socruithe éigeantacha cosanta d'fhoghlaimeoirí a bheith i bhfeidhm mar aon le háis chuntais ar leithligh chun réamhíocaíochtaí mac léinn a chosaint. D'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an chéad leagan iomlán den ILEP an 20 Eanáir 2016. Tugann an Roinn sin an ILEP chun dáta ag eatraimh rialta.

Beart eatramhach is ea próiseas ILEP go dtí go dtugtar an Marc Idirnáisiúnta Oideachais isteach maidir le soláthar oideachais d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta, a sholáthróidh creat iomlán cáilíochta níos faide anonn.

5.18 Straitéis chun Idirnáisiúnú Sheirbhísí Oideachais na hÉireann a Bhreisiú

Lean an obair ar chur i ngníomh na straitéise chun idirnáisiúnú sheirbhísí oideachais na hÉireann a bhreisiú. Áirítear ar na príomhthráscairí feidhmíochta ar thabhairt isteach na straitéise 60% de mhéadú ar líon na mac léinn idirnáisiúnta inár n-institiúidí ardoideachais idir phoiblí agus phríobháideach ó thaobh cistithe, méadú de 16% ar líon na mac léinn atá rannpháirteach inár earnáil ardcháilíochta mhúineadh an Bhéarla agus méadú de 38% ar líon na mac léinn a thagann go hÉirinn mar chuid de chlár Erasmus+.

Tar éis cleachtadh comhairliúcháin phoiblí, le forlíonadh ó ghairm ar thograí ón earnáil oideachais, d'athbhreithnigh an Roinn an Straitéis Idirnáisiúnta Oideachais (2010-2015) i bhfoirm pháipéar comhairliúcháin a cuireadh faoi bhráid an ghrúpa ardleibhéil ar Oideachais Idirnáisiúnta i bhFeabhra 2015 agus a aontaíodh.

Scaipeadh an chéad dréacht den Straitéis nua (2016-2020) ar an nGrúpa Ardleibhéil ar Oideachas Idirnáisiúnta i Samhain 2015 agus pléadh é. Áiríodh air measúnú ar na treochtaí eacnamaíocha agus luach na mac léinn idirnáisiúnta don gheilleagar. Is léir ón gcéad dréacht seo gur mhéadaigh líon na mac léinn idirnáisiúnta go suntasach le blianta beaga anuas agus go bhfuil an buntáiste airgeadais don gheilleagar ag fás go suntasach.

Tá an Roinn faoi láthair ag tabhairt na Straitéise chun críche agus féachtar le hé a chur faoi bhráid an Aire agus an Rialtais, sa chéad ráithe de 2016.

5.19 Erasmus+

Is é Erasmus+ Clár an AE um Oideachas, Oiliúint agus Spórt i gcomhair 2014-2020 Féachtar, leis, le cabhrú chun na dúshláin is tábhachtaí atá roimh an Eoraip a chomhlíonadh trí fás agus poist a threisiú agus cothromas agus cuimsiú sóisialta a chothú. Cuirfidh Erasmus+ deiseanna ar fáil do 62,000 saoránach Éireannach nó mar sin chun dul i mbun staidéir nó oiliúna, taithí oibre a fháil agus obair dheonach a dhéanamh thar lear. Meastar go leithdháilfear €169m ar Éirinn don chlár seacht mbliana. Is iad an tÚdarás um Ardoideachas agus Léargas na gníomhaireachtaí náisiúnta atá freagrach as bainistíocht Erasmus+ in Éirinn. Cuirtear cistiú ar fáil do ghluaisteachtaí, do chomhpháirtíochtaí oibríochtúla agus obair bheartais.

Faoin gClár i 2015, chuir an Coimisiún Eorpach cistiú ar fáil do thairbhithe agus do thionscnóirí agus comhpháirtithe tionscadail. Cuireann gníomhaireachtaí náisiúnta sna ballstáit an cistiú seo ar fáil. Is iad an Roinn, agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige na húdaráis náisiúnta a mhaoirsíonn an riar a dhéanann na gníomhaireachtaí ar an gclár. Tá ionadaithe ag an dá Roinn ar bhord stiúrthóirí Léargas. Gníomhaireacht de chuid na Roinne seo is ea Léargas, agus comhlíonann an Roinn róil i ngnóthaí ar nós ceapadh an Bhoird, cistiú a sholáthar do ghníomhaíochtaí oibríochtúla agus socruithe tuairiscithe.

Cistiú tionscadail 2015 ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Erasmus+	
Scoileanna Erasmus+ :	€2,863,261
Gairmoideachas agus oiliúint Erasmus+:	€3,904,761
Aosoideachas Erasmus+:	€931,820
An óige Erasmus+:	€3,036,979
Erasmus+ higher education:	€9,430,206
Total Erasmus+ project funding for 2015	€20,167.027

5.20 Grúpa Saineolaithe Cistiúcháin

Bunaíodh Grúpa Saineolaithe faoi cheannas Peter Cassells i samhradh 2014 chun riachtanais bhreise cistiúcháin don ardoideachas a scrúdú agus chun roghanna a chur i láthair maidir le straitéis cistiúcháin fhadtéarmach inbhuanaithe a fhorbairt don earnáil. Le linn 2015, rinne an Grúpa anailís chríochnúil agus chuaigh i mbun comhairliúcháin ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta araon. D'fhoilsigh an Grúpa trí cinn de pháipéir chomhairliúcháin i 2015[1]:

- The Role, Value and Scale of Higher Education in Ireland
- Optimising Resources in Irish Higher Education
- Funding Irish Higher Education – A Constructive and Realistic Discussion of the Options

Bhí raon comhairliúchán agus fóram plé ag an nGrúpa le geallsealbhóirí ó institiúidí ardoideachais, le mic léinn, foirne, fostóirí, codanna eile den chóras oideachais agus oiliúna, Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, grúpaí pobail agus deonacha, agus ionadaithe poiblí. Thug an Grúpa a

[1] All available here: http://www.education.ie/en/The-Education-System/Higher-Education/

chuid oibre chun críche i Márta 2016 agus tá an tuarascáil á breithniú faoi láthair.

5.21 Suirbhé Náisiúnta ar Fhostóirí agus Suirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht Mac Léinn

Tá cuntasacht an chórais á méadú leis, tríd an Suirbhé Náisiúnta ar Fhostóirí agus an Suirbhé Náisiúnta nua ar Mhic Léinn a chur i gníomh.

Foilsíodh tuarascáil ar thorthaí an chéad Suirbhé Náisiúnta ar Fhostóirí i mBealtaine 2015. San iomlán, bhí fostóirí an-sásta le céimithe breisoideachais agus ardoideachais a earcaíodh le deireanas ó thaobh a dtréithe san ionad oibre agus a dtréithe pearsanta. Áiríodh ar na tréithe sin scileanna TFC, obair bhuíne, cumarsáid, inoiriúnacht agus solúbthacht; dearcadh dearfach agus fuinneamh. Tuairiscíodh leibhéal sástachta is ísle ná sin i gcás cumas teangacha iasachta, scileanna fiontraíochta agus fios/feasacht gnó.

Anuas air sin, léirigh torthaí Shuirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht Mac Léinn a foilsíodh i Samhain 2015 sástacht ghinearálta i measc mac léinn ardoideachais lena n-éispéiris. Thuairiscigh 82% de na mic léinn rannpháirteacha caidreamh dearfach leis an bhfoireann teagasc, agus dúirt go raibh siad ar fáil, cabhrach agus tuisceanach (scór de 5 nó os a chionn ar scála 7 bpointe) agus roghnaigh 79% de na daltaí rannpháirteach 'maith' nó 'ar fheabhas' nuair a iarradh orthu a n-eispéireas oideachais ó thús deireadh san institiúid i dtrácht a mheas. Roghnaigh 63% de mhic léinn 'go minic' nó 'go han-mhinic' nuair a iarradh orthu cibé an raibh siad ag fáil eolais agus scileanna a dhéanfadh é níos fusa dóibh post a fháil.

5.22 An Creat Feidhmíochta Ardoideachais

Is bonn é cur i ngníomh an Chreata Feidhmíochta Córais, an Idirphlé Straitéisigh agus comhaontú na gcomhaontuithe idir an Údarás um Ardoideachas agus institiúidí ardoideachais athrú ar an gcaidreamh idir an Stát agus an córas ardoideachais agus soláthraíonn se leibhéal nua cuntasacht do chistiú poiblí i gcomparáid le cuspóirí náisiúnta don chóras ardoideachais a mhaoiníonn an pobal.

Foilsíodh an chéad Tuarascáil ar Fheidhmíocht Córais i Meitheamh 2014 agus tá an dara tuarascáil á ullmhú faoi láthair ag an Údarás um Ardoideachas agus measfar go bhfoilseofar é i 2016. Déanfar athbhreithniú ar an gCreat Feidhmíochta Córais i 2016 agus athcheartófar an creat don tréimhse amach romhainn.

5.23 Ceapacháin ar Bhoird na nInstitiúidí Ardoideachais

II 2015, ar aon dul le beartas an Rialtais ar líonadh folúntas ar Bhoird Stáit, tionscnaíodh próiseas nua chun folúntais a líonadh ar bhoird agus i gcomhlachtaí rialaithe na n-institiúidí ardoideachais. D'iarr an Roinn léirithe spéise ó dhaoine cuícháilithe i bhfógra poiblí ar shuíomh gréasáin na Roinne i bhFeabhra – Márta 2015. Cuireadh nasc chuig fógra na Roinne ar fáil, leis, ar www.stateboards.ie agus cuireadh an fógra ar a súile do dhaoine atá cláraithe leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Áiríodh ar an bhfógra liosta de na folúntais ab eol a thiocfadh chun cinn ar bhoird agus ar chomhlachtaí rialála sa tréimhse go Márta 2017. Bhí iarratasóirí in ann a léiriú cibé ar mhaith leo go gcuirfí san áireamh le haghaidh poist eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn in institiúidí agus eagraíochtaí eile san earnáil ardoideachais sna 24 mhí amach romhainn.

Gheofar ar shuíomh gréasáin na Roinne faisnéis ar na folúntais agus na ceapacháin atá ag teacht chun cinn.

6 Sprioc 3 – Tacú leis an gCuimsiú agus an Éagsúlacht

6.1 Cuimsiú i Suíomhanna Luathbhlianta

I 2015, d'fhorbair na Ranna Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Oideachais agus Scileanna agus Sláinte samhail chun tacú le rochtain ar ionaid ECCE (réamhscoile uilíoch saor in aisce) do leanaí faoi mhíchumas. Cuireadh tús le cur i ngníomh na samhla i 2015 agus tá a cion á déanamh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna i dtaca le gnéithe stiúrtha agus feidhmithe na samhla. Seoladh gairm ar thograí le haghaidh cuibhreannas de sholáthraithe ardoideachais chun clár náisiúnta a sholáthar le haghaidh dámhachtain sainchuspóra ardoideachais, a bheidh ar fáil saor in aisce do bhall foirne amháin i suíomh luathbhlianta. Cuirfidh an cháilíocht le scileanna na gcleachtóirí seo chun feidhmiú mar Chomhordaitheoirí ar Chuimsiú, ar príomhról é a aithníodh chun tacú le leanaí faoi mhíchumas i réamhscoil. Déanfaidh an Roinn seo agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an tionscnamh seo a chistiú agus beidh soláthar ann do 900 cleachtóir sa bhliain go ceann ceithre bliana chun an clár seo a dhéanamh agus a chríochnú, clár a chuirfear ar fáil ar shlí sholúbtha.

6.2 Grúpa Stiúrtha ar Athchóiriú an Athraithe

Foilsíodh in Aibreán 2015 Plean Feidhmithe chun an t-athrú idir an dara leibhéal agus an t-ardoideachas a athcheartú. Ceithre athrú atá san athcheartú, athruithe a rachaidh i bhfeidhm ar dhaltaí a dhéanfaidh an Ardteistiméireacht i 2017:

- Intuarthacht na gceisteanna i scrúduithe na hArdteistiméireachta;
- Scála grádaithe nua do scrúduithe na hArdteistiméireachta;
- Tograí i leith comhscála athcheartaithe pointí d'iontráil isteach san ardoideachas; agus
- Iontráil níos leithne d'fhochéimithe isteach i gcláir ardoideachais.

Ó 2017, déanfar torthaí na ndaltaí uile a ghrádú in ocht mbanda grád ar an ardleibhéal agus ar an ngnáthleibhéal. Tá comhscála pointí athcheartaithe tugtha chun críche agus foilsithe ag na hinstitiúidí ardoideachais i Meán Fómhair 2015.

6.3 Cothromas Rochtana ar an Ardoideachas

I 2015, lean an roinn de thacaíochtaí spriocdhírithe rochtana a sholáthar chun leibhéil níos airde rannpháirtíochta oideachais a éascú i gcás grúpaí faoi ghann-ionadaíocht i 2015. Is é an cuspóir ardleibhéil tacú le mic léinn faoi mhíchumas, le mic léinn lánaibí agus leo siúd ó chúlraí eacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste chun glacadh le deiseanna chun dul ar aghaidh chuig an ardoideachas.

I gceist sa Bheart um Rochtain Tríú Leibhéal, a bhainistíonn an tÚdarás um Ardoideachas thar ceann na Roinne, tá dhá cheann d'fho-thosaíochtaí, an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn agus an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas. Déanann Ciste Sóisialta na hEorpa an beart seo a chómhaoiniú.

Déanann institiúidí ardoideachais an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn a riaradh ar bhonn áitiúil agus dírítear é ar na mic léinn is mó atá ina ghátar. Soláthraíonn sé acmhainní breise d'institiúidí chun tacú le mic léinn lánaimseartha atá i gcruachás. Bhain 14,000 mac léinn sochar as an gCiste Cúnaimh do Mhic Línn i mbliain acadúil 2014/15.

Tríd an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas soláthraítear cistiú d'institiúidí breisoideachais agus ardoideachais chun seirbhísí agus tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn lánaimseartha atá faoi mhíchumas mór céadfach, fisiciúil agus/nó cumarsáide. Féachtar leis an gCiste le tacú le mic léinn a bheith rannpháirteach go hiomlán ina gcláir acadúla agus a chinntiú nach aon mhíbhuntáiste dóibh é a míchumas. Bhain 10,370 mac léinn sochar as an gCiste do Mhic Léinn faoi mhíchumas i mbliain acadúil 2014/15.

San iomlán caitheamh €16.2m i mbliain airgeadais 2015 ar Bhearta Rochtana Tríú Leibhéal.

Reachtaíocht:
Scéim na nDeontas do Mhic Léinn 2015 (I.R. Uimh. 155 de 2015)
Na Rialacháin Tacaíochta do Mhic Léinn 2015 (I.R. Uimh. 154 de 2015)
Scéim na nDeontas do Mhic Léinn (Leasú) 2015 (I.R. Uimh. 323 de 2015)
Rialacháin an Achta um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 (Daoine Forordaithe) 2015 (I.R. Uimh. 149 de 2015))

6.4 Plean Náisiúnta nua um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas

Seoladh an Plean Náisiúnta nua um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas (2015–2019) i mí na Nollag 2015. Sa phlean tá os cionn 30 gníomhaíocht atá ceaptha againn le rannpháirtíocht san ardoideachais a neartú i spriocghrúpaí. San áireamh sa Phlean, leis, tá roinnt príomhspriocanna chun rannpháirtíocht grúpaí atá faoi ghann-ionadaíocht faoi láthair san ardoideachas a mhéadú: mic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, foghlaimeoirí páirtaimseartha/solúbtha, mic léinn faoin mhíchumas, sealbhóirí dámhachtainí breisoideachais, agus Taistealaithe Éireannacha.

6.5 Deontais do Mhic Léinn

Soláthraíonn an Roinn cistiú do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath chun gur féidir le Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) deontais do mhic léinn a riaradh.

Chuir Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) tús lena cheathrú bliain oibríochtaí i 2015. Díríodh ar an obair gach bliain chun feabhsú leanúnach a dhéanamh ar an gcóras, go háirithe i dtaca leis na próisis agus na córais atá i bhfeidhm.

Osclaíodh scéim 2015 níos luaithe ná i mblianta eile. Fuair SUSI díreach os cionn 108,000 ar bhliain acadúil 2015/16, a gcáileoidh 80,000 dóibh nó mar sin do thacaíocht deontais. Caitheadh €388m nó mar sin ar thacaíochtaí deontais do mhic léinn i 2015.

Chomhlíon nó sháraigh SUIS na méadrachtaí agus spriocanna feidhmíochta atá leagtha síos sa Chomhaontú Creata Bainistíochta idir an roinn agus an CDETB maidir le próiseáil agus íoc na ndeontas do mhic léinn don bhliain 2014/15.

I 2015, ba é €3,025 an t-uasráta caighdeánach den deontas cothabhála. Fuair daltaí a cháiligh do ráta speisialta an deontais €5,915 ar a mhéad.

6.6 Bord Achomharc Dheontais do Mhic Léinn

I 2015, bhí 25 cruinniú ag Bod Achomhairc Dheontais do Mhic Léinn agus éisteadh 700 achomharc ó mhic léinn ar chinntí a rinneadh oifigigh achomhairc.

6.7 Scoláireachtaí

Bronnadh 81 scoláireacht agus 384 sparánacht i mbliain acadúil 2015/16 agus caitheadh €1.7m i mbliain airgeadais 2015.

6.8 Scéim Phíolótach Tacaíochta

Foilsíodh an 30 Meitheamh 2015 Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar an bPróiseas Cosanta. Mhol an Grúpa Oibre leathnú a dhéanamh ar na tacaíochtaí a bhí ar fáil do mhic léinn tríú leibhéal agus i gcúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, do dhaltaí sa phróiseas iarrtha tearmainn a bhí i gcóras oideachais na hÉireann le cúig bliana nó níos mó.

De réir an mholta sin, thug an Roinn scéim nua phíolótach isteach do bhliain acadúil 2015/16.
Soláthraíonn an scéim tacaíochtaí ar aon dul leo siúd sa scéim Deontas do Mhic Léinn, do mhic léinn sa chóras cosanta, nó ag an gcéim Cead Fanta (ach ní ag céim na díbeartha) chun iad a

chumasú chun freastal ar chúrsaí fochéime nó cúrsaí iar-Ardteistiméireachta.

Scéim piolótach bliana a bheidh sa scéim nua. Athbhreithneofar í i 2016, go háirithe féachaint cén dul cinn cinn a rinne an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i gcur i ngníomh an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 agus moltaí eile ón nGrúpa Oibre.

6.9 Cuimsitheacht sna Scoileanna a Chur chun cinn

6.9.1 Plean Gníomhaíochta um Fhrithbhulaíocht agus Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta a Fhorbairt

Thug an Roinn tacaíocht leanúnach chun dul i ngleic le bulaíocht i scoileanna tríd an bPlean Gníomhaíochta um Bhulaíocht a chur i ngníomh go leanúnach. Áiríodh air sin suíomh gréasáin nua frithbhulaíochta náisiúnta www.tacklebullying.ie a chuireann faisnéis, tacaíocht agus comhairle ar fáil do dhaltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí maidir leis an tslí le hiompar bulaíochta a shainaithint agus díriú air, agus a ligeann do dhéagóirí a gcuid taithí a chomhroinnt ar líne lena gcuid piaraí.

6.9.2 Féinmharú a Chosc

Chuidigh an Roinn chun straitéis nua náisiúnta a fhorbairt maidir le féinmharú a chosc, straitéis dar teideal Ag Nascadh don Saol: Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú 2015-2020 agus i gcomhar leis an Roinn Sláinte foilsíodh treoirlínte nua a d'fhorbairt an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais ar an tslí le meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn i mbunscoileanna, treoirlínte dar teideal Folláine sna Bunscoileanna – Treoirlínte do Chur chun cinn na Meabhairshláinte.

6.9.3 Saincheisteanna Tras-inscne sna Scoileanna

I nDeireadh Fómhair 2015, d'óstáil an Roinn plé comhstádais idir na comhpháirtithe oideachais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a oibríonn le daoine óga tras-inscne i gcomhar leis an Aire Stáit Fostaíochta, Pobail agus Tacaíochta Sóisialta.

6.9.4 Seachtain na Scoileanna Gníomhacha

Ina theannta sin, sheol an Roinn, i gcomhar leis an Roinn Sláinte Leanaí, roinnt tionscnamh chun folláine a chur chun cinn i measc daoine óga, lena n-áirítear an tríú suirbhé scoile ar Scileanna Saoil agus Seachtain na Scoileanna Gníomhacha 2015 a bhí le heagrú i ngach scoil, idir bhunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus ionaid Ógtheagmhála.

6.10 Próisis Iontrála Scoile

6.10.1 An Bille Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna)

Forbraíodh an Bille Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2015 chun bonn a chur faoi chleachtais cláraithe scoile agus féachann sé le córas níos oscailte, níos cothroime agus níos trédhearcaí cláraithe a thabhairt isteach. Príomhchuspóir de chuid an Bhille agus na rialachán a ghabhann leis is ea rochtain ar scoileanna do na daltaí uile a fheabhsú. Foilsíodh an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) an 8 Aibreán 2015.

6.10.2 Cairt do Thuismitheoirí agus Mic Léinn

Tar éis leasuithe a dhéanamh ar an mBille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2015, beidh ar chumas an Aire, treoirlínte maidir le Cairt do Thuismitheoirí agus Mic Léinn a fhoilsiú i gcomhar leis na comhpháirtithe oideachais. Is é cuspóir na Cairte seasamh na dtuismitheoirí sa chóras oideachais a neartú chun athrú cultúir a dhéanamh ar an tslí ina dtugann scoileanna páirt do thuismitheoirí (agus do mhic léinn ar shlí aois-oiriúnach) agus sa chaidreamh a bhíonn acu leo. Déanfar na leasuithe riachtanacha ar an mBille Iontrálacha de réir mar a ghabhann sé tríd an Dáil agus an Seanad i 2016. Tar éis an reachtaíocht a achtú, cuirfear tús leis an obair mhionsonraithe chun treoirlínte reachtacha agus treoirlínte bunúsacha a leagan amach don Chair do Thuismitheoirí agus Mic Léinn.

6.10.3 Achomhairc faoi Alt 29

Fuair an Roinn 384 achomharc faoi Alt 29 i 2015. Cuireadh éisteacht iomlán ar fáil i gcás 231 de na hachomhairc sin. De na hachomhairc a fuair éisteacht iomlán seasadh le 80 (35%) díobh agus níos seasadh le 151 (65%).

6.11 Fócas ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas in Earnáil na mBunscoileanna

Sheol an CNCM páipéar comhairliúcháin ar Oideachas ar Reiligiúin agus Creideamh agus Eitic i 2015, mar chuid den obair i leith mholadh na Tuarascála Fóraim maidir le forbairt curaclaim in Oideachas ar Reiligiúin agus Creideamh agus Eitic do bhunscoileanna a chur i ngníomh.

Osclaíodh ocht gcinn de bhunscoileanna nua, scoileanna ilchreidmheacha ar fad, faoin bpróiseas dídhílsithe pátrúnachta chun rogha níos fearr a sholáthar do thuismitheoirí sna ceantair seo ina bhfuil an daonra ag fás go seasta, i gcomparáid le ceantair eile. Díobh seo, osclaíodh trí cinn de scoileanna nua i 2015, dhá cheann faoi phátrúnacht Oideachas Le Chéile agus Gaelscoil amháin faoi phátrúnacht an Fhorais Phátrúnachta. Osclófar dhá scoil nua faoin bpróiseas seo i 2016, an dá cheann faoi phátrúnacht Oideachas Le Chéile. Léiríonn an Clár um Rialtas Comhpháirtíochta cuspóir an Rialtais chun rogha tuismitheoirí a neartú agus leathnú a dhéanamh ar an éagsúlacht i gcóras na scoileanna, go sonrach trí líon na scoileanna neamh-shainchreidmheacha agus il-sainchreidmheacha a mhéadú i dtreo 400 faoi 2030. Tá an obair ar siúl i gcónaí sa Roinn chun soláthar na scoileanna breise il-sainchreidmheacha faoin bpróiseas seo a luasghéarú. Bhí sraith cruinnithe ag an Aire leis na príomh-gheallsealbhóirí chun roghanna eile Patrúnachta a chur ar fáil i 2016 agus dá éis.

6.11.1 Próiseas Pátrúnachta do Scoileanna Nua

Tar éis a aithint go bhfuil gá le scoil nua, seoltar próiseas trínar féidir le pátrúin dhifriúla iarratas a dhéanamh ar a bheith san áireamh mar phátrún ar an scoil nua. Is faoi gach patrún agus patrún ionchasach atá sé iarratas a dhéanamh faoin bpróiseas seo. Is iad sainroghanna tuismitheoirí i gcás gach pátrúin, mar aon lena mhéad éagsúlachta atá faoi láthair sa cheantar i dtráchta, na rudaí is mó a chuirtear san áireamh i gcinntí ar an bpróiseas seo. Maidir leis sin, ní mór do phátrúin ionchasacha sainroghanna tuismitheoirí a chur isteach mar chuid den phróiseas iarratais. Faoin bpróiseas seo, osclaíodh 24 bhunscoil agus 18 iar-bhunscoil nua go dtí seo. Éiteas il-sainchreidmheach atá ag 39 den 42 scoil sin.

6.12 Ceisteanna Tras-Rannacha

Le linn 2015, lean an Roinn uirthi de chuidiú le líon suntasach coistí tras-rannacha a dhéileálann le saincheisteanna eacnamaíocha agus sóisialta, lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta Drugaí, Straitéis Náisiúnta na mBan agus an Straitéis Náisiúnta Míchumais.

6.13 Clár DEIS (Cothromaíocht Deiseanna sna Scoileanna a Sholáthar)

I scoilbhliain 2015/16 bhí 836 scoil rannpháirteach i gclár DEIS ag freastal ar 169,500 scoil san iomlán. Áirítear anseo 330 bunscoil uirbeach, 316 bunscoil tuaithe agus 190 iar-bhunscoil. Ba é €110.69m costas iomlán ghnéithe uile chlár DEIS don Roinn i 2015.

Foilsíodh an tuarascáil ar R*átaí Coimeádta Daltaí i Scoileanna Dara Leibhéal* maidir le cohórt iontrála 2008 i bhFeabhra 2015 agus taispeánadh ann gur dhein 90.6% de na scoláirí seo Scrúdú na hArdteistiméireachta i 2013 nó 2014, i gcomparáid le 84.7% i gcás cohóirt iontrála 2001. Taispeántar sa tuarascáil gur mó go suntasach ná an gnáthráta feabhais náisiúnta an feabhas ar an ráta coimeádta i scoileanna DEIS le blianta beaga anuas, suas 13.9% ó 68.2% go 82.1% i gcás cohóirt iontrála 2001. Is féidir é sin a chur i gcomparáid le méadú de 7.6% ó 85% go 92.6% sa tréimhse chéanna i gcás scoileanna nach scoileanna DEIS iad.

6.13.1 Idirchaidreamh idir an Baile, an Scoil agus an Pobal agus an Clár Críochnaithe Scoile

Is é Seirbhís Leasa Oideachais na Gníomhaireachta Leanaí agus Teaghlaigh a chuireann an dá scéim seo ar fáil mar phríomheilimintí de DEIS. I scoilbhliain 2015/16 áiríodh 520 scoil bunscoile uirbigh DEIS agus iar-bhunscoil DEIS sa scéim idirchaidrimh, ag baint leasa as seirbhísí 400 comhordaitheoir scéime.

Cé gurb é Tusla atá freagrach as oibriú an scéim idirchaidrimh, is í an Roinn Oideachais agus Scileanna atá freagrach as leithdháileadh agus cistiú na múinteoirí a sanntar do ról Chomhordaitheoir na Scéime Idirchaidrimh.

6.13.2 Meastóireacht ar DEIS

Gné chriticiúil de scéim DEIS Is ea an mheastóireacht. Rinne an Lárionad um Taighde san Oideachas agus Cigireacht DEIS sraith meastóireachtaí ar ghnéithe de chlár DEIS agus gheofar torthaí na hoibre sin i sraith tuarascálacha a foilsíodh ó 2009 i leith.

Tá fianaise shoiléir sa taighde seo go bhfuil tionchar chun na maitheasa ag clár DEIS ar iarrachtaí chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais. I dtaighde fadtéarmach a rinne an Lárionad um Thaighde san Oideachas i mbunscoileanna uirbeacha DEIS i 2007, 2010 agus 2013, léiríodh feabhsú leanúnach ar litearthacht agus ar uimhearthacht na ndaltaí, agus bhí treochtaí misniúla le sonrú, i gcás leibhéil ghnóthachtála agus ráta coimeádta daltaí i dtaighde a rinne an Lárionad Taighde ar chur i ngníomh DEIS ar leibhéal na h-iarbhunscoile. Tá treocht suntasach chun na maitheasa le sonrú ó 2009 ar aghaidh i gcás leibhéal gnóthachtála sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic ar leibhéal an Teastais Shóisearaigh.

Déanfaidh an Lárionad Taighde céim tástála eile don staidéar fadtréimhseach i mbunscoileanna uirbeacha roimh dheireadh na scoilbhliana 2015/16.

6.13.3 Meastóireacht na Cigireachta ar DEIS

D'fhoilsigh an Chigireacht dhá cheann de thuarascálacha ilchodacha ar Phleanáil Gníomhaíochta ar mhaithe le Feabhsú i Scoileanna DEIS, ceann amháin maidir le bunscoileanna agus ceann maidir le hiar-bhunscoileanna ar shuíomh Gréasáin na Roinne in Eanáir 2015. Rinneadh cigireacht bhreise ar phleanáil ghníomhaíochta ar mhaithe le feabhsú i scoileanna DEIS i 2015.

6.13.4 Tuarascáil Chomhdhlúite ESRI - Foghlaim ó DEIS

Tá Plean Gníomhaíochta DEIS i bhfeidhm anois le breis is 10 mbliain agus is cuí é a athbhreithniú le cinntiú go sroicheann na tacaíochtaí breise a chuirtear ar fáil chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil na daltaí is mó a bhfuil gá acu leo. In Aibreán 2015, foilsíodh 'Foghlaim ó DEIS' – Tuarascáil ón ESRI ar chur i ngníomh Comhionannas Deise sna Scoileanna a Chur ar Fáil le 10 mbliana. Tugtar le chéile sa Tuarascáil foghlaim ó mheastóireacht ar DEIS a rinne an Lárionad Taighde agus Cigireacht DEIS go dtí seo, chomh maith le taighde gaolmhar Éireannach agus idirnáisiúnta ar mhíbhuntáiste oideachais le samplaí de dhea-chleachtas. Sa tuarascáil, déantar athmheasúnú ar phríomhthorthaí an taighde seo agus soláthraíonn sé comhairle chun bheith mar bhonn le treocht beartais amach anseo i dtaca le míbhuntáiste oideachasúil, lena n-áirítear DEIS.

Tar éis fhoilsiú na tuarascála seo, cuireadh tús le próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chlár DEIS i Meán Fómhair 2015. Tá formhór na n-athbhreithnithe sceidealta le críochnú roimh dheireadh scoilbhliain 2015/16.

Is é scóip iomlán an athbhreithnithe measúnú a dhéanamh ar an gClár DEIS mar atá sé anois i bhfianaise meastóireachta go dtí seo agus aon bheartas ábhartha agus forbairtí eile, chun bheith mar bhonn faoi bheartas amach anseo ar mhíbhuntáiste oideachasúil.

6.14 Freastal ar Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu

Geallann an Roinn seo a chinntiú go mbeidh rochtain ar oideachas atá oiriúnach dá gcuid riachtanas, i scoil chuimsitheach phríomhshrutha más féidir, trí líonra na scoileanna bunscoile agus iar-bhunscoile, ag gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. I gcás leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, nach féidir soláthar a dhéanamh dóibh i suíomhanna príomhshrutha, soláthraíonn an Roinn le haghaidh ranganna speisialaithe agus áiteanna i scoileanna speisialta.

Tá an Chomhairle Náisiúnta d'Oideachas Speisialta freagrach as iarratais a phróiseáil ó scoileanna a bhfuil tacaíochtaí acu do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Soláthraíonn an tSeirbhís Náisiúnta Oideachais Síceolaíochta tacaíocht do scoileanna chun neart agus laigí daltaí a shainaithint agus iad ag pleanáil agus ag athbhreithniú na n-idirghabhálacha atá oiriúnach do na riachtanais sin.

6.15 Samhail Nua Chigireachta

Tá samhail nua forbartha chun meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chaighdeán an tsoláthair oideachais i suíomhanna príomhshrutha d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ritheadh leagan píolótach den tsamhail i 2015.

6.16 Tacaíochtaí Spriocdhírithe do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu.

Amhail ag deireadh mhí na Nollag 2015, bhí 11,800 múinteoirí tacaíochta foghlama/tacaíochta lánaimseartha coibhéiseacha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna príomhshrutha.
Anuas air sin, bhí 1,100 múinteoir ag cur oideachais ar leanaí a bhí ag freastal ar scoileanna speisialta le cóimheasanna laghdaithe idir múinteoirí agus daltaí sa raon ó 6:1 go 11: 1, ag brath ar chatagóiriú an mhíchumais.

Bíonn tacaíocht ó Chúntóirí Riachtanas Speisialta, leis, ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta cúraim acu. Cuireadh 11,940 post lánaimseartha coibhéiseach do Chúntóirí Riachtanas Speisialta ar fáil go dtí deireadh 2015, agus 100 post Cúntóra Riachtanas Speisialta eile go dtí dheireadh mhí an Mheithimh 2016 chun soláthar a dhéanamh do riachtanais chúraim leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a bheidh ag freastal ar bhunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta le linn scoilbhliain 2015/16.

Eisíodh tuairim is 1500 deontas do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta i 2015, ar méadú é sin de 1,100 i 2014, chun trealamh speisialta a cheannach mar chabhair do leanaí sa seomra ranga a bhfuil riachtanais speisialta acu. Áirítear ar an trealamh a cuireadh ar fáil córais réimse fuaime do leanaí a bhfuil máchail éisteachta acu nó bogearraí agus áiseanna ríomhaireachta do leanaí a bhfuil míchumas cumarsáide acu.

I scoilbhliain 2015/16, bunaíodh 153 rang/aonad speisialta breise, a thugann líon na ranganna/aonad den sórt sin go 1,008.

6.17 An Scéim Teagasc Baile

Tacaíonn an Scéim Teagasc Baile le soláthar an oideachais ag an mbaile do leanaí nach bhfaigheann áit scoile gan mhoill, ar chúiseanna éagsúla, nó a gcuirtear isteach ar a dtinreamh ar chúiseanna a bhaineann le máithreachas.

I scoilbhliain 2014/15, cheadaigh an Roinn 285 iarratas ar Theagasc Baile faoin scéimeanna PLDS.
I 2015, d'athraigh an Roinn modh íocaíochta an Deontais Teagasc Baile ó íocaíocht dhíreach leis na tuismitheoirí go híocaíocht dhíreach le teagascóirí. Cuireadh an t-athrú seo i bhfeidhm i scoilbhliain 2015/16. Is fearr iad na socruithe nua chun géilleadh d'fhorálacha reachtacha asbhainte a éascú,

forálacha ar a n-áirítear cánachas agus forálacha gaolmhara. Gníomhaíonn an Roinn mar ghníomhaire párolla ar son tuismitheoirí/caomhnóirí.

6.18 Clár Teagaisc Mhí Iúil

Soláthraítear i gClár Teagaisc mhí Iúil do ranganna speisialta do leanaí ar speictream an uathachais agus a roghnaíonn a gcuid seirbhísí oideachais a leathnú isteach i mí Iúil. Anuas air sin, soláthraíonn an Roinn Clár Iúil do dhaltaí atá faoi mhíchumas ginearálta foghlama nó dian-mhíchumas ginearálta foghlama. I gcás nach féidir soláthar a chur ar fáil sa scoil, d'fhéadfaí teagasc baile a dheonú tríd an Scéim Teagasc Baile. Bhí 191 scoil rannpháirteach i 2015 agus bhain 4,758 dalta leas as sholáthar Chlár Iúil ag an mbaile i 2015.

6.19 Leithdháileadh Teagaisc Acmhainne

Mhéadaigh líon iomlán na bpost teagaisc acmhainne, leis, le blianta beaga anuas. Cuireadh 480 post teagaisc acmhainne ar fáil don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don scoilbhliain 2015/16 anuas ar an méid a cuireadh ar fáil i 2014/15. Ba é 6,832 líon na bpost a leithdháileadh i 2015/16 arb ionann é agus 29% de mhéadú ar líon na bpost a leithdháileadh i Meán Fómhair 2011, arbh ionann é agus 5,265.

Tá os cionn 11,800 poist teagaisc acmhainne agus tacaíochta foghlama ar fáil do na scoileanna le haghaidh scoilbhliain 2015/16 arb ionann é agus an líon is mó post riamh a bhí ar fáil, i gcomparáid le 11,000 post le cois don scoilbhliain 2014/15, 10,000 post le cois don scoilbhliain 2012/13 agus tuairim agus 9,950 post don scoilbhliain 2011/12.

Bunaíodh samhail nua ar bhonn píolótach chun múinteoirí acmhainne a leithdháileadh ar scoileanna, mar a mhol an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, i 47 gcinn de bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna i 2015, agus mhair sé ó cheann ceann scoilbhliain 2015/16.

6.20 Líon an gCúntóirí Riachtanas Speisialta a Mhéadú

In Iúil 2015 cuireadh 610 post breise mar Chúntóirí Riachtanas Speisialta ar fáil don Chomhairle um Oideachas Speisialta le leithdháileadh ar na scoileanna i scoilbhliain 2015/16, rud a thug líon na bpost sin atá ar fáil le leithdháileadh go 11,940 post. Mar chuid de Bhuiséad 2016, fógraíodh méadú de 100 post eile chun freastal ar an éileamh breise a tháinig chun cinn idir Eanáir agus Meitheamh 2016, rud a thug líon iomlán na bpost do chúntóirí riachtanas speisialta le leithdháileadh i scoilbhliain 2015/16 go 12.040. Is ionann sin agus méadú de 14% nach mór ar líon na bpost (10,575) a bhí ar fáil i 2011.

6.21 Oiliúint Múinteoirí

I 2015, chuir an tSeirbhís Tacaíaochta d'Oideachas Speisialta 19,084 áit ar fáil d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do mhúinteoirí páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Cuireadh 338 áit ar fáil ar chláir Tacaíochta Foghlama agus Oideachais Speisialta i gcoláistí.

6.22 Múinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta

I 2015, rialaíomar na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a rialaíonn múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta i scoileanna aitheanta, d'fhorbraíomar beartas sa réimse sin agus rinneamar monatóireacht ar chomhlíonadh chun úsáid éifeachtach acmhainní daonna a chur chun cinn ar fud earnáil na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna.

6.23 Tionscadal Middletown don Uathachas

Tugadh leathnú céimnithe dhá bhliain ar na seirbhísí ag Lárionad Middletown don Uathachas ag deireadh mhí an Mhárta 2015. Le hais líon úsáideoirí sheirbhísí an Ionaid a mhéadú, cuspóir

tábhachtach a bhí le leathnú na seirbhísí ná an Lárionad a leabú tuilleadh mar chomhlach riachtanach seachadta i gcás raon seirbhísí atá ar fáil chun tacú le leanaí a bhfuil uathachas acu, ar bhonn uile-oileáin.

Trí sheirbhísí an Lárionaid sa deisceart a leathnú, bhí ar a chumas tacaíocht dhíreach a chur ar fáil do leanaí ar bhonn píolótach, tionscadail spriocdhírithe taighde a thabhairt chun críche, taighde a bheidh mar bhonn le forbairt beartais amach anseo agus méadú a dhéanamh ar líon na n-áiteanna oiliúna a thairgtear do thuismitheoirí agus do ghairmigh araon, go háirithe ó thaobh príomhchéimeanna na beatha do leanaí a bhfuil uathachas acu a aibhsiú.

6.24 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Tá teacht ag gach bunscoil agus iar-bhunscoil phríomhshrutha ar shíceolaí NEPS a sholáthraíonn seirbhís chomhairleach chun riachtanais tosaíochta na scoile a chomhlíonadh. Tacaítear leis an tseirbhís seo le measúnaithe tríd an Scéim um Measúnaithe Síceolaíocha a Choimisiúnú.

Ar aon dul le mórchuid seirbhísí síceolaíochta eile agus leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, tá samhail chomhairleach seirbhíse glactha NEPS. Dírítear ar mhúinteoirí a chumhachtú chun idirghabháil a dhéanamh go héifeachtach le daltaí a bhfuil riachtanais acu sa raon ó éadrom go dian agus ó neamhbhuan go buan.

6.24.1 Táscairí 2015

Go dtí seo cuireadh seirbhísí measúnaithe ar fáil do na scoileanna trí shíceolaí NEPS a shannadh dóibh nó trí theacht a thabhairt dóibh ar an Scéim um Measúnaithe Síceolaíocha a Choimisiúnú. I 2013/14 tar éis scéim phíolótach den phróiseas, sannadh síceolaí NEPS ar gach bunscoil agus iar-bhunscoil (ach amháin ar scoileanna speisialta a fhaigheann an tseirbhís ó fhoinse eile) agus soláthróidh siad seirbhís mheasúnaithe, áit is gá, tríd an tSeirbhís um Measúnú Síceolaíoch a Choimisiúnú. Beifear in ann seirbhís níos aonchineálaí a sholáthar na scoileanna i gcoitinne, dá bharr. Leanadh den phróiseas i 2015/16 agus bhí síceolaithe NEPS ar fáil do 98% de na scoileanna (99.3% de dhaltaí).

Le linn bhliain acadúil 2015/16, bhí síceolaithe NEPS páirteach i gcásobair (measúnú agus idirghabháil) maidir le os cionn 8,064 dalta ainmnithe, agus cuireadh comhairle ar mhúinteoirí maidir le hidirghabhálacha i gcás 15,000 dalta ainmnithe breise. Lena chois sin, maoiníodh 1,711 mheasúnú faoin tSeirbhís um Measúnú Síceolaíoch a Choimisiúnú.

Anuas air sin, rinne síceolaithe NEPS moltaí maidir le 5,000 dalta faoin scéim um Chóiríocht Réasúnta i Scrúduithe Teistiméireachta thar ceann Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus d'fhreastail siad ar 127 dteagmhas criticiúil in scoileanna ar iarratas ó údaráis scoile.

Cuireann síceolaithe NEPS oiliúint ar mhúinteoirí chun cláir agus cleachtais bunaithe ar fhianaise a chur i ngníomh, chun athléimneacht agus inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach a chur chun cinn i measc leanaí agus daoine óga. Tugadh tús áite sa tseirbhís do dhá chlár a sheachadadh:

- Clár Bainistíochta Seomra Ranga na mBlianta Dochreidte, ar clár coiscthe agus luath-idirghabhála é sa seomra ranga a dearadh chun fadhbanna smachta a laghdú agus iompar sóisialta leanaí a chur chun cinn. I 2015, sholáthair NEPS ina gcáil mar oiliúnaithe creidiúnaithe oiliúint do 400 múinteoir ar fud na tíre.

- Cláir scoile, trína bhféachtar leis an imní a chosc agus athléimneacht a chothú is ea cláir na gCairde, a chumasaíonn do leanaí straitéisí éifeachtacha déileála a fhoghlaim chun déileáil le gach cineál míshuaimhnis mhothúchánaigh a bhainistiú – imní/strus/athrú/buairt. I 2015, sholáthair síceolaithe NEPS oiliúint do 1,000 múinteoir ar fud na tíre.

Seoladh na Treoirlínte Folláine i mBunscoileanna chun Dea-Mheabhairshláinte a Chur Chun Cinn (***Well-Being in Primary Schools Guidelines for Mental Health Promotion)*** i 2015 tar éis próiseas comhchomhairliúcháin idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Sláinte, agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Soláthraítear sna Treoirlínte treoir phraiticiúil ar an tslí ar féidir le bunscoileanna dea-mheabhairshláinte agus folláine a chur chun cinn ar shlí scoile uile, agus tógáil ar an dea-chleachtas atá ann cheana.

Le linn 2015, thug an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais a athbhreithniú ar na treoirlínte do theagmhais chriticiúla chun críche agus foilsíodh iad ar líne mar eolas do na scoileanna; sa nuashonrú bhí eilimint nua ar éifeacht, tionchar agus úsáid na meán sóisialta.

I 2015, bhí NEPS rannpháirteach leis an roinn i dTionscadal Píolótach a fhorbairt don tSamhail Leithdháilte Nua do Mhúinteoirí Acmhainne agus tacaíodh go gníomhach le 47 mbunscoil agus iar-bhunscoile atá páirteach ann. Is é aidhm na scéime píolótaí a chumasú don Roinn agus don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta measúnú a dhéanamh ar an tslí a gcuirtear an tsamhail nua leithdháilte i ngníomh i líon ainmnithe scoileanna. Dearadh é, leis, le cumasú don Roinn dul i mbun oibre i gcomhpháirtíocht leis na scoileanna chun dea-chleachtais a shainaithint in úsáid na n-acmhainní chun torthaí a fheabhsú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus chun treoir deiridh a chur ar fáil do na scoileanna uile chun tacú leis an tsamhail athcheartaithe maidir le hacmhainní teagaisc breise a leithdháileadh ar na scoileanna.

Foilseacháin i 2015:

Well-Being in Primary Schools: Guidelines for Mental Health Promotion (2015)
Well-Being in Primary Schools: Resources for Mental Health Promotion (2015)
Critical Incidents Guidelines and Resource Pack for Schools (update 2015)
NEPS Service explanatory Leaflet for (1) Children and (2) Teenagers

7 Sprioc 4 – Na Córais agus an Bonneagar Ceart a Thógáil

Féachann an Roinn le bonneagar oiriúnach a sholáthar do thimpeallachtaí foghlama ionas go mbíonn teacht ag na foghlaimeoirí uile ar thimpeallacht nua-aimseartha foghlama. Príomhfhócas de chuid na Roinne is ea é cóiríocht a sholáthar chun freastal ar an éileamh ar áiteanna scoile i gceantair ina bhfuil na cláruithe ag dul i méid.

7.1 An Clár Tógála agus Cóiríochta i 2015

Caitheadh €506.5m i 2015 ar bhonneagar scoile. Ar thorthaí na hinfheistíochta seo bhí 50 tionscadal ar an mórchóir a tugadh chun críche, 33 díobh in earnáil na bunscoile agus 17 in earnáil na hiar-bhunscoile. Cuireadh 7,672 áit bhuan scoile ar fáil, arbh áiteanna breise iad 6,048, in 20 bunscoil nua agus 2,100 áit bhuan bhreise i 13 bhunscoil a bhí ann cheana.

San earnáil iarbhunscoile críochnaíodh 7 scoil nua agus 10 méadú mhóra nó tograí athchóirithe in 2015. Leis na tograí seo soláthraíodh 6,580 áit scoile bhuana san iomlán. Áiteanna buana breise ab ea 5,245 díobh. Lena chois sin soláthraíodh áiseanna feabhsaithe do 4,840 scoláire.

Críochnaíodh 179 dtogra faoin Scéim um Chóiríocht Bhreise agus an Tionscnamh um Ionadú Foirgneamh Réamhdhéanta a thugann 5,914 áit scoile bhuana.

7.2 Modheolaíochtaí Difriúla a úsáid chun Mórthionscadail a Thógáil

I bplean cúig bliana na Roinne tá modhanna malartacha chun tograí a sheachadadh, an próiseas

comhpháirtíochta poiblí príobháideach san áireamh. Tá gníomhaireachtaí cosúil le hOifig na nOibreacha Poiblí, na Boird Oideachais agus Oiliúna agus an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Gormáin, mar aon le roinnt údarás áitiúil, ag cabhrú chun 69 tograí móra scoile a sheachadadh.

Ceannaíodh 7 suíomh i 2015. Beifear in ann cóiríocht scoile a chur ar fáil do chúig cinn de bhunscoileanna agus do dhá cheann d'iar-bhunscoileanna le suíomhanna a ceannaíodh i 2015.

7.3 Tionscadail Ardoideachais a Thabhairt chun críche

Caitheamh €52,6m de chaiteachas caipitil ar bhonneagar ardoideachais. Úsáideadh an cistiú chun dul chun cinn a dhéanamh ar roinnt tionscadal ardoideachais, lena n-áirítear comhdhlúthú Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Ghormáin agus Foirgneamh nua Bitheolaíochta Daonna a chur ar fáil ag an gColáiste Ollscoile, Gaillimh. Lena chois sin, leis an gcistiú bhí an Roinn in ann Campas Choláiste na Naomh Uile a cheannach chun cóiríocht a chur ar fáil do na líonta breise mac léinn a eascraíonn as corprú DCU chomh maith le suíomh a cheannach ar son Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Bhí ar chumas na Roinne deontas cineachta a íoc le trí institiúid teicneolaíochta déag na tíre leis an gcistiú seo trínar éirigh leis na hinstitiúidí costais ar raon tionscadal a dhíchur, tionscadail ar nós oibreacha tógála ar an mionchóir, athchóiriú ar shaoráidí agus uasghrádú trealaimh.

7.4 Córais um Bhainistiú Airgeadais, Iniúchadh, Breithmheas agus Bainistiú Sócmhainní a fheabhsú

Tá raon creataí le haghaidh ceapacháin comhairliúcháin i bhfeidhm i gcás tionscadal mór, casta agus práinneach. Ag deireadh 2015 chuir an Roinn tús le cigireachtaí ar 120 scol a raibh cistiú cineachta faighte acu agus a gcuid tionscadal críochnaithe acu féachaint ar rinneadh na hoibreacha de réir threoirlínte na Roinne.

7.5 Meabhrán Tuisceana le hÚdaráis Áitiúla

Lean an Roinn uirthi le linn 2015 ag obair le hoifigigh ar fud earnáil na n-údarás áitiúil chun ceannach láithreacha a chur ar aghaidh i gceantair ábhartha faoin Meamram Tuisceana idir an Roinn agus Comhghrúpa na mBainisteoirí Contae agus Cathrach. Tugann an idirghníomhaíocht a rinneadh mar thoradh ar an Meamram Tuisceana a chur i bhfeidhm cinnteacht níos fearr don Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le torthaí pleanála a bhaineann leis na láithreacha.

7.6 Faisnéis Tionscadail a Fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na Roinne

Foilsítear liostaí tionscadal atá faofa i gcomhair a seachadta ar shuíomh gréasáin na Roinne gach mí. I gcás na dtionscadal mór cuirtear an t-eolas is deireanaí ar dhul chun cinn ar fáil trí chéimeanna éagsúla an phróisis seachadta. I gcás na dtionscadal beag cineachta foilsítear faisnéis tionscadail ar bhonn seachtainiúil ina liostaítear ainm na scoile, cineál an tionscadail agus dátaí na gceaduithe.

7.7 Córas Iarratais Ar Líne do Scéim na nOibreacha Samhraidh

Ceadaíodh 559 iarratas i 2015 faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh agus ceadaíodh 467 iarratas faoi Scéim na nOibreacha Éigeandála.

7.8 Bainistíocht Fuinnimh sna Scoileanna

Tá an Roinn ar cadhnaíochta i ndearadh maidir le héifeachtacht fuinnimh inbhuanaithe i bhfoirgnimh scoile. Leagann ár gcuid Doiciméad Treorach Teicniúla (TGDnna) síos tagarmharc maidir le dearadh inbhuanaithe i bhfoirgnimh scoile i gcónaí. Díríonn siad go soiléir ar éifeachtacht fuinnimh atá á thacú ag clár láidir um thaighde fuinnimh ina bhfuil 47 dtionscadal ag céimeanna éagsúla.

Áiríodh ar na tionscadail seo taighde ar an gcéad ghlúin eile de dhearthaí scoile ísealfuinnimh lena

n-áirítear Tionscadal Tógála Fuinnimh nach n-ídíonn aon fhuinneamh ar bith, ach ar éigean, Tionscadal Choláiste Choilm agus Tionscadal na Scoileanna Neamh-ídítheacha).

Tá ar chumas gach scoile atá tógtha de réir na nDoiciméid Treorach Teicniúla Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) A3 a bhaint amach ar a laghad.

Tríd an gclár Fuinneamh san Oideachas, ar comhpháirtíocht é leis an Údarás um Fhuinneamh Inbhuanaithe na hÉireann, táirgtear ceardlanna oiliúna i mbainistíocht fuinnimh agus seirbhís chomhairle meantóireachta agus measúnaithe do na scoileanna. Mar chuid den chlár seo, tairgeann an tairseach ar líne www.energyineducation.ie dea-chleachtas, comhairle agus cás-staidéir, le 400 scoil go dtí seo a bhí páirteach sa chlár. Téitear i gcomhairle le líonra geallsealbhóirí san earnáil oideachais, lena n-áirítear Bord Oideachais Ard-Sionad Eaglais na hÉireann, Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, Comhchoiste na mBainisteoirí, Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann, Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha, Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta d'Oideachas Speisialta agus Oideachas Le Chéile ar fhorbairt agus ar sheachadadh clár agus cuidíonn siad le cumarsáid leis na ballscoileanna, leis. Is féidir le scoileanna atá páirteach sa Chlár Fuinnimh san Oideachas comhairle phraiticiúil chiallmhar a fháil agus tá airgead á choigilt acu trí bhearta ísealchostais agus bearta glan ar chostas.

7.9 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) sna Scoileanna

7.9.1 Nascacht TFC i mBoird Oideachais agus Oiliúna feabhsaithe trí nascadh le Líonraí Rialtais

Chun riachtanais ghnó na mBord Oideachais agus Oiliúna a chomhlíonadh, ní mór líonra, bonneagar agus nascacht IT oiriúnach don chuspóir a bheith ag gach Bord Oideachais agus Oiliúna. Tá Tionscadal Sholáthar Líonraí Rialtais TFC na mBord Oideachais agus Oiliúna go maith chun cinn. Tá 24 de na 25 suíomh Bhord Oideachais agus Oiliúna nasctha le líonraí Rialtais. Tá tús curtha leis an obair ar naisc don ghrúpa amháin atá fanta.

7.9.2 Straitéis Dhigiteach do na Scoileanna

Díríonn an Clár TFC sna Scoileanna ar an TFC a chomhtháthú leis an teagasc agus an fhoghlaim agus litearthacht dhigiteach na ndaltaí a fhorbairt. Dírítear sa chlár ar cheithre réimse ginearálta arb iad bonneagar agus nascacht riachtanach TFC a sholáthar sna scoileanna, teacht ar nascacht leathanbhanda a thabhairt do na scoileanna, scileanna TFC na múinteoirí a fheabhsú, an TFC a leabú sa churaclam agus inneachar agus bogearraí digiteach atá ábhartha don churaclam a chur ar fáil.

Cloítear le straitéisí trí obair na Roinn agus an PDST, An Teicneolaíocht san Oideachas, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, seirbhísí tacaíochta agus eagraíochtaí ionadacha, mar is cuí.

Sheol an Roinn Straitéis Dhigiteach na Scoileanna 2015-2020, An Teagasc, an Fhoghlaim agus an Mheasúnú a Bhreisiú, i mí Dheireadh Fómhair 2015. Cuireann an straitéis réasúnaíocht ar fáil mar aon le Plean Gníomhaíochta Rialtais chun an TFC a chomhtháthú leis an teagasc, an fhoghlaim agus le cleachtais mheasúnachta sna scoileanna sna cúig bliana atá romhainn. Dírítear sa straitéis ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna agus dearadh na gníomhartha beartaithe chun an TFC a leabú ar shlí níos doimhne ar fud an chórais chun cáilíocht iomlán an oideachais in Éirinn a bhreisiú.

Leagtar amach sa straitéis fís shoiléir chun lánleas a bhaint as féidearthachtaí na dteicneolaíochtaí mar bhreisiú ar an teagasc, ar an bhfoghlaim agus ar an measúnú ionas go mbeidh ag ár ndaoine óga, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu, na scileanna is gá chun bheith lánpháirteach sa tsochaí agus sa gheilleagar, ar theacht amach as an scoil dóibh. Tá an Straitéis bunaithe ar cheithre théama, mar atá: Teagasc, Foghlaim agus Measúnú leis an TFC, Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí, Ceannaireacht, Taighde agus Beartas, Bonneagar TFC.

7.9.3 Leathanbhanda sna Scoileanna

Faoin gClár um Rochtain ar Leathanbhanda sna Scoileanna, soláthraíonn an Roinn le haghaidh soláthar nascachta idirlín i ngach ceann de na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna aitheanta. Tá leathanbhanda ardluais ag formhór na n-iar-bhunscoileanna anois. Sa chlár reatha d'earnáil na mbunscoileanna déanann an Roinn athbhreithniú leanúnach ar a infhaighte atá na seirbhísí agus uasghrádaítear scoileanna nuair is féidir.

Deimhníodh i Straitéis Dhigiteach na Scoileanna, a foilsíodh le deireanas, gealltanas na roinne i leith nascacht fheabhsaithe do bhunscoileanna mar phríomhchuspóir. Maidir leis sin, rachaidh an Roinn i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha chun seirbhísí leathanbhanda breisithe a sholáthar tríd an Straitéis Náisiúnta um Idirghabháil Leathanbhanda.

7.10 Taighde agus Airgeadas Ardoideachais

Leithdháileann an Roinn cistiú athfhillteach ar an Údarás um Ardoideachas le dáileadh go díreach ar na hollscoileanna, na hinstitiúidí teicneolaíochta agus na coláistí ainmnithe. Anuas air sin, maoiníonn an Roinn líon beag institiúidí ardoideachais go díreach.

Caitheadh suas le €293 milliún i 2015 ar chistiú athfhillteach do na hollscoileanna, na hinstitiúidí teicneolaíochta agus na coláistí ardoideachais ainmnithe eile. Áirítear ar an gcistiú seo deontas in ionad costais na dtáillí teagaisc d'fhochéimithe, arbh ionann iad san earnáil iomlán agus €263 mhilliún i mbliain acadúil 2014/15, agus a chlúdaigh 131,000 mac léinn lánaimseartha nó geall leis.

Cuireann an Roinn tacaíocht ar fáil, leis, chun cumais taighde a fhorbairt i raon disciplíní in institiúidí tríú leibhéal trí chaipiteal daonna a mhaoiniú trí Chomhairle Taighde na hÉireann. Is é an soláthar seo, leis, a chuireann bonn faoi ríomh-bhonneagar an chórais taighde. Cuireadh €38 milliún nó geall leis ar fáil i 2015.

7.11 Ceannteidil Bille an Bhille um Rialachas Ardoideachais

Tá soláthar sa Bhille um Ollscoileanna Teicneolaíochta chun athchóiriú ar chomhlachtaí rialachais na nInstitiúidí Teicneolaíochta a chur i ngníomh. Déanfar soláthar i mBille um Athchóiriú Ardoideachais, a bhfoilseofar a Scéim Ghinearálta i 2015, d'athchóiriú chomhlachtaí rialachais na n-ollscoileanna agus d'athchóiriú an Údaráis um Ardoideachas.

7.12 Acht na nOllscoileanna (Leasú)

Leanadh i 2015 den obair ar fhoilsiú Acht na nOllscoileanna (Leasú), le cinntiú go gcomhlíontar treoirlínte an rialtais maidir le luach saothair, liúntais, pinsin agus líon foirne san earnáil ollscoile, le cúnamh ó oifig an Ard-Aighne.

7.13 Ár dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a Fheabhsú

7.13.1 Straitéis TFC 2015-2019

Foilsíodh i 2015 Straitéis TFC na Roinne don tréimhse 2015-2019. Cuirtear i bhfocail sa straitéis seo fís den tslí a bhféadfadh an Roinn leas a bhaint as teicneolaíochtaí reatha chun athrú ó bhun a dhéanamh ar theicneolaíocht an ghó trí sheánra nua seirbhísí digiteacha a sholáthar dár gcustaiméirí. Tógann an straitéis seo ar an bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus ar Straitéis TFC Seirbhíse Poiblí ina suitear an Rialtas Digiteach thart ar chúig cinn de théamaí lárnacha:

- Tóg le Comhroinnt
- Digiteach thar aon ni eile
- Sonraí mar chumasóir
- Rialachas a Fheabhsú
- Cumas a Fheabhsú.

7.13.2 Bunachar Sonraí Bunscoile ar Líne a Fhorbairt (POD)

Tar éis roll amach an POD do bhunscoileanna i 2014, leathnaíodh an POL tuilleadh do scoileanna speisialta i 2015. Cuireadh céimeanna eile de POD i ngníomh i 2015, chun aistriú sonraí daltaí o bhunscoil amháin go bunscoil eile a éascú, m.sh. nuair a bhogann dalta ó scoil amháin go scoil eile, agus soláthar sonraí daltaí ó scoilbhliain amháin go dtí an chéad scoilbhliain eile. Cuireann POD faisnéis ar fáil do na scoileanna agus don Roinn a bheidh mar bhonn le beartas trí anailís staitistiúil agus meastóireacht staitistiúil. Beidh an fhaisnéis a bhailítear trí POD ina bhonn le leithdháileadh múinteoirí agus deontas caipitlithe do scoileanna ó bhliain acadúil 2016/17 ar aghaidh.

7.13.3 Tuilleadh Forbartha ar Bhunachar Sonraí Iar-bhunscoile ar Líne (PPOD)

Cuireadh P-POD ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla do na scoileanna i 2015. Leis na breisithe a rinneadh ar an gcóras, is féidir leis na scoileanna anois earráidí nó sonraí neamhiomlána daltaí a aithint sula ngintear an tuairisceán deiridh daltaí / tuairisceáin Dheireadh Fómhair chuig an Roinn. As sin tharla feabhsú i gcur isteach tráthúil na dtuairisceán agus laghdú ar líon na gceisteanna a ba ghá don Roinn a chur ar na scoileanna.

7.13.4 Uasghrásuithe TFC Inmheánacha na Roinne

Rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadal suntasach lena n-áirítear uasghrádú Oracle agus CorePay a chríochnú faoi lár 2015, mar aon le haistriú na mbunachar sonraí Oracle ó na seanfhreastalaithe AIX chuig na freastalaithe nua Windows. Leanadh den obair ar an mbonneagar TFC a uasghrádú in oifigí réigiúnacha agus áitiúla na Roinne.

7.13.5 Párollaí Fostaithe Scoile

Rinneadh roinnt forbairtí tábhachtacha ar phárollaí na bhfostaithe scoile agus ar an OLCS (Córas na nÉileamh ar Líne) le linn 2015, lena n-áirítear glacadh na n-íocaíochtaí le teagascóirí trí phárollaí na bhfostaithe scoile, íocaíochtaí ar leithligh pá saoire don fhoireann ócáideach, asbhaint bhreoiteacht a bhain le toircheas ó ríomhaireachtaí saoire breoiteachta etc. Cuireadh Samhailteoir Pinsin d'Fhostaithe Scoile ar fáil trí shuíomh gréasáin na Roinne go déanach i 2015.

7.13.6 Achomhairc maidir le Deontais do Mhic Léinn

Cuireadh tús i 2015 leis an bpleanáil chun iarratas ar Achomharc do Dheontais do Mhic Léinn a fhorbairt. Chuaigh Céim 1 i bhfeidhm i 2015 nuair a cuireadh bunachar sonraí achomhairc do dheontais do mhic léinn i ngníomh, trínar féidir sonraí bailíochtaithe a iontráil agus sonraí a asbhaint ar shlí níos éifeachtaí mar fhreagra ar cheisteanna parlaiminte/ceisteanna srl. Le héifeacht ón gcéad bhliain choláiste, beidh achomharcóirí ar mian leo cinntí faoin deontas do mhic léinn a achomharc, in ann iarratas a chur isteach ar líne agus doiciméid tacaíocht a uaslódáil, lena mbreithniú ag an mBord Achomhairc. Déanfar cuid na próisis riaracháin a thacaíonn leis na próisis achomhairc (ar nós fáil an achomhairc a admháil, doiciméid a iarraidh ó SUSI srl.) a uathoibriú mar chuid den iarratas seo, rud a dhéanann an próiseas seo níos éifeachtaí.

7.13.7 An Córas Faisnéise um Bainistíocht Cigireachtaí

Leanadh den obair i 2015 ar fheidhmchlár móibíleach a fhorbairt do chigirí, chun sonraí cigireachta scoile a ghabháil le linn cigireachtaí. Déanfar na sreafaí oibre riaracháin leis na próisis cigireachta scoile a uathoibriú mar chuid den fheidhmchlár seo, a dhéanfaidh an próiseas seo níos éifeachtaí. Cuirfear an Córas Faisnéise um Bainistíocht Cigireachtaí i bhfeidhm i scoilbhliain 2016/17.

7.14 Bainistíochta Sonraí agus Eolais

Is í aidhm na Roinne uasmhéadú a dhéanamh ar úsáid sonraí agus a chumas anailíseach agus taighde a bhreisiú chun tacú le forbairt agus meastóireacht beartas agus seachadadh seirbhíse.
Bunaíodh Aonad Sonraí agus Bainistíocht Eolais i 2015 chun díriú ar Straitéis Sonraí agus clár oibre a chomhordú atá faoi stiúir agus faoi mhaoirseacht an Fhochoiste Bhord Bainistíochta Sonraí,

Meastóireachta & Taighde. Tá sé ceaptha forbairt a dhéanamh ar ról an Aonaid Sonraí agus Bainistíochta Eolais chun feidhm chorparáideach sonraí agus bainistíochta eolais a chur ar fáil.

7.15 Caiteachas na Roinne i 2015

Níor cuireadh aon bhearta nua coigiltis san áireamh agus buiséad na Roinne do 2015 á chinneadh. Ach cuireadh san áireamh ann an tionchar a bhí ag líon beag beart coigiltis a fógraíodh i mbuiséid roimhe seo. Rinneadh soláthar sa leithdháileadh do mhéadú de 1,400 ar líon na múinteoirí mar fhreagra ar bhrúnna déimeagrafacha agus ar an éileamh ar mhúinteoirí breise acmhainne agus ar 365 Cúntóir Riachtanas Speisialta breise (méadaíodh líon na gCúntóirí Riachtanas Speisialta de 610 eile mar fhreagra ar éileamh). Rinneadh soláthar, leis, le haghaidh tionscnaimh chun tacú le leathnú eile a dhéanamh ar scéimeanna na leabhar ar cíos chun gach bunscoil a chlúdach, an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta a chur ar fáil, an tSraith Shóisearach a athchóiriú, leathanbhanda ardluais a sholáthar d'iar-bhunscoileanna agus tacaíocht don Tionscadal Giniúna an Cheoil. Cuireadh cistiú ar fáil, leis, chun cigirí breise do shuíomhanna oideachais Luathbhlianta a earcú. Ba é fócas an chaiteachais chaipitil i gcónaí buan-áiteanna breise a sholáthar chun éileamh déimeagrafacha ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile araon a chomhlíonadh.

Aontaíodh meastachán forlíontach caiteachais de €175 mhilliún don Roinn do 2015, chun costais mhéadaithe pinsin a chlúdach, den chuid is mó, mar aon le híocaíochta tacaíochta do mhic léinn agus caiteachas caipitil ar scéim Oibreacha Samhaidh na Scoileanna. Sa ghlanchaiteachas sealadach vótáilte de €8.178 mbilliún, bhí €9m nár caitheadh as an leithdháileadh iomlán de €8.187 mbilliún, agus an meastachán sealadach san áireamh.

7.16 Monatóireacht a dhéanamh ar Chórais agus Próisis na Roinne

Tá an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí ag an Roinn freagrach as cinnteacht a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir lena leordhóthanaí, a éifeachtaí agus a éifeachtúla atá próisis na Roinne chun riosca a bhainistiú, um chórais rialaithe inmheánaigh agus um rialachas.

Cinntíonn an tAonad um Rialú Airgeadais de chuid Ciste Sóisialta na hEorpa go gcomhlíonann Éire riachtanais rialála an Aontais Eorpaigh i ndáil le hiniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa, cuireann sé chun cinn dea-chleachtas i mbainistiú, rialú agus iniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa in Éirinn agus cinntíonn sé go ndéantar iniúchtaí de réir caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta d'fhonn tuarascálacha ardcháilíochta atá cothrom cóir a chur ar fáil.

Ullmhaítear cláir iniúchóireachta bliantúla faoi choimirce an Choiste Iniúchóireachta agus tuairiscíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta an Chiste Shóisialta araon don gCoiste faoi sheoladh na gclár agus críochnú na dtuarascálacha iniúchóireachta. Tugadh ocht dtuarascáil san iomlán chun críche in 2014 agus déanann an dá réimse rianú, ar bhonn ráithiúil, ar an dul chun cinn ar chur i ngníomh na moltaí a eascraíonn ó thuarascálacha iniúchóireachta.

7.17 Acmhainní Daonna

Tacaíonn an Roinn athchóiriú na seirbhíse poiblí ar shlite éagsúla, trí mar shampla soláthar foirne níos lú, athshannadh baill foirne chuig réimsí ina raibh géarghá leo de réir mar ba ghá, ar bhonn sealadach agus ar bhonn buan, le seachadadh leanúnach na bpríomhsheirbhísí a chinntiú.
Comhoibríonn an Roinn leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le forbairtí sa phróiseas Pleanála Lucht Saothair agus i gcomhordú gníomhaíochtaí faoi Athnuachan na Státseirbhíse lena n-áirítear Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe, suíomh gréasáin Whodoeswhat agus na Duaiseanna um Fheabhas sa Státseirbhís.

7.17.1 Earcú

Tar éis cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil i 2014 thosaigh an tAonad Acmhainní Daonna ar phainéil inmheánacha a chur ar bun thar na gráid riaracháin go léir den chéad uair ó tugadh isteach an moratóir ar earcaíocht agus ardú céime. Le linn 2014 bunaíodh painéal do Phríomhoifigigh mar aon le painéil d'Oifigigh Fheidhmiúcháin agus d'Oifigigh Foirne.

Fuair an Roinn cead tarmligthe i Samhain 2015 chun foireann a earcú agus a chur ar aghaidh suas go dtí leibhéal an Phríomhoifigigh an leibhéal sin san áireamh faoi réir roinnt coinníollacha agus go háirithe, laistigh den tsíleáil fhoriomlán pá.

7.17.2 Oiliúint agus Forbairt Foirne

Éascaíodh an oiliúint i réimsí ar nós bainistíocht tionscadal, IT, rialachas agus ullmhúchán d'Fheabhsú an Phróisis Ghnó chomh maith le hoiliúint bhainistíochta a cuireadh ar fáil chun an cumas a bhreisiú chun na dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh trí dheiseanna oiliúna a chur ar fáil d'ardbhainisteoirí agus do bhainisteoirí láir.

De bhreis air seo cuireadh oiliúint shainoiriúnaithe ar fáil don gCigireacht, don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus don Aonad IT, chun freastal ar a gcuid sainriachtanais ghairme agus sainriachtanais oiliúna teicniúla.

7.18 Comhaontú Bhóthar Haddington

Thángthas ar chomhaontú le ceardchumainn na seirbhíse poiblí i mBealtaine 2015 i dtaca le síneadh dhá bhliain ar Chomhaontú Bhóthar Haddington (ar a dtabharfar Comhaontú Bhóthar Lansdowne). I ndáiríre, leanfaidh Comhaontú Bhóthar Haddington ar aghaidh anois go dtí Meán Fómhair 2018. D'eagraigh roinnt ceardchumann san earnáil oideachais ballóidí dá mbaill agus ghlac le moltaí, lena n-áirítear Cumann na Múinteoirí Éireann, IMPACT, Cónaidhm na Múinteoirí Ollscoile agus SIPTU, agus ina dhiaidh sin d'ullmhaigh agus d'eisigh an Roinn seo ciorcláin chun éifeacht a thabhairt don síneadh sin. Faoi dheireadh na bliana, bhí ceardchumainn áirithe ann nach raibh Comhaontú Bhóthar Lansdowne glactha nó diúltaithe acu.

7.19 Pleanáil Ghnó

Tá próiseas bliantúil pleanála gnó na Roinne ríthábhachtach ó thaobh a cuid spriocanna a bhaint amach in am trátha. Gach bliain, iarrtar ar ranna na tascanna criticiúla don bhliain dar gcionn a shainaithint, ag tagairt do dhoiciméid ar nós ár Ráiteas Straitéise agus chun pleanáil faoi choinn a gcur i ngníomh tríd an bpróiseas pleanála gnó. Le cois tascanna criticiúla a shainaithint, soláthraíonn an próiseas pleanála gnó deis don fhoireann smaoineamh ar fheabhsuithe ar an bpróiseas gnó agus ar phleanáil an luchta saothair as a leanann éifeachtúlacht agus éifeachtacht níos mó ó thaobh costais agus feabhas ar sheirbhísí do chustaiméirí, ar príomheilimintí iad uile de Phlean an Rialtais um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí.

7.20 Feabhsú an Phróisis Ghnó

Rinneadh tuilleadh forbartha ar chur chuige struchtúrach i leith próisis ghnó a shruthlíniú agus a fheabhsú. Chuige seo baineadh úsáid as an modheolaíocht Lean Six Sigma um Fheabhsú Próiseas Gnó i 2015. Rinneadh ceithre thionscadal nua thar an Roinn san Aonad Tógála, sa Rannóg Ardoideachais, sa Chigireacht agus san Aonad Airgeadais. Cuireadh oiliúint faoi na huirlisí agus teicníochtaí próisis ar na foirne tionscadail ina raibh baill foirne laistigh den aonad gnó lena mbaineann, agus tugadh na scileanna dóibh chun athrú san ionad oibre a bhainistiú. De bhreis air seo fuair baill foirne oiliúint le linn na dtionscadal.

7.21 Foramharc ar Úsáid Fuinnimh na Roinne i 2016 agus na Gníomhartha atá Beartaithe do 2016

Tá bearta á ndéanamh ó 2011 i leith chun deireadh a chur le cur amú fuinnimh agus chun

éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn sa Roinn. Dírítear an feachtas ar ár bpríomhshuíomhanna i mBaile Átha Cliath, Baile Átha Luain agus i dTulach Mhór.

Ar na bearta a rinneadh i 2015, bhí:

- Suiteáladh braiteoirí solais in áiteanna foirne i dTulach Mhór agus i mBaile Átha Luain.
- amadóirí plugála isteach ar choirí uisce óil i mBaile Átha Luain
- laghdú ar mhéid na seomraí cumarsáide i mBaile Átha Luain chun airgead a choigilt tríd an méid spáis atá le fuarú ar an aonad aerchóirithe a laghdú
- fo-mhéadair leictreachais suiteáilte sna trí fhoirgneamh i mBaile Átha Luain
- aonad aerchóirithe nua a shuiteáil sa seomra cumarsáide agus na fuinneoga aneas a imriú chun an gá le fuarú an teochta aeir a laghdú
- doras uathoibrithe a shuiteáil san fhorhalla

Dul chun cinn in ídiú fuinnimh go dtí seo:

Bliain	Iomlán na kWh a ídíodh	Dul chun cinn go dtí seo
2009	19,465,880.59	Bonnlíne
2010	19,738,612.41	1.4 % os cionn na bonnlíne
2011	18,931,538.44	2.75% faoi bhun na bonnlíne
2012	18,624,536.99	4.32% faoi bhun na bonnlíne
2013	17,739,371.02	8.8% faoi bhun na bonnlíne
2014	16,715,580.18	14% faoi bhun na bonnlíne
2015	15,847,231.28	19% faoi bhun na bonnlíne
2020	SPRIOC = 13,042,140.00	SPRIOC = 33% faoi bhun na bonnlíne

Taispeántar sa tábla thíos caiteachas na Roinne ar fhuinneamh i 2015.

Caiteachas na Roinne ar fhuinneamh i 2015	
Leictreachas	€425,039
Gás	€131,518
Gás peitriliam leachtach agus Ola	€21,936
Iomlán	€578,493 (CBL san áireamh)

7.22 Aguisín A – Cairt na hEagraíochta – Nollaig 2015


Secretary General
Seán Ó Foghlú
Internal Audit Unit/
ESF FCU UNIT
Asst. Secretary
Peter Baldwin
Asst. Secretary
Gary Ó
Donnchadha
Asst. Secretary
Ruth Carmody
Deputy Secretary
Mary Doyle
Asst. Secretary
Martin Hanevy
Asst. Secretary
Michael Keogh
Asst. Secretary
Alan Wall
Asst. Secretary
Dalton Tattan
Asst. Secretary
Kevin Mc Carthy
Chief Inspector
Harold Hislop
ESF/ EGF Policy
and Operations
Further Education
and Training.
NDP/EU Structural
Funds
HEI and FET
Employer
Engagement
project
Curriculum and
Assessment
Unit
Teacher Education
and ICT Policy
Early Years
Education
Central Policy
Unit/Legal
Services
Public Service
Reform (PSR)
Programme Office
Statistics
ETB/SOLAS
Project
Management
Office
Data and
Knowledge
Management Unit
Higher Education
Equity of Access
and Qualifications
Higher Education
Policy and Skills
Higher Education
Research and
Funding
International/North
South
Financial and ETB
Financial/
Administrative
Personnel
Parents, Learners
and Database Unit
Teacher Allocation
and School
Governance
Policies
Corporate
Services
Finance Unit
IT Unit
HR Unit
Payroll
Pensions
Planning &
Building Unit
NEPS
Residential
Institutions
Redress Unit
Special Education
Mulkerrins
Social Inclusion
Teachers,
Education and ICT
Policy
External HR
School Transport
Deputy Chief
Inspector
Asst. Chief
Inspectors
Evaluation,
Support and
Research
School
Improvement and
Quality
Curriculum
Assessment and
Literacy and
Numeracy

Aguisín B - Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne

Comhlachtaí Neamhthráchtála faoina Coimirce
➔ An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) ➔ An Foras Taighde ar Oideachas ➔ An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas ➔ An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CMCM) ➔ Coimisiún na Scrúduithe Stáit ➔ An Chomhairle Mhúinteoireachta ➔ An Coimisiún um Mí-úsáid Leanaí a Fhiosrú (CICA) ➔ An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe (RIRB) ➔ An Coiste um Athbhreithniú ar Institiúidí Cónaithe (RIRC) ➔ Baill Chiste Reachtúil na nInstitiúidí Cónaithe (RISF) Caranua ➔ An Chomhairle Náisiúnta d'Oideachas Speisialta (NCSE) ➔ Comhairle Taighde na hÉireann ➔ An tÚdarás um Ardoideachas ➔ Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ➔ Léargas - An Biúró Malartuithe ➔ Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin ➔ An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) ➔ Skillnets Ltd

Gheofar tuilleadh faisnéise ar ár ngníomhaireachtaí lena n-áirítear sonraí teagmhála agus sonraí broid ar ár suíomh gréasáin www.education.ie tríd an nasc seo a leanas: Gníomhaireachtaí

Aguisín C – Naisc Dhíreacha chuig ár Suíomh Gréasáin **www.education.ie**

Faisnéis Staidrimh	http://www.education.ie/en/Publications/Statistics/
Tuairiscí ón gCigireacht	http://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/
Reachtaíocht Oideachais	http://www.education.ie/en/The-Education-System/Legislation/Education-Legislation.html
Gach Foilseachán	http://www.education.ie/en/Publications/
Ciorcláin agus Foirmeacha	http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/
Oideachas Speisialta	http://www.education.ie/en/The-Education-System/Special-Education/
Dearadh Scoileanna	http://www.education.ie/en/School-Design/
Preas agus Imeachtaí	http://www.education.ie/en/Press-Events/
Seirbhísí agus Faisnéis do Thuismitheoirí	http://www.education.ie/en/Parents/
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	Nasc chuig NEPS Link
Seirbhísí agus Oideachas d'Fhoireann Oideachais	http://www.education.ie/en/Education-Staff/
Seirbhísí agus Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí	http://www.education.ie/en/Learners/